



Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



2015



Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council

“Is é ár misean ceannaireacht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil an chontae agus seirbhís den scoth a chur ar fáil ag an leibhéal áitiúil.

Bainfidh an Chomhairle úsáid as na hacmhainní ar fad atá aici agus oibreoidh sí i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile chun na heasnamh sa bhonneagar atá ina constaicí i mbealach forbairt gheilleagrach an chontae a shárú.

Tá an Chomhairle tiomanta do phobail láidre inbhuanaithe a chruthú a bhfuil oideachas agus deiseanna fostaíochta níos fearr le fáil iontu do chách.

Cuirfidh muid Contae Loch Garman chun cinn mar áit le cuairt a thabhairt air agus infheistíocht a dhéanamh ann”.

Oifigí agus Uaireanta Oscailte



CEANNCHEATHRÚ
Halla an Chontae
An Charraig Leathan
Loch Garman
Y35 WY93

Teileafón: **053 91 96000** R-phost: postmaster@wexfordcoco.ie Suíomh Gréasáin: www.wexfordcoco.ie

GNÁTHUAIREANTA OIFIGE

9.00 A.M. – 5.00 P.M.

CEANTAR BUIRGE LOCH GARMAN

Bóthar an Spá, Loch Garman
Y35 FPC2
Teil: 053 91 66900
wexfordborough@wexfordcoco.ie

CEANTAR BARDASACH INIS CÓRTHAIDH

Cearnóg an Mhargaidh, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
Y21 W2V4
Teil: 053 92 33540
enniscorthy@wexfordcoco.ie

CEANTAR BARDASACH GHUAIRE

Cearnóg an Phobail, An Ascaill,
Guaire, Co. Loch Garman
Y25 V1W5
Teil: 053 94 83800
gorey@wexfordcoco.ie

CEANTAR BARDASACH ROS MHIC THRIÚIN

Halla an Bhaile, Ros Mhic Thriúin,
Co. Loch Garman
Y34 CF64
Teil: 051 421284
newross@wexfordcoco.ie

OIFIG CHEANTAR INIS CÓRTHAIDH

Machinery Yard, Seanbhóthar
Bhaile Átha Cliath, Inis Córthaidh,
Co. Loch Garman Y21 YY04
Teil: 053 92 32300

OIFIG AN CHEANTAIR ROS MHIC THRIÚIN

37 An tSráid Theas, Ros Mhic Thriúin,
Co. Loch Garman
Y34 YW84
Teil: 051 421300

COMH-IOSTA LOCH GARMAN

Eastát Tionsclaíochta an Mhuilinn Bháin, Loch Garman.
Y35 FT89
Teil: 053 91 96340

SEIRBHÍS TAOBH AMUIGH D'UAIREANTA OIFIGE – ÉIGEANDÁLAÍ AMHÁIN – 1890 666 777

DUMPÁIL NEAMHDHLEATHACH

Uimhir Shaorghlao:

1800 DUMPED (1800 386733)

BRIOGÁID DÓITEÁIN – GACH AONAD

999 nó 112



Clár Ábhair

Réamhrá

Oifigí agus Uaireanta Oscailte 2
Réamhrá an Chathaoirligh 4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 5

Comhaltaí Tofa

Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman 6
Coistí & Cruinnithe na Comhairle 8
Ballraíocht i gComhlachtaí Eile 10
Freastal ar Chúrsaí Oiliúna agus Costais Chomhaltaí 11
Comhdhálacha a Rinneadh Freastal orthu in 2015 12

Ceantair Bhardasacha

Ceantar Buirge Loch Garman 15
Ceantar Bardasach Inis Córthaidh 19
Ceantar Bardasach Ghuaire 28
Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin 35

Seirbhísí Tithíochta 43

Seirbhísí Bóithre 55

Seirbhísí Uisce 61

Seirbhísí Forbartha Bainistíochta 65

Seirbhísí Comhshaoil 81

Seirbhísí Fóillíochta agus Taitneamhachta 93

Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas 101

Seirbhísí Éagsúla 105

Achoimre Cuntais Dheiridh 2015 120

Réamhrá an Chathaoirligh

Ba mhór an onóir dom é bheith i m'ionadaí do mhuintir Loch Garman i rith mo thréimhse mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Loch Garman. Tá freagracht, roinnt mhaith éilimh agus ionchais phobail ag baint le post an Chathaoirligh agus ba dhíol mórtais dom an deis a bheith agam ceannaireacht a thabhairt do mo Chomh-Chomhairleoirí agus muid ag obair i gcuideachta leis an bPríomhfheidhmeannach agus a fhoireann i rith 2015.

Ba bhliain iontach í, le roinnt mhaith dul chun cinn déanta maidir le go leor polasaithe, tionscadal agus tionscnamh. Ba í 2015 an chéad bhliain inar cuireadh i bhfeidhm an struchtúr nua rialtas áitiúil tar éis díscáileadh údaráis bhailte Chontae Loch Garman agus le bunú Chomhairle Chontae Loch Garman mar an t-aon údarás áitiúil amháin sa chontae ar fad. Chuir an Chomhairle béim ar leith ar chinntiú go leanfar ar aghaidh ag cur ar fáil na hionadaíochta den scoth a rinne na húdaráis bhaile sin le níos mó ná 100 bliain agus ar chinntiú go dtreiseoidh agus go bhfásfaidh an ionadaíocht seo faoi struchtúr nua na gCeantar Bardasach.

Is ionadaithe do pháirtithe polaitíochta éagsúla cuid den 34 chomhalta de Chomhairle Contae Loch Garman agus is comhaltaí neamhspleácha cuid eile acu. Is é post an Chathaoirligh cinntiú go mbíonn deis chóir ag gach comhalta páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí, a dtuairimí a nochtadh agus ionadaíocht a dhéanamh dá dtoghthóirí, agus cinntiú ag an am céanna go mbíonn torthaí chruinnithe na Comhairle, ó thaobh na polasaithe a ghactar leo agus na cinntí a dhéantar, go mbíonn siad ciallmhar, praiticiúil agus, thar aon ní eile, chun tairbhe Loch Garman.

Léirigh mo chomh-chomhaltaí tofa ceannaireacht agus misneach den scoth i Seomra na Comhairle, ag tabhairt tosaíocht do Loch Garman i gcónaí agus iad ag plé ceisteanna agus ag cur le chéile polasaithe. Ba mhór an onóir dom bheith i gceannas orthu, agus is díol mór mórtais dom na rudaí atá bainte amach againn go dtí seo agus muid ag obair le chéile ar son tairbhe an chontae agus a mhuintir iontach.

Mar ní neart go cur le chéile.



An Comhairleoir Tony Dempsey
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí feidhmíocht an-láidir ag Comhairle Contae Loch Garman ina réimsí seirbhíse ar fad sa bhliain 2015. Rinneadh dul chun cinn i roinnt tionscnamh iontach, agus cuireadh feabhas suntasach ar staid airgeadais ghinearálta na Comhairle, ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh in 2014.

Tá mé sásta, ach go háirithe, go bhfuil roinnt mhaith dul chun cinn déantar againn i dtaobh ceann dár gcuspóirí corparáideacha is tábhachtaí - tuilleadh deiseanna postchruthúcháin a chur ar fáil ar fud an chontae. Áirítear leis an dul chun cinn seo seilbh a fháil ar thalamh i mBaile Loch Garman chun páirc ghnó a fhorbairt, comhpháirtíocht phoiblí/phríobháideach a fhorbairt ar mhaithe le mol TF a chruthú i nGuaire, le béim ar leith ar fhorbairt áiseanna oifige den chineál céanna in Inis Córthaidh agus i Ros Mhic Thriúin.

Tá forbairt agus fás gheilleagrach aon réigiún contae ag brath ar líonra bóithre nua-aimseartha agus iontaofa a thugann rochtain éasca isteach agus amach as lárionaid dhaonra. Ina thaobh seo, tá áthas orm go bhfuil an obair tosnaíthe ar sheachbhóithre mhótarbhealach Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh agus tá mé cinnte, nuair a chríochnófar iad, go mbeidh tionchar dearfach ag na forbairtí tábhachtacha straitéiseacha seo ar gheilleagar Loch Garman sna blianta atá amach romhainn. Rinneadh roinnt mhaith dul chun cinn freisin sna réimsí seirbhíse dúshlánacha ar nós na tithíochta, an bhonneagair uisce, na heastáit thithíochta neamhchríochnaithe, agus sa bhforbairt turasóireachta.


Tá obair Choiste Forbartha Áitiúil Loch Garman tar éis tosnú, agus ceann de na chéad tasc a bheidh le comhlíonadh aige ná Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur le chéile. Is éard a bheidh sa doiciméad seo ná treochlár don todhcháí, ag leagan amach conas ar féidir leis an gComhairle idirghníomhú le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt phobail, chomh maith le deiseanna, cuspóirí agus gníomhartha a shainaithint a thacaíonn le forbairt gheilleagrach. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis na comhaltaí tofa chun cuspóirí an phlean seo a bhaint amach, agus cabhrú le Comhairle Contae Loch Garman naisc níos dlúithe a thógáil leis an bpobal.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil do na comhaltaí tofa as a gcomhairle agus a gcabhair luachmhara agus comhghairdeas a dhéanamh leo as an tacaíocht iomlán agus daingean a thug siad do Loch Garman le bliain anuas. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann na Comhairle. Bhí a ndílse agus a dtiomantas dá bhfostóir agus dá gcontae mar chuid lárnach den rath a bhí orainn seirbhísí éagsúla na Comhairle a chur ar fáil agus a fheabhsú do mhuintir Loch Garman.



An tUasal Tom Enright
Príomhfheidhmeannach

Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman 2015



34 Comhalta i 4 Cheantar

CEANTAR BUIRGE LOCH GARMAN



An Comhairleoir Deirdre Wadding
An Comhaontas Pobl
seachas Brabús



An Comhairleoir Fergie Kehoe
Fianna Fáil



An Comhairleoir Frank Staples
Fine Gael



An Comhairleoir Anthony Kelly
Sinn Féin



An Comhairleoir Ger Carthy
Neamhpháirtí



An Comhairleoir George Lawlor
Páirtí an Lucht Oibre



An Comhairleoir Jim Moore
Fine Gael



An Comhairleoir Davy Hynes
Neamhpháirtí



An Comhairleoir Tony Dempsey
Fianna Fáil



An Comhairleoir Mick Roche
Sinn Féin

CEANTAR BARDASACH INIS CÓRTHAIDH



An Comhairleoir James Browne
Fianna Fáil



An Comhairleoir John O' Rourke
Neamhpháirtí



An Comhairleoir Kathleen Codd-Nolan
Fine Gael



An Comhairleoir Oliver Walsh
Fine Gael



An Comhairleoir Keith Doyle
Fianna Fáil



An Comhairleoir Paddy Kavanagh
Fine Gael



An Comhairleoir Johnny Mythen
Sinn Féin



An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy
Fianna Fáil

CEANTAR BARDASACH ROS MHIC THRIÚIN



An Comhairleoir Larry O' Brien
Fine Gael



An Comhairleoir Michael Whelan
Fianna Fáil



An Comhairleoir Oisín O' Connell
Sinn Féin



An Comhairleoir Martin Murphy
Neamhpháirtí



An Comhairleoir Michael Sheehan
Fianna Fáil



An Comhairleoir Willie Fitzharris
Fine Gael



An Comhairleoir Anthony Connick
Neamhpháirtí



An Comhairleoir John Fleming
Fianna Fáil

CEANTAR BARDASACH GHUAIRE



An Comhairleoir Mary Farrell
Neamhpháirtí



An Comhairleoir Anthony Donohoe
Fine Gael



An Comhairleoir John Hegarty
Fine Gael



An Comhairleoir Malcolm Byrne
Fianna Fáil



An Comhairleoir Robert Ireton
Páirtí an Lucht Oibre



An Comhairleoir Joe Sullivan
Fianna Fáil



An Comhairleoir Fionntán Ó Súilleabháin
Sinn Féin



An Comhairleoir Pip Breen
Fianna Fáil

Coistí & Cruinnithe na Comhairle 2015 – Comhaltaí Tofa

Teideal	Aidhm	Líon na gComhaltaí Tofa	Líon na gCruinnithe a Eagraíodh i rith 2015
Grúpa Beartais Chorporáidigh (CPG)	Gníomhú mar mhion-chomh-aireacht do ghnó na Comhairle, ceangail a bhunú idir obair Choistí um Beartais Straitéiseacha (SPCnna) éagsúla agus an obair sin a chomhordú, agus fóram a chur ar fáil inar féidir dearcthaí faoi pholasaithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gComhairle ar fad a phlé agus teacht ar chomhaontú faoi mholtaí atá le cur faoi bhráid na Comhairle iomlán	7	11
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht, Pobal agus Comhshaol	Polasaithe maidir le feidhmeanna Chomhairle Contae Loch Garman a leagan amach, a fhorbairt agus a athbhreithniú agus comhairle a thabhairt don Chomhairle dá réir sin	14	6
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le hlompar agus Seirbhísí Uisce		11	2
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht		18	5
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil agus Rialú Foirgníochta		9	3
Coiste Comhairliúcháin um (Chóiríocht) Thaistealaithe Áitiúla	Comhairle a thabhairt maidir le hullmhúchán agus cur i bhfeidhm aon chlár cóiríochta do cheantar feidhmeach an údaráis cheapacháin lena bhaineann sé	13	3
Coiste Iníúcháireachta	- Cleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais na Comhairle a athbhreithniú - Forbairt na gcleachtas is fearr sa bhfeidhm iniúcháireachta inmheanaí a chur chun cinn - Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais na Comhairle agus tuairisc a thabhairt don údarás sin faoi na torthaí - Éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheas agus a chur chun cinn - Córais bhainistithe riosca atá á fheidhmiú ag an údarás áitiúil a athbhreithniú	5	4

Cruinnithe Chomhairle Contae Loch Garman + Comhaltaí na gCeantar Bardasach

Comhlacht	Líon na gCruinnithe a Eagraíodh in 2015
Comhairle Contae Loch Garman	15
Ceantar Bardasach Inis Córthaidh	12
Ceantar Bardasach Ghuaire	12
Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin	12
Ceantar Buirge Loch Garman	20

Teideal	Aidhm	Líon na gComhaltaí Tofa	Líon na gCruinnithe a Eagraíodh i rith 2015
Ar lean. Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC)	- Is orthu go príomha atá an fhreagracht maidir le comhordú, rialú, pleanáil agus maoirseacht an chaiteachais ar fhorbairt áitiúil, cé acu na húdaráis áitiúla nó na gníomhaireachtaí agus struchtúir forbartha áitiúla thar ceann an Stáit atá ag déanamh an chaiteachais sin - Cur chuige níos soiléire a bheith ann maidir le cur i bhfeidhm chlár agus idirghabhálacha forbartha pobail, chun cur chuige comhtháite i dtaca le seirbhísí pobail áitiúla agus le forbairt pobail áitiúil idir soláthraithe agus struchtúir soláthair a chinntiú - Cur chuige a fhorbairt a leagan béim ar fhoghlaim agus aiseolas chun na naisc idir chleachtas agus forbairt beartais a fheabhsú - Breathnú ar dheiseanna maoinithe sa réimse agus na deiseanna sin a thapú, cé acu an Státchiste, an AE, foinsí príobháideacha nó foinsí eile atá i gceist	17	11
Comhchoiste Póilíneachta	Comhairliúchán, comhoibriú agus sineirge níos fearr a fhorbairt faoi cheisteanna póilíneachta agus coire idir An Garda Síochána, Comhairle Contae Loch Garman agus a comhaltaí tofa, agus na hearnálacha pobail agus deonacha	15	4
An Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe	Monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm polasaithe maidir leis an gclár uisce tuaithe atá déabhlóidithe go háitiúil	11	3
Grúpa Beartais Chorporáidigh	Ceangail a bhunú idir obair Choistí um Beartais Straitéiseacha (SPCnna) éagsúla agus an obair sin a chomhordú, agus fóram a chur ar fáil inar féidir dearchtaí faoi pholasaithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gComhairle ar fad a phlé agus teacht ar chomhaontú faoi mholtaí atá le cur faoi bhráid na Comhairle iomlán. Gníomhaíonn an Grúpa Beartais Chorporáidigh mar mhion-chomh-aireacht do ghnó na Comhairle agus faigheann sé tacaíocht ó phríomhfheidhmeannach na cathrach/an chontae	7	11



Ballraíocht i gComhlachtaí Eile – Comhaltaí Tofa

Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	An Comhairleoir J. Browne/An Comhairleoir M. Byrne/ An Comhairleoir L. O'Brien
Coiste Shéadchomhartha Brown Clayton	An Comhairleoir J. Fleming/An Comhairleoir L. O'Brien
Coiste REDZ Bhun Clóidí	An Comhairleoir B. A. Murphy
Waterworld Bhaile na Cúirte	An Comhairleoir M. Farrell/An Comhairleoir J. Sullivan
Iontaobhas Dhaingean Dhún Canann	An Comhairleoir M. Murphy/An Comhairleoir W. Fitzharris
Bord Oideachais agus Oiliúna	An Comhairleoir B. A. Murphy/An Comhairleoir M. Farrell/An Comhairleoir K. Codd Nolan An Comhairleoir M. Byrne/An Comhairleoir J. Moore/An Comhairleoir G. Carthy/An Comhairleoir F.Ó'Suilleabháin
Athenaeum Inis Córthaidh	An Comhairleoir P. Kavanagh/An Comhairleoir J. Browne
Aonach Sú Talún Inis Córthaidh	An Comhairleoir B. A. Murphy
Caisleán Fhíodh Ard	An Comhairleoir M. Whelan/An Comhairleoir M. Murphy
Holmestown Environmental Coiste Monatóireachta	An Comhairleoir P. Bree/An Comhairleoir O. Walsh
Hook Heritage Teo	An Comhairleoir L. O'Brien/An Comhairleoir M. Whelan/ An Comhairleoir M. Murphy
An Pháirc Oidhreachta Náisiúnta Éireannach	An Comhairleoir B. A. Murphy
Comhar-Árachais Comhairlí Éireann	An Comhairleoir J. Browne
Iontaobhas JFK	An Comhairleoir W. Fitzharris
Cumann Bhall na nÚdarás Áitiúil	An Comhairleoir P. Kavanagh
Ionad Náisiúnta 1798	An Comhairleoir J. Mythen/An Comhairleoir J. Browne
New Ross Coarse Angling Ltd	An Comhairleoir L. O'Brien
New Ross Sport & Leisure Ltd	An Comhairleoir A. Connick/An Comhairleoir J. Fleming
An Tionól Réigiúnach	An Comhairleoir P. Breen/An Comhairleoir L. O'Brien/ An Comhairleoir O. Walsh
An Fóram Sláinte Réigiúnach	An Comhairleoir J. Sullivan/An Comhairleoir J. Browne/ An Comhairleoir F. Staples/An Comhairleoir G. Lawlor
Iontaobhas Oidhreachta Loch Garman	An Comhairleoir B. A. Murphy
Wexford Monument Trust Ltd	An Comhairleoir J. Fleming/An Comhairleoir L. O'Brien

Cúrsaí Oiliúna a Rinneadh Freastail orthu & Speansas 2015 – Comhaltaí Tofa

Cúrsaí Oiliúna a Rinne Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman Freastail orthu in 2015		
Cúrsaí Oiliúna a d'fhreastail Comhaltaí orthu (Teideal)	Soláthraí Oiliúna	Líon na nIonadaithe ag an Imeacht Oiliúna
Módúil 1 Oiliúint AILG i Rialú Údaráis Áitiúla (Cuid 1)	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	2
Acht na gCuideachtaí 2014	n/b	1
Seimineár Oiliúna Earraigh LAMA	Cumann Bhall na nÚdarás Áitiúil	5
Oiliúnt "In-Seirbhíse" AILG	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	6
Comhdháil Oiliúna LCDC		1
Módúil Oiliúna 3 "In-Seirbhíse" AILG – LCD & LCDC	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	5
Oiliúint AILG – Airgeadas & Tithíocht Údaráis Áitiúil	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	6
Rialacháin Pleanála & Tógála	n/b	5
An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015	n/b	1
An Bille um Pleanáil & Fhorbairt (Uimh. 2) – Oifig an Rialtóra Pleanála	n/b	2
An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015	n/b	1
Seimineár Oiliúna Fómhair LAMA – An tAcht um Brústocaireacht – na hImpleachtaí do Chomhairleoirí	Cumann Bhall na nÚdarás Áitiúil	3
Módúil Oiliúna 5 "In-Seirbhíse" AILG – Bóithre Iompar & Sábháilteacht – Lá Oiliúna	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	1
Rialacháin Rialaithe Foirgníochta (Leasú)	n/b	1
Oiliúnt AILG – Módúil 6 – Dabhcha Séarachais Screamhuisce & Truailliú Uisce & an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	4
Oiliúnt AILG – Módúil 6 – Dabhcha Séarachais Screamhuisce & an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015	Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	1
An tAcht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015	n/b	2
Buiséad Údarás Áitiúil	n/b	1

Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Loch Garman - Speansais Thabhairte - 2015

Costais Taistil agus Cothabhála		Táillí Comhdhála (Íochta don Soláthraí Comhdhála)	Táillí Oiliúna (Íochta don Soláthraí Oiliúna)	Speansais Eile	Liúntas Fón Póca	Liúntais do Chathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha	Iomlán
Laistigh den Stát	Lasmuigh den Stát						
€210,665.77	€11,949.92	€5,282.52	€31,285.36	€732.22	€6,955.11	€6,000	€266,870.90

Comhdhálacha a Rinneadh Freastail orthu – Comhaltaí Tofa

Comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí den chineál céanna a rinneadh freastail orthu	Aidhm an Imeachta	Laistigh nó Lasmuigh den Stát	Líon na nIonadaithe a d'Fhreastail
Straitéis Foirgníochta an Rialtais do 2020 – Soláthar Tithíochta	Comhdháil	Laistigh	2
Forbairt Turasóireachta Inbhuanaithe	Comhdháil	Laistigh	1
Spásanna Áitiúla Athghiniúnacha tríd Phleanáil Pobail Éifeachtach	Comhdháil	Laistigh	1
Dara Chomhdháil Bhliantúil AILG	Comhdháil	Laistigh	6
Cruinniú Mullaigh faoi Thodhchaí Bailte in Éirinn	Comhdháil	Laistigh	1
Cosc ar Choireanna & Sábháilteacht Phobail	Comhdháil	Laistigh	3
Éire Sábháilte – Folláine Sóisialta & Mothúchánach a chur chun cinn – Mná & Páistí a d'fhulaing Foréigean	Comhdháil	Laistigh	1
Rialtas Áitiúil & Forbairt Gheilleagrach	Comhdháil	Laistigh	4
Comhdháil Dhubhghlas de hÍde	Comhdháil	Laistigh	1
Comhdháil Phleananna Eacnamaíoch & Pobail Áitiúla	Comhdháil	Laistigh	1
An Díospóireacht faoi Thithíocht: Ár bPobail a chur chun cinn tríd Obair Chomhtháite leis an Rialtas Áitiúil	Comhdháil	Laistigh	1
Seimineár Fómhair AILG 2015	Comhdháil	Laistigh	7
Cannabas – An cás ina choinne – comhdháil dóibh siúd atá ag obair le daoine óga agus teaghlaigh	Comhdháil	Laistigh	1
An 22ú Comhdháil Bhliantúil AOIFE	Comhdháil	Laistigh	1
Cearta Tomhaltóirí	Comhdháil	Laistigh	1
Réigiúin Nua, Róil Nua, Freagrachtaí Nua	Comhdháil	Laistigh	1
2ú Cruinniú Mullaigh SBP faoi Réadmhaoin	Comhdháil	Laistigh	1
Polasáí Comhshaoil Rialtas Áitiúil – Deiseanna do Phobail Áitiúla	Comhdháil	Laistigh	1
Beartas Comhtháthaithe an AE 2014–2020	Comhdháil	Laistigh	1
Lugo na hIodáile	Nascadh	Lasmuigh	2
Fleurus, An Bheilg	Nascadh	Lasmuigh	2
Coueron na Fraince	Nascadh	Lasmuigh	1

Comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí den chineál céanna a rinneadh freastail orthu	Aidhm an Imeachta	Laistigh nó Lasmuigh den Stát	Líon na nIonadaithe a d'Fhreastail
Londain	Cumann Londain/ Loch Garman	Lasmuigh	5
Londain	Cuimhneachán 800 bliain an Ard-Mhéara	Lasmuigh	2
Meicsiceo	Cuireadh chuig Cuimhneachán William Lamport	Lasmuigh	1
Nua Eabhrac	Cuireadh chuig Ceiliúradh na Féile Pádraig	Lasmuigh	1

Ceantair Bhuirge & Bhardasacha



Ceantar Buirge Loch Garman

Cruinniú Cinn Bhliana

Ag an cruinniú cinn bhliana a reáchtáladh ar an 29 Meitheamh 2015, toghadh an Comhairleoir Ger Carthy mar Mhéara ar Cheantar Buirge Loch Garman de Chomhairle Contae Loch Garman ag teacht i gcomharbacht ar an larmhéara, an Comhairleoir George Lawlor, don chéad tréimhse 12 mhí eile. Toghadh an Comhairleoir Jim Moore mar Leasmhéara don tréimhse chéanna.

Clár na bhFéilte 2015 – Ceantar Buirge Loch Garman

Lean Ceantar Buirge Loch Garman ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na féilte seo a leanas a tharla ar fud an Cheantair i rith 2015:

- Lá Fhéile Pádraig
- Féile Mhuirí Loch Garman
- Féile Ealaín Lasmuigh
- Féile Bia Loch Garman
- Féile Bia Mara Ché na Cille Móire
- Deireadh Seachtaine Ceoil Leo Carthy
- Raillí Carranna Loch Garman
- Oíche Chultúir
- Féile Ceoldrámaí Loch Garman
- Féile Spiegeltent Loch Garman
- Féile Winterland Loch Garman

Cuireadh fáilte roimh na féilte nua seo a leanas a cuireadh leis an gClár Féilte agus thacaigh Ceantar Buirge Loch Garman leo:

- Jestfest
- Zorrofest
- Cannonball Run
- Light Up Bridgetown

Gradaim/Fáiltiú Chathartha

Reáchtáil Ceantar Buirge Loch Garman roinnt fháiltithe cathartha agus méarachta i rith 2015. Bronnadh onóir ar na heagraíochtaí agus na daoine seo a leanas:

- Stephen Murphy, Acadamh Ealaín Chomhraic Loch Garman, a bhuaigh Craobh Domhanda
- Dean Walsh a bhuaigh a chéad chraobh dornálaíochta Eorpaí
- Gavin agus Ned Buggy, Robert agus Mark Doyle, Josh & Daniel Kavanagh agus Noel Houlihan don rath a bhí acu i gCraobhchomórtas Liathróid Láimhe an Domhain
- Hores Stores/Clann Hore – Cuimhneachán 70 bliana
- An tAthair James Fegan – ar fhágáil Pharóiste Loch Garman dó
- Oibrithe deonacha Fhéile Ceoldrámaí Loch Garman
- Coiste Paróiste Our Lady's Island
- Scuid Sacair Chorn Kennedy

Imeachtaí Cathartha 2015 – Ceantar Buirge

Athainmniú Thimpeallán Uisce an Easpaig



I rith a théarma oifige, mhol an Méara, an Comhairleoir George Lawlor, go n-athainmneofaí Timpeallán Uisce an Easpaig mar Thimpeallán an Athair Harry Sinnott i gcuimhne an Athair Harry Sinnott nach maireann, sagart as Loch Garman a raibh an-mheas air agus a bhunaigh Cumann Naomh Sheosaimh in aice láimhe in Uisce an Easpaig. Tharla an searmanas athainmniúcháin i Meitheamh, 2015, i láthair an Mhéara agus chomhaltaí tofa Cheantar Buirge Loch Garman, comhlúadar agus cairde an Athair Harry agus ionadaithe ó Chumann agus Ionad Pobail Naomh Sheosaimh, Uisce an Easpaig.

Searmanas leagan síos Bláthfheasc i gcuimhne John Barry

Tharla an 58ú searmanas do leagan síos bláthfheasca ag Leacht Cuimhneacháin John Barry ag Cé an Chorráin Dé Domhnaigh, 21 Meitheamh, 2015, áit a ndearna an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin, TD, cigireacht ar an ngarda onóra roimh an eochairaitheasc a thabhairt. Leag na daoine seo a leanas síos bláthfheasc: an tAire Brendan Howlin ar son Rialtas na hÉireann, an Sáirsint den Chéad Ghrád Jamilah Posey ar son Rialtas na Stáit Aontaithe, Philip Dillon ar son shliocht chlann Barry, an tUasal John Fowler ar son Bhraíne Cheannasóra John Barry den ONE, agus leag Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit i Roinn an Taoisigh agus Cosaint, Paul Kehoe TD, síos bláthfheasc freisin.

Nochtadh an leachta i gcuimhne Criú Cróga an MV Kerlogue

Freisin, Dé Domhnaigh, 21 Meitheamh 2015, nochtaigh Méara Loch Garman, an Comhairleoir George Lawlor, leacht ar thaobh Ché an Chorráin i gcuimhne ar an 10 criú cróga ón gCóstóir as Loch Garman, an *MV Kerlogue*, a tháinig i dtarrtháil ar 168 mairnéalach Gearmánach gortaithe agus longbhríste a ndeachaigh a scriostóir agus a mbád toirpéad faoi uisce i gcomhrac leis an gCabhlach Ríoga i mBá na Bioscáine ar an 29 Nollaig, 1943. Bhí an-bhród ar chlanna agus ar shliocht chriú an *MV Kerlogue* go raibh aitheantas á thabhairt ar deireadh dá ndaoine muinteartha ina mbaile dúchais don pháirt a ghlac siad sa tarrtháil iontach seo in aimsir an chogaidh.



Searmanas Cuimhneacháin an Chéad Chogadh Domhanda ag Cearnóg Mhic Réamainn

Ar Dhomhnach Cuimhneacháin, 8 Samhain 2015, tar éis an tSeirbhís Lá Cuimhnimh bhliantúil in Eaglais Pharóiste Iúir, chuir an Méara, an Comhairleoir Ger Carthy síos bláthfheasc ag an Leacht Cuimhneacháin an Chogaidh i gCearnóg Mhic Réamainn ar son mhuintir Loch Garman. Tharla sé seo don chéad uair in 2013, agus anois is searmanas bliantúil atá ann i gcuimhne iadsan a thug a mbeatha ar son na saoirse sa Chéad Chogadh Domhanda, 1914–1918.

Nascadh Bailte

Coueron na Fraince

I bhFeabhra, 2015, ba mhór an trua dúinn a fhoghlaim go bhfuair Méara Coueron, an tUasal Jean-Pierre Fougerat, bás tar éis breoiteacht ghairid. Bhí ról lárnach ag an Uasal Fougerat i bhforbairt agus i gcothú an chaidrimh ar leith a bhí ann idir Loch Garman agus Coueron le 30 bliain anuas. Rinne an Méara, an Comhairleoir George Lawlor, agus an Bainisteoir Ceantair, Angela Laffan, ionadaíocht ar son Cheantar Buirge Loch Garman ag a shochraid. Go gairid ina dhiaidh sin, thogh Comhairle Coueron an Comhairleoir Carole Grelaud ina comharba ar an Uasal Fougerat.

In éineacht le Ceantar Buirge Loch Garman, d'óstáil Cumann Lúthchleasaíochta DMP grúpa cuairteoirí ó Chumann Lúthchleasaíochta Coueron i mBealtaine 2015 i gcomhair deireadh seachtaine lúthchleasaíochta. D'eagraigh DMP clár iontach imeachtaí agus ghlac na cuairteoirí páirt sa Johnstown Park Run i gCaisleán Bhaile Sheáin, áit ar chuir an Méara George Lawlor fáilte rompu. Ba mhalartú cultúrtha nua é seo idir ár ndá bhaile agus tá súil againn go leanfaidh an caidreamh ar aghaidh ag forbairt sa toadhcháil.

I mí Iúil 2015, thaisteal baill de Chumann Snámha Loch Garman go Coueron mar pháirt de chlár malartú cultúrtha seanbhunaithe idir cumainn snámha Loch Garman agus Coueron.

I mí na Samhna 2015, arís eile d'fháiltigh an Méara agus comhaltaí de chuid Cheantair Bhuirge Loch Garman toscaireacht oifigiúil ó Chomhairle Coueron, an Leasmhéara agus Comhairleoirí san áireamh.

Lugo na hIodáile

Freisin i mí na Samhna 2015, chuir an Méara agus comhaltaí fáilte roimh thoscaireacht ónár nascbhaile Lugo i dTuaisceart na hIodáile.

Comórtas na mBailte Slachtmhara Loch Garman

Bhí áthas ar Choiste Bhailte Slachtmhara Loch Garman an Bonn Cré-Umha a ghnóthú arís i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an gcoiste agus dá fhoireann oibrithe deonacha a thugann a cuid ama faoi chroí mór maith chun a chinntiú go dtaispeántar ár mbaile agus ár spásanna poiblí ar an gcaighdeán is airde agus is féidir.

I gcomórtas 2015, ghnóthaigh Loch Garman dhá ghradam eile – an Gradam Ilchineálachta nua agus an Gradam do Thascfhórsaí Bhruscar Guma Coganta.



Áiseanna Spóirt

Cumann Acra-Gleacaíochta Loch Garman

Osclaíodh saoráid traenáil gleacaíochta shaintógtha nua i nDeireadh Fómhair 2015 ag Ferndale, na Botha Fuara, ar shuíomh a sholáthar larchomhairle Buirge Loch Garman. Tá Cumann Acra-Gleacaíochta Loch Garman, a bhfuil ós cionn 600 ball aige anois, bunaithe san áitreamh atá lonnaithe in aice le hIonad Pobail na mBoth Fuar agus oifigí nua CSTGT. Fuair an fhorbairt maoiniú faoin gClár Caipitil Spóirt agus is é conraitheoir áitiúil, Cleary & Doyle, a rinne na hoibreacha.

Ollionad CLG Pharóiste Mhuire, The Rocks, Baile Mhaidilín

Tá Cumann CLG Pharóiste Mhuire tar éis filleadh ar a dhúchas i gcroílár phobal Bhaile Mhaidilín in 2015. Forbraíodh páirc imeartha den chineál is nua-aimseartha agus clubtheach nua ar thailte a chuir larchomhairle Bhuirge Loch Garman ar fáil ag The Rocks.

Is iad an gnó áitiúil DCS+P Architects a dhearadh an t-ollionad, a cuireadh i gcrích é le tacaíocht mhaoinithe ón gClár Caipitil Spóirt agus ó Chlár RAPID na Comhairle Contae, agus is é an tAire Brendan Howlin a d'oscail é go hoifigiúil.



Ceantar Bardasach Inis Córthaidh

Bóithre agus Iompar

Chuir maoiniú de €1,299,765 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus maoiniú de €2,470,000 ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) ar ár gcumas feabhas a chur ar an líonra bóithre ar fud na mbailte agus na gceantar. Cuireadh feabhas freisin ar roinnt mhaith cosán sa cheantar ó thaobh rochtaine de. Chomh maith leis sin, ag deireadh 2015 cuireadh tús leis na hoibreacha ar an seachbhóthar nua M11 timpeall ar Inis Córthaidh.

Tar éis fearthainn an-trom i rith mí na Nollag, tharla tuilte móra in Inis Córthaidh ar an 30 Nollaig 2015. D'fhreagair an Chomhairle tríd bearta éigeandála áitiúla a chur i bhfeidhm chun an pobal a chosaint agus a chabhrú. Bhí 80 ball foirne ag obair chun trácht a chur ar mhalairt slí, ag líonadh málaí gainimh, ag tabhairt an t-eolas is déanaí do na meáin áitiúla agus ag imlonnú Tharrtháil na Sláine, an Chosaint Shibhialta agus an tArm. Imlonnaíodh 4,700 mála gainimh go háiteanna straitéiseacha laistigh den cheantar chun go n-úsáidfadh na háitritheoirí agus na gnólachtaí a bhí buailte iad.

Tionscadail Forbartha agus Rialú

Clár Comórtha Céad Bliain 1916 Loch Garman

Déanfar ról stairiúil Loch Garman in Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh le clár mórthaibhseach imeachtaí ar fud an chontae ar fad, le sraith gníomhaíochtaí cultúrtha, stairiúla agus traidisiúnta do 2016.

Sheol an Comhairleoir Tony Dempsey Clár Comórtha Céad Bliain 1916 Loch Garman go hoifigiúil an 9 Samhain, 2015. I láthair bhí gaolta de na hÓglaigh chomh maith le gaolta bhaill de Chumann na mBan a ghlac páirt in Éirí Amach 1916 i gContae Loch Garman. In éineacht leis na gaolta bhí Coiste Céad Bliain 1916 Chontae Loch Garman, baill den Oireachtas agus comhaltaí de Chomhairle Contae Loch Garman, chomh maith le go leor daoine mór le rá agus aionna eile. Ghlac complacht de athléiritheoirí 1916 ó Loch Garman in éide ghléasta páirt sa seoladh, rud a chur go mór leis an ócáid.

Tá roinnt tionscnamh oidhreachtá beartaithe don chlár, lena n-áirítear:-

- Réimse imeachtaí deasghnácha
- Léachtanna stairiúla, comhdhálacha agus foilsiúcháin liteartha ar ghnéithe éagsúla de 1916
- Paca Acmhainní Oideachais Loch Garman 1916
- Taispeántas Loch Garman 1916
- Réimse ceolchoirmeacha, taifidí scannáin, cnuasach amhránaíochta agus filíochta faoi 1916
- Comórtha pobalbhunaithe
- Searmanas tiomnaithe do ghairdín cuimhneacháin
- Coimisiúnú Bhrat an Tírghráthóra
- Athchóiriú an Athenaeum
- Ceiliúradh Luan Cásca 1916 a bheidh mar pháirt in 2016 de Shearmanas Stáit náisiúnta ar leith agus Cur Síos Bhláthfheasca agus ina dhiaidh sin tarlóidh an athleiriú catha 1916 is mó sa tír.



Cosaint an Chomhshaoil

Tá cur i láthair an cheantair an-tábhachtach do Cheantar Bardasach Inis Córthaidh mar a fheictear i gClár Feabhsaithe Páirceanna bliantúil na Comhairle a lean ar aghaidh in 2015. Chomh maith le cothabháil spásanna glasa ar fud bhaile Inis Córthaidh, phlandáil an Chomhairle timpealláin ag bealaí isteach an bhaile agus rinneadh cothabháil ar thaispeántais bhláthanna mhórthaibhseacha i go leor áiteanna.

Rinne foirne glanta sráide agus cur i láthair an bhaile iarracht ollmhór cuma dhearfach a thabhairt don bhaile agus bhain siopadóirí, cuairteoirí agus cónaitheoirí tairbhe as a gcuid oibre i rith na bliana.

Rinne Coistí na mBailte Slachtmhara ar fud Cheantar Bardasach Inis Córthaidh, le tacaíocht ón gComhairle, tuilleadh dul chun cinn agus iad ar thóir onóracha náisiúnta; bhuaigh Inis Córthaidh Bonn Cré-Umha i nDámhachtainí na mBailte Slachtmhara 2015. Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh leis na Coistí Bailte Slachtmhara ar fad agus tá súil againn go bhfaighidh a n-iarrachtaí inmholta tuilleadh aitheantais sa todhchaí.

Scéim Cosanta Tuile Inis Córthaidh

Tá stair fhada tuile ag Inis Córthaidh atá suite ar bhruacha na Sláine. Tharla tuilte as cuimse in 1924, 1947, 1965, 2000, 2002, 2009, 2011, 2014 agus le fíorghairid i Nollaig 2015. Chuaigh réadmhaoin agus bóithre faoi uisce de bharr tuile, rud atá ina bhaol do shláinte agus do shábháilteacht mhuintir an bhaile. Rinneadh damáiste do réadmhaoin agus cuireadh isteach ar an trácht, rud a chur isteach freisin ar ghníomhaíochtaí tráchtála sa bhaile agus sa cheantar máguaird. Buaileadh os cionn 130 réadmhaoin de bharr thuile i Nollaig 2015.

Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) in éineacht le Comhairle Contae Loch Garman staidéar ar fhadhb na tuile, agus ina dhiaidh sin, in 2009, eagraíodh comhairliúchán poiblí faoi réamhdhearadh de Scéim Cosanta Tuile Inis Córthaidh. Cuireadh feabhas ar an Scéim seo agus cuireadh ar taispeáint phoiblí í arís in 2012.

I Márta 2015, cheap Comhairle Contae Loch Garman Innealtóir Cónaitheach Tionscadail agus comhairleoirí don scéim i Samhain 2015 chun tús a chur leis an obair ar an dearadh mionsonraithe. Táthar ag súil leis go ndéanfar an dearadh forbartha a thaispeáint go poiblí i samhradh 2016. Tá sé beartaithe tús a chur leis an obair thógála go luath in 2017 tar éis don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim a dheimhniú. Glacfaidh sé trí bliana an scéim a chur i gcrích.

Tá an Scéim Cosanta Tuile ag brath ar roinnt bhearta éagsúla chun an baile a chosaint ó thuile. Lena n-áirítear leathnú cainéil abhann, doimhniú abhann, athlonnú droichid, agus cuid mhór ballaí tuile painéalta le gloine a thógáil ar fud an bhaile.

Clúdóidh na hoibreacha achar 3.5 km den tSláine, ag dul ó 1.5 km suas an abhainn ó Dhroichead Inis Córthaidh go dtí 2 km síos an abhainn. Seo a leanas cuid de phríomhghnéithe an tionscadail:

- Tógáil ballaí cosanta tuile ar an dá bhrúach suas an abhainn ó Dhroichead Inis Córthaidh, tríd an mbaile, ag críochnú díreach ó theas ón Riverside Park Hotel
- Leathnú agus doimhniú chainéal na habhann
- Tógáil cainéal athchúrsa tuile laistigh den tuilemhá ó dheas
- Leaba na habhann a dhoimhniú faoi Dhroichead an Iarnróid & faoi Sheandhroichead Inis Córthaidh
- Tógáil droichead bóthair nua trasna an Sláine agus an Iarnród, lonnaithe timpeall agus 100 m ó dheas den Riverside Park Hotel
- Baint amach Dhroichead Seamus Rafter
- Tógáil dhroichead coisithe nua i lár an bhaile

Meastar go gcosnóidh an scéim idir €30 m agus €40 m.



Áineas agus Taitneamhacht

Aithníonn Comhairle Contae Loch Garman le fada an ról atá ag grúpaí pobail i soláthar áiseanna fóillíochta agus taitneamhachta i gCeantar Inis Córthaidh. In 2015, thug Ceantar Bardasach Inis Córthaidh tuilleadh tacaíochta do na heagraíochtaí inmholta seo tríd mhaoiniú de bhreis is €40,000 a leithdháileadh ar 78 grúpa áitiúil faoin Scéim Deontais Taitneamhachta agus Ealaíon 2015.

Chuir Ceantar Bardasach Inis Córthaidh maoiniú de bhreis is €10,300 ar fáil do 19 gcumann áitritheoirí ar fud an cheantair chun cabhrú le plandáil agus le feabhsuithe ginearálta ar eastáit.

Deontais a bronnadh faoin Scéim Deontais Taitneamhachta agus Ealaíon 2015

Ceardlann Pobail Chontae Loch Garman	€350
Cumann Púil Icons	€700
Cumann Lúthchleasaíochta Dhaoine Óga Inis Córthaidh	€550
Club Óige Chúirt na Cuide	€400
AFC Bhaile Uí Murúin Celtic	€800
Beneath My Angel's Wings	€325
Grúpa Gasóga Naomh Phóil An Abhainn Dhubh	€530
Cumann Cispheile Inis Córthaidh	€550
Ceolchumann Inis Córthaidh	€300
Grúpa Naíonáin Little Angels	€650
Cumann Píce '98 Náisiúnta	€50
ARA an Bhealaigh	€250
Club CLG Rógairí na Dufaire	€600
Iomáint/Starlights Raparees	€800
Coiste Soilse Nollag na hAbhann Duibhe	€50
Tionscnamh Stair Ghardaí Loch Garman	€700
Club Camógaíochta Na Seamróga	€800
Cumann Staire na hAbhann Duibhe	€400
Ionad na Seanscoile Gleann Bhriain	€800
Grianghrafadóireacht Jim Campbell	€250
Conairí Siúil Loch Garman	€1,400
Scéim Cóitseála Shacar na Scoileanna	€300
Brídíní Chill Rois	€450
AED Marshalls	€400
Club Dornálaíochta Sacré Coeur	€875
Grúpa Ban Delightful Dollies	€350
Club Sacair Inis Córthaidh Aontaithe	€750
Margaí Tuaithe Inis Córthaidh	€50
Cumann Córúil Inis Córthaidh	€1,100
AFC Moyne Rangers	€1,500
Club Buille agus Amas Naomh Phádraig	€350
Grúpa Grató Mhóin na gCaor	€925
Tobar San Dáibhí	€100
Richard Redmond	€280
O.N.E.	€250
Brídíní Inis Córthaidh	€300
Banóglaigh Cygnet San Nicola	€520
AFC Bhun Clóidí	€1,100
Club CLG Na Seamróga	€550

Brainse Loch Garman an Léigiúin Ríoga Bhriotanach	€50
Cumann Inis Córthaidh um Fhóirithint ar Ainmhithe	€300
Brídíní Theampall Seanáin	€500
Cumann Sacair Bhrí Aontaithe	€300
AFC Ajax Athletic	€650
Cumann Athléirithe Stairiúil Inis Córthaidh	€500
Touched by Suicide	€570
Acadamh Dornálaíochta Inis Córthaidh	€625
CGI Inis Córthaidh	€50
CGI na hAbhann Duibhe	€200
Club CLG Bhaile Mharascail/Chaisleán Docrail	€1,000
Furlong Productions	€200
Ionad Pobail Bhaile Mharascail	€500
Comhairle Tuismitheoirí San Senan	€300
ICA Bree	€400
Grúpa Forbartha Chúirt na Cuide	€1,200
Comhlacht Athnuachana Shráidbhaile Ghleann Bhriain	€900
Bailte Slachtmhara an Abhalloirt	€500
Bailte Slachtmhara Bhrí	€200
Reilig an Bhealaigh	€700
Cumann Forbartha Bhaile Dháibhí	€500
Seanóirí na hAbhann Duibhe Club '99	€750
Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann Inis Córthaidh	€550
Grúpa Forbartha Bhaile an Daingin	€1,000
Bailte Slachtmhara na hAbhann Duibhe	€600
Cros Dhearg na hÉireann Inis Córthaidh	€200
Grúpa Amharclannaíochta Inis Córthaidh	€400
Cluichí Pobail Co. Loch Garman	€100
Grúpa Taitneamhachta Chaisleán Docrail	€750
An Cumann Londain Loch Garman	€600
Cumann Tacadóirí CLG Loch Garman (Brainse Bhaile Átha Cliath)	€700
Bothán na bhFear	€650
St Brigid's Coiste na nÓg	€500
Cumann Forbartha na Céime	€570
Grúpa Forbartha Bhaile Mharascail	€380
Bailte Slachtmhara Chill Téile	€250
Coiste Forbartha Mhaolán na nGabhar	€50
Bailte Slachtmhara Bhun Clóidí	€300
Grúpa Taitneamhachta Naomh Eoin na Céime	€100

Deontais a bronnadh faoin Scéim Deontais Cumainn Áitritheoirí 2015

Club Sóisialta Bhaile Munna	€600
Cumann Áitritheoirí Chúirt Bellevue	€600
Cumann Áitritheoirí Chois Abhainn	€600
Faire Comharsanachta Naomh Aodháin	€150
Cumann Áitritheoirí Pháirc Slaneyview	€350
Cumann Áitritheoirí Choillte Westbury	€600
Cumann Áitritheoirí Pháirc Mayview An tAbhallort	€600
Faire Comharsanachta Clós Hempfield	€600
Cumann Áitritheoirí Choill Ryland	€600
Cumann Áitritheoirí Choill Madeira	€600
Cumann Áitritheoirí Meadowbrook	€500
Cumann Áitritheoirí Gharrán Madeira Uimh. 1 go 18	€600
Cumann Forbartha na Céime	€600
Cumann na mBailte Slachtmhara Bhun Clóidí	€600
Grúpa Taitneamhachta Naomh Eoin An Chéim	€600
Bailte Slachtmhara Chill Téile	€600
Grúpa Taitneamhachta Bhaile Mharascail	€600
Coiste Forbartha Mhaolán na nGabhar	€600
Bailte Slachtmhara Chluain na nGall, Teach na Foraíre	€300

Aithníonn an Chomhairle le fada an tábhacht atá ag féilte agus imeachtaí sóisialta chun bailte agus sráidbhailte a chur chun cinn i ngach ceantar agus cuairteoirí a mhealladh go Loch Garman.

In 2015, thug Ceantar Bardasach Inis Córthaidh tacaíocht do na féilte seo a leanas:

- Margadh Feirmeoirí Uile-Éireann
- An tAonach Sú Talún
- Seó Inis Córthaidh
- Rockin' Food
- Luan Cásca
- Paráidí na Féile Pádraig ar fud an cheantair
- Féile Ceol Blues an Staighre Dhuibh
- Street Rhythms
- Ealaín Lasmuigh
- Soilsiú Nollag in Inis Córthaidh, i mBun Clóidí agus san Abhainn Dhubh
- Féile Eileen Aroon, Bun Clóidí
- Féile Focal
- Féile Scannáin Brooklyn
- Eaglais Cholmáin, Teampall Seanbhoth
- Eaglais na Naomh, Caisleán Docrail

In 2015, chabhraigh Ceantar Bardasach Inis Córthaidh le cur le chéile trí fhéile chun féile láidir amháin, Féile Inis Córthaidh, a bhunú. D'éirigh thar barr leis an Féile Rockin' Food, a tharla thar dheireadh seachtaine saoire baine Lúnasa, le rac-cheol, damhsa, Margaí ceardaíochta & beoir, Athléiriú Chath 1798, agus léiriú saor in aisce den scannán *Grease*.

Mol Spóirt Inis Córthaidh

Dé Sathairn, 16 Bealtaine 2016, d'oscail an Comhairleoir Barbara-Anne Murphy in éineacht lena haoi oinigh an tUasal John Treacy, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Spóirt na hÉireann, an raon spóirt uile-aimsire, ocht lána, den chineál is uaire seo, agus tharla paráid de lúthchleasaithe ón gContae ar fad in ómós na hócáide. Tá méadú mór tagtha ar úsáid na saoráide seo agus eagraíodh roinnt imeachtaí spóirt ann i rith 2015. Cuireadh síneadh ama leis na huaireanta oscailte agus tá an tsaoráid ar oscailt anois go luath ar maidin, sna tráthnónta agus ar an deireadh seachtaine.



Ionad Cur i Láthair

Is saoráid phobail agus ealaíona ar leis an gComhairle é Ionad Cur i Láthair Inis Córthaidh atá ag feidhmiú le trí bliana anuas. Bhí méadú ar líon na n-úsáideoirí in 2015, agus go leor eagraíochtaí agus daoine áitiúla ag baint tairbhe as na saoráidí áitiúla den chéad scoth seo. I mí na Nollag, mar shampla, d'eagraigh an t-ionad taispeántas ealaíne, seó beo, déanamh ceardaíochta agus an seó is fearr riamh le páistí, léiriú de *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar*, chomh maith le himeachtaí féile eile. Ligtear an tsaoráid seo amach ar cíós don phobal iomlán ar phraghas an-réasúnta.

Caisleán Draíochta Dhaidí na Nollag

I Samhain 2015 rinneadh Caisleán Inis Córthaidh a athrú isteach ina chaisleán draíochta agus bhí an áit lán le spiorad na féile. Sheol Ceantar Bardasach Inis Córthaidh Caisleán Draíochta Dhaidí na Nollag' i nDeireadh Fómhair 2015 agus osclaíodh na doirse Dé Domhnaigh an 29 Samhain le dhá turas iontacha, Turas Caisleán Draíochta Dhaidí na Nollag' agus Turas Caisleán Bhean Niocláis'.

Bhí na tarraingtí seo a leanas le feiceáil ar an turas 50 nóiméad:

- Ceardlann na Síofraí agus an Meaisín Bréagáin Draíochtach
- Cistin Bhean Niocláis
- Seomra leapa Dhaidí na Nollag & na Síofraí
- An Seomra 'Frozen' leis an mBainríon Elsa & Olaf
- Seomra Closamhairc Dhaidí na Nollag
- Oifig an Phoist an Mhoil Thuaidh
- Pluais Dhraíochta Dhaidí na Nollag

D'éirigh thar barr ar fad le Caisleán Draíochta Dhaidí na Nollag agus beidh sé ina eachtra bhliantúil ag Caisleán Inis Córthaidh as seo amach, rud a chuirfidh gliondar ar pháistí agus dhaoine fásta.

Brooklyn

Tar éis scannánaíochta *Brooklyn* in Inis Córthaidh in 2014, d'eagraigh Comhairle Contae Loch Garman i gcomhpháirt le Lionsgate UK oíche première *Brooklyn* ag an Riverside Park Hotel ar an 28 Deireadh Fómhair, 2015. Rinneadh Hollywood d'Inis Córthaidh don oíche le haistriú halla rince an Riverside Park Hotel isteach ina phictiúrlann den chineál is úire, le suíocháin shrathacha, córas imfhuaime, soilse múchta agus scáileán 16 through faoi 8 dtroigh.



I measc na haíonna a bhí i láthair ar an oíche bhí Colm Tóibín, fear as Inis Córthaidh, údar an leabhair ar a bhfuil an scannán bunaithe, roinnt aisteoirí a ghlac páirt sa scannán, ionadaithe ó fhoireann léirithe an scannáin, ionadaithe ó Lionsgate UK, dáileoirí an scannáin, roinnt oifigigh ón rialtas agus comhaltaí ó Chomhairle Contae Loch Garman.

Is annamh a fheictear a leithéid de shuim i bpremière scannáin ó na meáin; rinneadh tuairisciú forleathan ar an imeacht sna nuachtáin, agus ar na stáisiúin teilifíse agus ar raidió náisiúnta.

De bharr an mhéid sin suime áitiúil sa scannán, léiríodh é don dara huair tar éis an première ag a 8.00 pm. Cuimhneofar ar an oíche ar feadh i bhfad agus tá Inis Córthaidh agus Comhairle Contae Loch Garman an-bhródúil as an ócáid.

Athchóiriú Teach an Mhargaidh, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman

Cur Síos ar an Tionscnamh:

Tá sé beartaithe Teach an Mhargaidh a athchóiriú chun oifig shibhialta nua-aimseartha a chruthú a mbeidh roinnt gnéithe den Teach Margaidh bunaidh le feiceáil ann.

Forálann na tograí feabhas a chur ar aghaidhchló an fhoirgnimh trí athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh trí stór a bhfuil cúig bhá aige. Leagan na plananna amach limistéar poiblí feabhsaithe, le seomraí cruinnithe, chomh maith le hoifigí oibre feabhsaithe ar an gcéad agus an dara hurlár. Déanfar feabhsuithe sláinte agus sábháilteachta agus feabhsuithe sábháilteachta dóiteáin freisin.



Ceantar Bardasach Ghuaire

Chuaigh an struchtúr ceantar bardasach i bhfeidhm don chéad bhliain iomlán in 2015. Tharla roinnt forbartha agus deiseanna chun cur le tionscnaimh agus tionscadail fhiúntacha atá ann cheana.

Glanadh suas 2k Thuaisceart Loch Garman



Thacaigh Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail áitiúla, a ghlán beagnach 100 km de bhóithre ar fud Cheantar Bardasach Ghuaire, leis an tionscadal seo. D'eascair tionscadal Glanadh Suas 2K Thuaisceart Loch Garman as sraith cruinnithe líonraithe le hionadaithe ó choistí na mbailte slachtmhara, a chur in iúl go raibh bruscar ar bhóithre isteach ag milleadh an dea-obair a bhí á dhéanamh sna bailte féin.

Nuair a seoladh an tionscnamh i Márta 2015, chláraigh 20 grúpa agus choinnigh gach ceann acu achar dhá chiliméadar saor ó bhruscar i gcaitheamh mhí Aibreáin nuair a bhí an mholtóireacht ar siúl. Bronnadh dámhachtainí de réir chaighdeán Óir, Airgid agus Chré-Umha bunaithe ar líon na mbruscar a aimsíodh. Tharla an mholtóireacht ar dhá lá éagsúil i gcaitheamh mhí Aibreáin. Bhí deis ag grúpaí a ghlac freagracht do chúig achar dhá chiliméadar nó níos mó dámhachtain limistéar iomlán a ghnóthú. Bhí cead ag aon limistéar tuaithe nó uirbeach páirt a ghlacadh ann ar an gcoinníoll go mbeadh ar a laghad 2 km faoina gcúram mar pháirt den ghlanadh suas.

Fuair grúpaí dámhachtainí i dtrí chatagóir, agus cháiligh cúig ghrúpa do dhámhachtain limistéar iomlán.

Grúpa

Comhairle Phobail/Bailte Slachtmhara na hEasca Móire
Forchester
Limbrick – An Phailís
Barr an Churraigh – An Leathráithín
Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Chonnmhaí
Grúpa Forbartha an Bhaile Dhuibh
Pobal ar Aire an Bhaile Fhada
Bailte Slachtmhara Bhaile Ghearóid
Bailte Slachtmhara Chúil Ghréine
Bailte Slachtmhara Fhearna
Tigh an Chnoic – Coill an Iarainn
An Inis – Coill an Iarainn
Bailte Slachtmhara & Grúpa Oidhreacht
Bhearna Bhéal an Bhealaigh
Baile Ámainn/Currach Lachán 2k

Dámhachtain

Cré-umha
Cré-umha
Cré-umha
Cré-umha
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Airgead
Ór

Cumann Forbartha Bhaile an Chaisleáin
Bailte Slachtmhara Ghuaire
Grúpa Forbartha Ráithín Cuilinn
Cluain Rua – Cnoc Ráth Phiarais
An Phailís
Bailte Slachtmhara Chill Mhucraise

Ór
Ór
Ór
Ór
Ór
Ór

Dámhachtain Speisialta do Limistéir a “d'uchtaigh” 5 bhóthar

Grúpa Forbartha Ráithín Cuilinn
Bailte Slachtmhara Bhaile Ghearóid
Bailte Slachtmhara Choill an Iarainn
Bailte Slachtmhara Fhearna
Grúpa Forbartha an Bhaile Dhuibh



Bronnadh Dámhachtain Speisialta Glanadh Suas 2k Thuaisceart Loch Garman ar Ráth an Chuilinn ag Dámhachtainí Coinnigh Loch Garman Álainn 2015.

Féile Drámaíochta Uile-Éireann Chill Mhucraise

Bhí áthas ar Cheantar Bardasach Ghuaire tacaíocht a thabhairt d'Fhéile Drámaíochta Chill Mhucraise agus í ag réachtáil an Chomórtais Drámaíochta Teoranta Uile-Éireann 2015. Bhí grúpaí as Corcaigh, Gaillimh, Ard Mhaca, an Clár, agus an Cabhán, chomh maith le grúpaí as Baile Uí Choigligh agus Cill Rois san iomaíocht sa chomórtas agus is Patrick Sutton a rinne an mholtóireacht.

Bhí clár imeallach iontach ann freisin, le hlonad Acmhainní Chill Mhucraise ag rith taispeántas ealaíne le réimse saothair phéintéireachta, ghrianghrafadóireachta agus dhealbhóireachta ó ealaíontóirí áitiúla. Cuireadh saothair ealaíne pháistí áitiúla ar taispeántas sa halla agus i ngnólaí ar fud an tsráidbhaile. Tharla Comórtas Drámaíochta Óige Loch Garman don chéad uair freisin i rith na féile. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht seo agus tá sé beartaithe é a chur ar siúl arís in 2016. Ba dheis iontach an fhéile an ceantar a thaispeáint agus b'iontach an rud é ar a bharr sin gur ghnóthaigh Grúpa Drámaíochta Chill Rois an chéad áit sa chomórtas ar son an Chontae. Thug Ceantar Bardasach Ghuaire aitheantas d'éachtaí an dá ghrúpa in 2015.



Raon Siúlóide Imlíne Pháirc Bhaile agus Pháirc Thaispeántais Ghuaire

Cuireadh an chéad chuid eile de thionscnamh athfhorbartha Pháirc an Bhaile agus Pháirc Thaispeántais i gcrích in 2015. Cuireadh isteach timpeall agus 550 méadar raon siúlóide ar imlíne na Páirce Taispeántais agus Pháirc an Bhaile á gceangal leis an gcosán atá ann cheana. Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Comhairle Contae Loch Garman an tionscnamh a chó-mhaoiniú, le hinfheistíocht iomlán de €126,000. Cuireadh isteach soilsiú poiblí mar pháirt den tionscnamh. Athrú suntasach eile a tharla ná gur ghlac an Scéim Thairsí nua-cheaptha freagracht de bhainistíocht na n-áiseanna i Meán Fómhair. Tá feabhas mór tagtha ar chuma ghinearálta na háite de bharr níos mó oibrí a bheith ar fáil anois.

Soilse Nollag Ghuaire

Ag tús 2015, shocraigh Ceantar Bardasach Ghuaire barr fheabhas a chur ar shoilse nollag Ghuaire. D'oibrigh foireann an Cheantair Bhardasaigh le coiste de dhaoine ó ghnólachtaí áitiúla agus bhailigh siad beagnach €25,000 ó ghnólachtaí sa bhaile agus sa cheantar.

Chuir sé seo leis an infheistíocht €100,000 a rinne Comhairle Contae Loch Garman agus d'íoc sé le haghaidh athshreangaithe iomlán de na feistithe, naisc nua, soilse nua agus córas fuaime don Phríomhshráid agus do Shráid Easmainn. Chuir na soilse nua go mór leis an atmaisféar Nollag iontach i rith na féile i nGuaire.



Deontais a Bronnadh faoin Scéim um Thaitneamhacht & Deontais Ealaíon 2015

Comhairle Pobail na hEasca Móire	€450
Cumann Seanré na hEasca Móire	€300
Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Chonnmhaí	€650
Cumann Forbartha Pobail Bhaile Uí Chonnmhaí – Ballyoughter	€650
Pobal ar Aire an Bhaile Dhuibh	€200
Grúpa Forbartha an Bhaile Dhuibh	€200
Comhaltas Ceoltóirí an Bhaile Fhada	€750
Pobal ar Aire an Bhaile Fhada	€600
Halla an Bhaile Fhada	€500
ICA an Bhaile Fhada	€600
Scoil Náisiúnta Bhaile Ghearáid	€450
Bailte Slachtmhara Bhaile Ghearáid	€350
Ciste Pobail Bhaile Muine	€250
Scoile Náisiúnta Ballyoughter	€400
Scoil Náisiúnta Bhuaile Mhaodhóg	€600
Stiúideo Teicstíle Bhuaile Mhaodhóg	€400
Sráidbhaile Slachtmhar Bhuaile Mhaodhóg	€250
Buffers Alley	€650
Club CLG Buffers Alley	€600

Scoil Samhraidh Byrne Perry	€350
Seirbhís Tarrthála Intíre Chathóir	€550
Cumann Forbartha Bhaile an Chaisleáin	€650
CLG Liam Uí Mhaoilíosa Baile an Chaisleáin	€380
Comhaltas Ceoltóirí Éireann Thuaisceart Loch Garman	€475
Sanctóir Chipper	€545
Paróiste Theampall Chríost Guaire	€800
Conradh na Gaeilge Guaire	€650
Cumann Drámaíochta Amaitéarach Chúil Ghréine	€500
Coiste Pobail Chúil Ghréine	€400
Bailte Slachtmhara Chúil Ghréine	€500
Cluichí Pobail Chontae Loch Garman	€200
Scoil Náisiúnta na Cúirte	€650
Grúpa ar mhaithe le Turasóireacht Bhaile na Cúirte	€200
CFR Séipéal na hAbhann	€250
Grúpa Drámaíochta Áth an Chorráin	€250
Cumann Lúthchleasaíochta an Chruacháin	€1,200
Cumann Drámaíochta Fhearna	€250
Taipéis Fhearna	€200
Bailte Slachtmhara Fhearna	€355
Cairde Daoine Áitiúla le Scléaróis Iolrach	€500
Féile Ealaíne Gap	€650
Bailte Slachtmhara & Grúpa Oidhreacht Gap	€400
1ú Briogáid Bhuachaillí Ghuaire	€150
Córghrúpa Ghuaire	€250
Club Haca Ghuaire	€50
Bothán na bhFear Ghuaire	€200
Bothán na bhFear Ghuaire	€200
Ceolchumann Ghuaire	€400
Buachaillí & Cailíní Scoile Fhianóglaigh Ghuaire	€500
Grúpa Gasóige Ghuaire 3	€200
Iontaobhas Oideachasúil Ghuaire, ag trádáil mar Scoil Ealaíne Ghuaire	€250
Cóisir Nollag Sheanóirí Ghuaire	€800
Bailte Slachtmhara Ghuaire	€400
Grúpa Forbartha Ráithín Cuilinn	€450
Eaglais Pharóiste na Tríonóide An Baile Mór, Cam Eolaing	€400
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	€200
Tearmann Fiadhúlra na hÉireann	€100
Bailte Slachtmhara Choill an Iarainn	€1,025

Ionad Acmhainní Pobail & Teaghlaigh Chill Mhucraise	€500
Grúpa Drámaíochta Chill Mhucraise	€300
Fiontraíocht Phobail Halla Chuimhneacháin Chill Mhucraise Teo	€475
Bailte Slachtmhara Chill Mhucraise	€300
Grúpa Forbartha Turasóireachta Chill Mhucraise	€230
Grúpa Forbartha Turasóireachta Chill Mhucraise	€350
An Cumann Londain Loch Garman	€500
Iontaobhas May Byrne	€350
Grúpa Pobail Mhuine Moling	€550
Cumann Staire Thuaisceart Loch Garman	€650
Cumann Thuaisceart Loch Garman um Fhóirithint ar Ainmhithe	€300
Guaire Oscailte	€200
An Eagraíocht um Iarshaighdiúirí agus Iarbhanshaighdiúirí Náisiúnta (ONE)	€50
Bailte Slachtmhara an Abhalloirt	€505
Foláireamh Téacs Pobail an Abhalloirt	€200
Grúpa Amharclannaíochta Oyster Lane	€0.00
Aisteoirí Rasper	€100
Scoileanna Iománaíochta & Camógaíochta Shéipéal na hAbhann	€100
Ollionad Pobail Shéipéal na hAbhann	€800
AC Rógairí Shliabh Buidhe	€325
Cumann Éireannach na Srí Lancaigh Thoir Theas (Guaire)	€250
Club Dornálaíochta Naomh Aodháin Fearna	€500
Club Seanóirí Cholm Cille	€675
Club Snúcair Naomh Phádraig	€535
Club Ban Thorchoille	€380
Iontaobhas Gort Pobail Tara Rocks	€2,000
An Fhoireann Ghlas	€100
Seachtain na Seandaoine	€480
Cumann Tacadóirí CLG Loch Garman (Brainse Bhaile Átha Cliath)	€405
Conairí Siúil Loch Garman	€2,160

Deontais a Bronnadh faoi Dheontais na gCumann Áitritheoirí 2015

Cumann Áitritheoirí Chéide Fhiodh Alúine	€500
Cumann Áitritheoirí An Bruach	€500
Cumann Áitritheoirí Ard Lios	€500
Cumann Áitritheoirí Gharrán Ard Maighean	€500
Cumann Áitritheoirí Cúirt Bhaile Uí Chonnmhaí	€500
Ciste Pobail Bhaile Muine (Taitneamhacht san Áireamh)	€500
Cumann Áitritheoirí Pháirc Gharrán Shruthán na Feá	€500
Bibi Management Teo (Radharc Shéipéal na hAbhann)	€500
Cumann Áitritheoirí Pháirc Branogue	€500
Cumann Forbartha Pobail Cham Eolaing	€500
Cumann Áitritheoirí Chapelwood	€500
Cumann Áitritheoirí Gharrán an Chrainn Chnó Capaill	€500
Cumann Áitritheoirí Shráidbhaile Clonattin	€500
Cumann Áitritheoirí Shráidbhaile Clonattin (Cuid 2)	€500
Cumann Pobail Áth an Chorráin	€500
Cumann Áitritheoirí Chruaire/Choill an Lóiste	€500
Bailte Slachtmhara Fhearna	€500
Cumann Áitritheoirí Ghleann Aoibhinn	€500
Cumann Áitritheoirí Chnoc Ghuaire	€500
Cumann Áitritheoirí Chúirt an Chuain	€500
Cumann Áitritheoirí Hazelwood	€500
Grúpa Forbartha Ráithín Cuilinn	€500
Cumann Áitritheoirí Ghleann Chorrán Bhréadaí	€500
Grúpa Shráidbhaile Mhóin na Saighead	€500
Cumann Áitritheoirí Pearsons Brook	€500
Cumann Áitritheoirí Bhaile Eoghain	€500
Riverchapel Wood Management Teo	€500
Coiste Mgt The Chase/The Heath	€500
Cumann Áitritheoirí The Gallops	€500
Cumann Áitritheoirí Pháirc na Sailí/Gharrán Choill na Fuinseoige	€500
Cumann Áitritheoirí Woodbury	€300
Cumann Áitritheoirí Fhearann na Coille Bhaile na Cúirte	€500

Féilte a fuair Tacaíocht ó Cheantar Bardasach Ghuaire

- Paráid na Féile Pádraig Guaire
- Ceiliúradh na hAthbhliana Srí Lancaigh
- Féile Drámaíochta Uile-Éireann (Teoranta) Chill Mhucraise
- Scoil Samhraidh Byrne Perry
- Féile Theach Mhargaidh Ghuaire
- A Very Gorey Halloween



Fáiltithe Sibhialta agus Imeachtaí a Reáchtáil Ceantar Bardasach Ghuaire

- Oscailt Boulevard Paul Funge agus taispeántas de shaothar an ealaíontóra
- Searmanas Ónóracha Sibhialta Cheantar Bardasach Ghuaire
- Bronnadh na dTeastas 2k Thuaisceart Loch Garman
- Léiriú Scannán Cuimhneacháin Chomhairle Bhaile Ghuaire
- Cuairt Ambasadóir na Fraince
- Bronnadh na nDeontas Taitneamhachta agus Cumainn Áitritheoirí
- Seoladh na Fleadh Chontae
- Grúpa Drámaíochta Chill Rois
- Scoil Samhraidh Byrne Perry
- 30,000ú Gairm Dheiridh – in ómós Chomhraiceoirí Dóiteán
- Ag Ceiliúradh 25 bhliain de chuairteanna mhic léinn Ghearmánacha
- Oscailt Fhéile Theach an Mhargaidh
- Féile Chonair Shiúlóide Loch Garman 2015
- Léiriú “The Ghost Pool” i dTeach Margaidh Ghuaire
- Lá Spraoi Teaghlaigh Oíche Shamhna agus oscailt oifigiúil raon reatha agus páirc súgartha
- Lasadh na Soilse Nollag i nGuaire
- Cad is Poblacht ann?

Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin

Bhí a chéad bhliain fheidhmiúcháin ag Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin in 2015. Tá daonra 32,122 ag Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin, is ceantar bardasach catagóir a haon é agus is é an 25ú ceantar bardasach is mó sa tír é as 80. Ba bhliain an-ghnóthach agus an-eachtrúil í, le Ros Mhic Thriúin chun tosaigh maidir le tionscnaimh turasóireachta ach go háirithe. De bharr ár stair thábhachtach shaibhir, tá ról lárnach ag Ros Mhic Thriúin i dtionscadal turasóireachta Oirthear Ársa Éireann. D'oibrigh muid i ndlúthchomhar leis an mBord Fáilte ach go háirithe chun aird ar dhíriú ar na gnéithe mealltacha atá ag Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin agus rinne muid iarracht na gnéithe seo a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Fisiciúil (Bonneagar, Riocht Phoiblí, Sábháilteacht Phoiblí)

Dámhachtainí Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil le haghaidh Athfhorbairt Ché Ros Mhic Thriúin

Bhuaigh Comhairle Contae Loch Garman gradam náisiúnta mór le rá ó Chambers Ireland sa chatagóir Feabhas ar an Timpeallacht Uirbeach ag searmanas Dámhachtainí Chambers Ireland i mí na Nollag 2015. Bronnadh an gradam seo le haghaidh Ché Ros Mhic Thriúin a mheastar a bheith ar an gceann is fearr sa tír sa chatagóir seo. Is é seo an ceathrú gradam náisiúnta a ghnóthaigh an Cé agus taispeánann sé an bród atá ag muintir Cheantar Bardasach Ros Mhic Thriúin as an taitneamhacht iontach seo.

Pleananna le haghaidh Glasbhealaí

Tharla dhá chomhairliúchán poiblí in 2015 idir Chomhairlí Contae Loch Garman agus Chill Chainnigh chun an pobal a chur ar an eolas faoi Thionscnamh na nGlasbhealaí agus an Droichid Dheirg. Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta in 2015 mar ullmhúchán roimh thús a chur leis an bpróiseas pleanála. Is é an cuspóir atá againn ná go mbeidh an obair thógála réidh le tosnú in 2016 agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun go gcríochnófar é ina dhiaidh sin.


Páirc Leabharlainne, Lána na Beairice

Thosnaigh an obair dheartha agus thógála ar an bPáirc Leabharlainne in 2015. Athróidh an áis seo den chineál is úire an suíomh i lár an bhaile ó bhun go barr. Beidh téamaí Ama, Eolais agus Foghlama ag an pháirc a bheidh lonnaithe ar shuíomh 20 aonad tithíochta sóisialta tréigthe agus Linn Snámha Chuimhneacháin Kennedy. Táthar ag súil an pháirc a oscailt de réir an sceidil in Aibreán 2016.

Dhearadh foireann inmheánach a raibh Eamonn Hore, Abraham Dunne, David Codd agus Elisa Woods páirteach inti an pháirc ina bheidh amfaitéatar le clog gréine nómain iomlán feidhmiúil i bhfoirm pheann cleite dúigh agus pota dúigh mar phríomhthaispeántas. Beidh cosán oghaim agus bealach manachúil sa pháirc freisin.

Is í Mary Reynolds, de bhunús Loch Garman, an téireannach is óige riamh a bhuaigh bonn óir ag Seó Bláthanna Chelsea, a dhearadh gairdín draíochtach na páirce.

Is cuid den obair iontach leanúnach chun spásanna riocht poiblí Ros Mhic Thriúin a fheabhsú í an pháirc.



Loingseoireacht ar an mBearú/An Bhearú a Oscailt

D'eagraigh Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin in éineacht le Comhairle Contae Cheatharlach agus gníomhairí eile, lena n-áirítear Uiscebhealaí Éireann, roinnt chruinnithe in 2015 d'fhonn iarracht a dhéanamh an Bhearú a oscailt d'úsáid fhóillíochta agus tráchtála agus d'fhonn áit mhealltach do thurasóirí a bhunú san Oirdheisceart. Leanfaidh an grúpa oibre ar aghaidh in 2016 d'fhonn maoiniú a fháil agus an tionscnamh a chur chun cinn.

Geilleagrach (Fiontraíocht, Forbairt, Mionfhiontair & Fiontair Shóisialta)

Eaglais Dhuáin

Rinneadh obair chaomhnaithe mhór ar Eaglais Dhuáin ar Leithinis Dhuáin in 2015. Is ceann de na suíomhanna seandálaíochta agus oidhreacht is tábhachtaí sa tír é.

Bhí slua mór i láthair, Comhairleoirí agus Oifigigh ó Chomhairle Contae Loch Garman ina measc, don lá oscailte ar an 3 Nollaig. Bhí Catherine McLoughlin, Seandálaí an Tionscnaimh, Yvonne Byrne, an tInnealtóir Caomhnaithe, agus Martin Codd, an Máistircheardaí Saor Cloiche, i láthair ar an lá.

Sóisialta (Tithíocht, Pobal, Áineas)

Scéim Thairseach

Cuireadh tús leis an Scéim Thairseach in 2015. Tá an rath ar an scéim seo a bhfuil 15 rannpháirtithe ann ó thaobh bhainistíochta bruscair agus oibreacha feabhsúcháin timpeallachta ar fud an bhaile de.

Féilte/Imeachtaí

Chuir Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin €100,000 ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí in 2015. Seo a leanas blas beag de chuid de na féilte seanbhunaithe a bhíonn ar siúl sa cheantar.

Féile Pianó Ros Mhic Thriúin

Tharla an 10ú Féile Pianó Ros Mhic Thriúin in 2015.

Ní hamháin gur ghlac taibheoirí Éireannacha páirt sa bhféile ach bhí taibheoirí ón Ísealtír, ón nGearmáin & ón Úcráin le cloisteáil freisin, agus d'oscail an fhéile le ceolchoirm cheiliúrtha inar sheinn Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ.



Ba í Sraith Thaipéis Ros a seoladh in 2014 ceann de bhuaicphointí na féile, sraith a thugann le chéile dhá ghné fíorthábhachtach de shaol cultúrtha ár mbaile – Taipéis Ros agus Féile Pianó Ros Mhic Thriúin. Is ionann Taipéis Ros agus taipéis Bayeux de chuid na linne seo a fhuaigh fuálaithe deonacha ón Oirdheisceart le 15 bhliain anuas. Insíonn sé i 15 phainéal iontach scéal theacht na Normannach, bunú bhaile Ros Mhic Thriúin agus lonnú an dúiche mórtimpeall. An bhliain seo caite, cuireadh brí agus anam sa taipéis tríd an gceol. Don dara bhliain seo, le cabhair ón gComhairle Ealaíon, coimisiúnadh cúig phíos ceoil go hiomlán éagsúil ón chéile chun an dara chúig phainéal den taipéis a shamhlú le ceol.



Thaifead ceamaraí RTÉ na taibhithe a thug mic léinn pianó, ceoltóirí bunaithe chomh maith le taibhithe gan ullmhú ar phianónna a leagadh amach go fánach ar fud an bhaile, rud a chabhraigh leis an bhféile a chuir in iúl do lucht féachana agus éisteachta náisiúnta.

Ba shraith imeachtaí draíochtach a bhí ann le ceolchoirm, pianódóirí iontacha, nuacheol, agallaimh le cumadóirí, seanroghanna, agus lucht éisteachta léirthisceanacha ón tír seo agus thar lear.

Féile Ghael-Mheiriceánach 2015

Ba dheireadh seachtaine den scoth féile 2015 mar cheiliúradh ar gach gné den Ghael-Mheiriceánachas le himeachtaí i Ros Mhic Thriúin ó Aoine 3 Iúil go Domhnach 5 Iúil.



Cuireadh ar fáil clár spleodrach imeachtaí don chlann ar fad le healaíona agus ceardaíocht ar an gCé, chomh maith le féile shráide ar tharla siamsaíocht bheo ón bpríomh stáitse ina dhiaidh le ceoltóirí agus bannaí ceoil iomráiteacha náisiúnta ar nós Frances Black, Sharon Shannon agus The Fureys ag seinm, chomh maith le bannaí ómóis Johnny Cash agus Garth Brooks. Lean taispeántas tinte ealaíne an Cheathrú Iúil os cionn na Bearú na ceolchoirmeacha seo.

Deontais a Bronnadh faoin Scéim um Thaitneamhacht & Deontais Ealaíon 2015

CP Dhún Canann	€866
An Gailearaí Cockleshell	€66
CP Cheann Poill Aontaithe	€1,116
Comhairle Paróiste Theampall Lúdagáin	€866
Grúpa Ceoil Chaisleán an Dinigh	€566
Banna Píob Ros Mhic Thriúin & a Cheantar	€466
Grúpa Veigeatóra Ballycullane	€266
Club Bád Ros Mhic Thriúin	€346
Conairí Siúil Loch Garman	€960
Grúpa Ealaíne na Trionóide, Theach Munna	€66
Cumann Bailte Slachtmhara na Gráinsí	€366
<i>The Land War in the Barony of Shelburne 1882-1888</i> , leabhar le Liam Ryan	€166
Cumann Ceoil Ros Mhic Thriúin	€266
Eagraíocht Náisiúnta na hIarshaighdiúirí & na hIarbhanshaighdiúirí	€491
Caife Óige an tSeamlais Ros Mhic Thriúin FDYS Mhuire	€244
Ionad Pobail Chluain an Róistigh	€1,066
Cumann Geamaireachta Chluain an Róistigh	€366
Cór & Grúpa Bhinn Charraig Bhraín	€566
Coiste Paróiste Naomh Máirtín, Ballycullane	€466
Halla Paróiste Choill an Hóraigh	€1,246
Féile Pianó Ros Mhic Thriúin	€120
Club Lúthchleasaíochta Mhaigh Arnaí	€266
Cumann Staire Bhanú	€66
Cumann Áitritheoirí Bhaile Hac/Cholmáin	€466
Grúpa Geadán Talún Ros Mhic Thriúin	€441
Club Dornálaíochta Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin	€766
Grúpa Gníomhcheantair Dhún Chormaic	€466
Bailte Slachtmhara Fhíodh Ard	€346
Bailte Slachtmhara na Carraige	€66
Páirc Phobail Cloughbawn	€466
Club Rámhaíochta St Kearns	€966
CLG Cloughbawn	€866
Botháin na bhFear Ros Mhic Thriúin	€466
Club Cispheile Sparks Ros Mhic Thriúin	€266
Naíonra Pobail First Friends, f/ch Scoil Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin	€166
ICA Mhaigh Arnaí	€366
Comhairle Pobail Terrerath	€766
Cúram Leanaí Pobail Teach Spraoi, Teach Munna	€466
Gasóga Loch Garman 12ú, Coill an Hóraigh	€866
Grúpa Taitneamhachta Charraig Bhraín	€466
Grúpa Pobail Lackan Hill	€366
Club CLG Uí Rathaille Ráth na gCosarán	€466
Club Óige Foróige Ballycullane	€666

CP St Leonards	€466
New Ross Needlecraft Teo (Taipéis Ros)	€166
Scoil Náisiúnta an Dúin Aird	€1,166
Banna Práis HFC	€371
Ciste Foirgníochta, Eaglais Mhuire Ros Mhic Thriúin	€266
2 Many Dance Moves, Ros Mhic Thriúin	€141
Club Lucht Tacáíochta CLG Loch Garman	€316
Club Peile Bhaile Ros Mhic Thriúin	€766
An Cumann Londain Loch Garman	€800
Club Camógaíochta Choill an Hóraigh	€546
Club Fo-Uisce Rinn Duáin	€566
Cros Dhearg na hÉireann, Brainse Inis Córthaidh	€266
Féile Dealbhóireachta Gainimh Dhún Canann	€1,346
Grúpa Bailte Slachtmhara Ballycullane	€66
Grúpa Gníomhaíochta Theach Munna	€666
Cúram Leanaí Phobail Thinteirn	€566
Naíonra Pobail Huggybears	€566
Cumann Forbartha Chluain an Róistigh	€66
Club CLG Choill an Hóraigh	€2,066
Grúpa Forbartha Killane	€266
Grúpa Drámaíochta Chamrois	€66
Cumann ICA Chamroise	€166
Cuardach agus Tarrtháil Abhann Ros Mhic Thriúin	€466
Club Carranna Spóirt & Clasaiceach Loch Garman	€466
Club Sacair Ros Bearrcon Aontaithe	€666
Club CLG Geraldine O'Hanrahan	€566
Cumann Dúchasach agus Traidisiúnta Bheanú	€566
Pobal Gheata na dTrí Philéar	€166
Cumann Áitritheoirí Gheata na dTrí Philéar	€466
Paróiste Mhainistir Thinteirn	€666
Coiste Cuimhneacháin Phléascadh St Kearns	€1,066
Ciste Paróiste Bhaile Uí Cheallaigh	€1,526
Club Buzzy Bees Ráth an Iúir	€250

Deontais a Bronnadh faoi Dheontais na gCumann Áitritheoirí 2015

Cumann Áitritheoirí, Céide Radharc na Coille, Maigh Arnaí	550
Cumann Áitritheoirí Ban Na Cheile, Cassagh	600
Cumann Áitritheoirí Pháirc na Sailí, Ros Mhic Thriúin	600
Cumann Áitritheoirí Pháirc na bhFianna, Ros Mhic Thriúin	600
Páirc Naomh Máirtín, Ballycullane	600
Cumann Áitritheoirí Dowsleys Barn, Ros Mhic Thriúin	600
Comhlacht Duncannon Beachview Management Teo	600
Cumann Áitritheoirí Fhaiche Aodháin	402
Cumann Áitritheoirí Chluainte Ráth Chró, An Ghráinseach	600
Grúpa Gníomhaíochta Theach Munna	600
Faire Comharsanachta an Bhóithrín	600
Cumann Áitritheoirí na Mainistreach, An Ballán, Ros Mhic Thriúin	600
Cumann Áitritheoirí Fhearann na Coille, Cluain an Róistigh	600
Ascaill na Mainistreach, Teach Munna	600
Cumann Áitritheoirí Aird Mhunna, Teach Munna	400
Cumann Áitritheoirí Ghort na Páirce, Ros Mhic Thriúin	600
Cumann Áitritheoirí Bhóthar na Gráinsí	600
Eastáit Mhóta Rois, Ros Mhic Thriúin	600
Gleann Leacain, Ros Mhic Thriúin	600
Cumann Áitritheoirí Bhaile Fhéilim	600
Páirc Bhréanail, Ros Mhic Thriúin	600
Cumann Áitritheoirí Phlásóg na Gráinsí	600
Eastáit Radharc na hAbhann, Ros Mhic Thriúin	400
Cumann Áitritheoirí Fhaiche an Aonaigh	600
Plás Shíol Bhroin	600
Radharc na Mainistreach, Ceann Poill	600

Seirbhísí Tithíochta

Seirbhísí Bóithre

Seirbhísí Uisce

Seirbhísí Forbartha Bainistíochta

Seirbhísí Comhshaoil

**Seirbhísí Fóillíochta agus
Taitneamhachta**

**Talmhaíocht, Oideachas,
Sláinte agus Leas**

Seirbhísí Éagsúla

Achoimre Cuntais Dheiridh 2015



Seirbhísí Tithíochta

Cuireann Rannóg Seirbhísí Tithíochta Chomhairle Contae Loch Garman tithíocht ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh nach bhfuil in ann cóiríocht chuí a íoc as a n-acmhainní féin.

Tithíocht den chineál seo a leanas atá i gceist:

- Cur ar fáil tithíocht údaráis áitiúil
- Tithíocht phríobháideach a ligean ar léas do dhaoine atá ar an liosta tithíochta
- Cur ar fáil iasachtaí ceannach tí
- Cur ar fáil deontais chun feabhas a chur ar thithe príobháideacha
- Deisiú agus cothabháil de thithe údaráis áitiúil
- Seirbhísí tithíochta do dhaoine gan dídean
- Cabhair do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
- An Clár Cóiríochta do Thaistealaithe

Tá stoc de thimpeall agus 4,300 teach le ligean ar léas do theaghlaigh agus do dhaoine aonair ag Comhairle Contae Loch Garman ar fud Chontae Loch Garman agus cuireann muid leis an stoc tithíochta seo trí níos mó ná 855 teach príobháideach a ligean ar léas freisin. Gach bliain, déanann muid os cionn 7,000 deisiúchán ar thithe.

Tá beagáinín níos mó ná 4,000 teaghlach ar liosta tithíochta na Comhairle.

In 2015, chaith Comhairle Contae Loch Garman beagnach €20m ar sheirbhísí tithíochta; rinneadh na seirbhísí seo a mhaoiniú tríd mheascán ioncam ó chíos, deontais rialtais agus táillí eile.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht, Pobal agus Comhshaoil (SPC)

Tá 14 chomhalta ag an SPC seo, lena n-áirítear comhairleoirí tofa, ionadaithe lucht leasa feirmeoireachta, ceardchumann agus comhaltaí pobail agus deonacha. Tá sé de chúram ag an gcoiste comhairle agus cabhair a thabhairt don Chomhairle le leagan síos, forbairt agus athbhreithniú beartas.

Tá réimse sainchúraim leathan ag an gcoiste. Is iad na príomhréimsí gníomhaíochta atá aige ná ceisteanna tithíochta, pobail, comhshaoil, leabharlainne, agus na seirbhísí ealaíne agus éigeandála.

Tháinig an coiste le chéile sé huaire in 2015. Tharla dhá cheann de na cruinnithe lasmuigh, lena n-áirítear ceann amháin ag Ionad Athchúrsála Bhaile Hóm áit a eagraíodh turas den áis, agus ceann eile ag Cé na Cille Móire, áit a eagraíodh turas de Mhuiríne Ché na Cille Móire agus Máguaird.

John Fleming – Cathaoirleach
David Hynes
Mary Farrell
Anthony Kelly
John O'Rourke
Ger Carthy
Fionntáin Ó'Suilleabháin
Joe Sullivan
Oliver Walsh
Lisa McDonald
James Brennan – Crann Taca Feirmeoireachta
Ciaran Scallan – Crann Taca Ceardchumann
Frances Ryan – Crann Taca Deonach agus Pobail
Kathleen Fitzpatrick – Crann Taca Ionchuimsiú Sóisialta

Seo a leanas cuid de na beartais agus na cláir a phlé an Coiste i rith na bliana:

- Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach (2015–2021)
- Straitéis Nua Leabharlann Phoiblí (2013–2017)
- Plean Bainistithe Bruscair (2015–2018)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)
- Tuarascáil Ealaíon – Creat um Fhorbairt 2015–2019
- Tacaíocht a thabhairt do Litearthacht san Údarás Áitiúil
- Clár Contae Aoisbháúil Loch Garman
- Clár Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
- Clár um Chaipiteal Tithíochta
- Feabhsúchán ar Stoc an Údaráis Áitiúil
- Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020

Clár um Fhoirgníocht Chaipitil 2015

- Cuireadh tús leis an obair thógála ar 8 dteach ag Cúirt Shanna, Loch Garman
- Leanadh ar aghaidh le tógáil 10 n-aonad ag Séipéal na hAbhann, Baile na Cúirte
- Deisiúchán/Atógáil 58 Sliamh Amharch, Inis Córthaidh
- Dearadh, pleanáil, tairiscint agus tús le hobair thógála teach riachtanais speisialta i bPáirc Cheannasóir Barry, Ros Láir
- Cuir i gcrích bhóthar seirbhíse sna Botha Fuara chun freastail ar Thionscnamh Aird Aoibhinn
- Deisiúchán/Atógáil 40 Pháirc Naomh Mháirtín, Ballycullane – Meitheamh 2015
- Deisiúchán/Tógáil 30b Páirc Oonavarra, Baile Uí Chonnmhaí – Lúnasa 2015
- Ard Aoibhinn, na Botha Fuara, Loch Garman 14 aonad tithíochta deonach – críochnaithe
- Coill an Iarainn, Guaire, 6 Aonad Tithíochta Deonach – críochnaithe
- Camphill, Baile Muine, tuarascálacha críochnaithe, ag fanacht ar mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Tástáil Radóin ar 1,400 teach (réadmhaoin den údarás uirbeach roimhe seo)
- Réadmhaoin NAMA – 13 teach iniúctha – moltar 10 gcinn a cheannach
- 28 Bóthar Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh – doiciméid do thairiscintí á ullmhú
- Sráid Phroinséis, Loch Garman – tairiscintí faighte
- Gort na Silíní, Inis Córthaidh – próiseas pleanála agus tairiscintí críochnaithe
- Baile Eoghain, Guaire – 9 dteach. Tairiscint críochnaithe
- Cluain Ard, Loch Garman – pleanáil idir lámha
- Bungaló i Maolán na nGabhar – dearadh críochnaithe – pleanáil idir lámha
- An Coillín, Loch Garman – dearadh críochnaithe do 10 dteach

Earnáil Cíos

Tá údaráis tithíochta freagrach as forfheidhmiú na gcaighdeán a leagtar amach sna Rialacháin (Caighdeán do Thithe ar Cíos) Tithíochta, 2008 agus 2009. Leagan na rialacháin seo amach na buncaighdeáin ar gá do thithe ligthe ar cíos comhlíonadh.

Rinneadh 239 iniúcháireacht in 2015. Baineadh amach ráta comhlíontacháin de 35% maidir leis na réadmhaoin a iniúchadh in 2015.


Scéim Cóiríochta Cíos (SCC)



Is tionscadal rialtais í an Scéim Cóiríochta Cíos (SCC) a chuireann rogha eile tithíochta ar fáil do thionóntaí san earnáil tithíochta phríobháideach agus dheonach atá ag fáil Forlíonadh Cíos ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh do thréimhsí ar leith. In 2015, aistríodh 51 teaghlach san iomlán chuig an SCC.

Ba bhliain an-dúshlánach í 2015 don SCC os rud é gur tharraing 42 tionónta amach as an scéim, ina measc 37 tiarna talún. Dá bharr, bhí orainn cóiríocht a fháil do 37 aonad teaghlaigh (a bhí i mbaol easpa dídine) i réadmhaoin folmha SCC, agus réadmhaoin nua agus cóiríocht tithíochta sóisialta a lorg.


Tionóntachtaí RAS de réir Ceantair



Tionscadal Léasaithe

Bhí 85 aonad léasaithe faoi chúram Chomhairle Contae Loch Garman ar an 31/12/2015. Déantar na réadmhaoin seo a fháil ar cíos ón earnáil phríobháideach agus úsáidtear iad mar chóiríocht do theaghlaigh ó liosta feithimh an údaráis áitiúil. Leithdháiltear réadmhaoin léasaithe do thionóntaí, de réir scéim leithdháilte an údaráis áitiúil.

Réadmhaoin ar Léas de réir Ceantair



Taispeántas Eicea-pháistí – 30 Deireadh Fómhair 2015

Gach bliain le roinnt blianta anuas, eagraítear an t-imeacht seo d'áitritheoirí thithe údaráis áitiúil, agus eagraítear imeacht imeallach do pháistí ann freisin le comórtas agus searmanas bronnadh duaiseanna.

I mbliana, is do pháistí go speisialta a bhí an t-imeacht agus d'eagraigh an Rannóg Tithíochta Taispeántas Páistí 2015 do pháistí na dtionóntaí údaráis áitiúil. Chuir na páistí isteach ar chomórtas trí Leabhar Oibre a chur le chéile. Tugadh cuireadh do gach páiste ar fud na tíre a bhfuil ina chónaí i gcóiríocht údaráis áitiúil ar cíós páirt a ghlacadh sa Dhúshlán Leabhar Oibre do Thaispeántas na bPáistí 2015. Bhí na rudaí seo a leanas sa leabhar oibre:

- Mír ag cur síos ort féin, ar do chaithimh aimsire, srl.
- Mír le haghaidh liníochta/collage
- Cuardach focal le téama Oíche Shamhna
- An chathair ghriobhain Eco – Eicea-chat a cheangail le hEicea-chailín
- Tóraíocht Taisce (pictiúirí de rudaí a d'fhéadfá a fheiceáil i do phobal/smaointe faoi rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh i do phobal)
- Spás folamh chun pictiúir duit féin a chur isteach
- Aghaidh fidil Oíche Shamhna a dhearadh don Eiceapháiste
- Ceangail na Poncanna



Is pearsana sárlaocha iad na hEicea-pháistí a chum an Rannóg Tithíochta roinnt blianta ó shin chun rannpháirtíocht, spiorad pobail agus dea-chaidreamh a chur chun cinn ina obair ar fud eastáit thithíochta údaráis áitiúil i gContae Loch Garman. Gach bliain, spreagann Eicea-pháistí páistí a chónaíonn i dtithe údaráis áitiúil páirt a ghlacadh ina bpobail.



An bhliain seo, bhreathnaigh Eicea-pháistí ar bhealaí conas caidreamh a dhéanamh leis an áit ina bhfuil siad ina gcónaí: an gcuireann sibh crainn nó bláthanna, an gcoinníonn sibh bhur dtithe/sráideanna/gairdíní/áiteanna súgartha ag breathnú go deas, an gcoinníonn sibh garraí luibheanna pobail/an ndéanann sibh gortghlanadh nó an bpiocann sibh suas bruscar leis an gcumann áitritheoirí? Abair linn cad ar mhaith libh a dhéanamh? Ba mhaith leis na hEicea-pháistí an dea-thionchar a d'fhéadfadh a bheith agaibh mar pháistí a fheiceáil agus sibh ag comhoibriú

le daoine eile in bhur n-áit chónaithe chun feabhas a chur air agus áit dheas a dhéanamh de ar féidir le gach duine taitneamh agus tairbhe a bhaint as.

I gcaitheamh an imeachta, ghlac páistí páirt i gcainteanna faoi Chónaí ar Eastáit agus Cúram Ainmhithe, bhí taispeántas plandaithe praiticiúil ann, agus bhí áit ann le haghaidh ealaíona agus ceardaíochta, áit le haghaidh spóirt agus damhsa, ciceáil chun chúil, péinteáil aghaidhe agus consóil Wii.

Bhí os cionn 100 rannpháirtí in éineacht lena dtuismitheoirí/seantuismitheoirí/caomhnóirí i láthair ag an ócáid.




Cothabháil Tithíochta (Cothabháil Fhreagartha)

Líon na dtithe ar rinneadh cothabháil orthu: 4231 – ar le CCLG iad
 36 – léasaithe go fadtéarmach
 Logáil déanta ar iarratais dheisiúcháin: 6,731 (timpeall agus. 130 sa tseachtain)
 Líon na dtithe deisithe réamh-léasaithe: 197

Céatadán na bPost

Criú Cothabhála: 43.8%
 Conraitheoir: 56.2%
 Buiséad ioncaim: €2.7 milliún



Nóta: Cuirtear iarratais a éilíonn obair chothabhála ar ghlacadh níos mó ná 30 lá sa chatagóir deisiúcháin fadtéarmacha.

Miondealú de shuíomh an stoc tithíochta do 2015

Limistéar	Tithe CCLG	Léas Fadtéarma	Deisiúcháin 2015
Loch Garman	1,404	10	2,024
Inis Córthaidh	1,118	4	1,817
Ros Mhic Thriúin	1,123	4	1,943
Guaire	586	18	947
Iomláin	4,231	36	6,731

2015 Feabhsuithe Fuinnimh

- Cuid 1 curtha i gcrích sa stoc tithíochta ar fad
- Thosnaigh Cuid 2 le Bailtíní Wolfe Tone

Cineálacha Réadmhaoine

14 aonad tithíochta
Teach Pobail Bhailtíní Wolfe Tone
Tearmann do Mhná

Oibreacha ginearálta lena n-áirítear.

Insliú áiléir
Insliú Cuasbhalla
Insliú Seachtrach
Aeráil Mheicniúil
Dlúthshoilse fluaraiseacha

Costais

Ranníocaíocht Chomhairle Contae Loch Garman: €129,946

Ranníocaíocht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann: €84,263

Costas iomlán na scéime: €214,209



Bailtíní Wolfe Tone



Cothabháil Pleanáilte 2015

Oibreacha pleanáilte straitéiseacha le buiséad €1 m ar stoc tithíochta níos sine.

Lena n-áirítear na hoibreacha seo a leanas

Barleyfields, Inis Córthaidh –
Clós Castan, Baile Liam –
Céide San Séamas, Teach Moshagard –
Bóithrín agus Lána an Chlochair, Ros Mhic Thriúin –
Ardán Naomh Máirtín, Lána Bhaile an
tSionóidigh, Loch Garman –
Plás an Hochtúnaigh, Ros Mhic Thriúin –

Bealaí isteach Thithe
Cuir isteach doirse nua
Cistineacha agus fuinneoga
Díonadóireacht agus Deisiúchán Simléar

Cosáin, cistineacha agus péinteáil
Péinteáil (féach thíos)



Plás an Hochtúnaigh, Ros Mhic Thriúin



Uasghrádú Feithicil Tithíochta

In 2016, cheannaigh an rannóg cothabhála tithíochta 8 bhfeithicil lena n-áirítear Veaineanna Painéal Beag, truiclín cabán criú 3.5T agus veain painéal mór (4x4). Ceannaíodh na feithicilí seo chun iad a chur in áit feithicilí níos sine. Feistíodh cuid acu le seilfeanna agus aonaid stórála (ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta) mar a fheictear thíos.



Fógra Maoinithe Infheistíocht Shuntasach €25 m

Bhí áthas ar Chomhairle Contae Loch Garman an fógra maidir le maoiniú €25 m do sholáthar aonaid tithíochta i Loch Garman sna trí bliana atá romhainn ó 2015 go 2017. Bainfidh an clár eocharthithíochta úsáid as réimse bearta soláthar tithíochta ar nós sealbhú, tógáil agus léasú tithíochta chun tithe a chur ar fáil do mhuintir Loch Garman, agus líon na ndaoine ar an liosta tithíochta a íslíú 27%. Soláthróidh an clár infheistíochta 677 aonad cóiríochta nua i gContae Loch Garman. Tabharfaidh an fhógairt seo ról lárnach arís don údarás áitiúil maidir le soláthar tithíochta do mhuintir Loch Garman. Ní hamháin go laghdóidh an clár an méid duine atá ar an liosta tithíochta ach cruthóidh sé deiseanna fostaíochta san earnáil foirgníochta freisin.

Na fógraí mhaoinithe a rinneadh maidir leis an gClár Foirníochta Tithíochta do Loch Garman.

Ainm/Seoladh an Tionscnaimh	Aonaid	Costas Measta
Séipéal na hAbhann, Guaire	10	€1,500,000
Cúirt Shanna, Loch Garman	8	€1,200,000
Sráid Phroinséis, Loch Garman	1	€129,000
Baile Eoghain, Guaire	9	€1,300,000
An Coillín, Loch Garman	10	€1,300,000

Taispeánann an tábla thíos an fógra maoinithe de €4.6 milliún a rinneadh maidir leis an gClár Cúnaimh Caipitil do Loch Garman i Lúnasa 2015.

Comhlacht Ceadaithe Tithíochta	Seoladh an Tionscnaimh Bheartaithe	Catagóir an Tionónta	Tógáil nó Sealbhú	Líon na nAonad	Costas Measta
Cumann Tithíochta Cluid	Bóthar Naomh Aodháin, Loch Garman	Gan Dídean	Tógáil	14	€2,200,000
Pobail na hÉireann Camphill	Teach Radharc an Chnoic, Baile Muine, Guaire	Míchumas	Fáil	4	€400,000
Tithíocht Dheonach Bhaile an Ghróntaigh	Baile an Bharraigh, Droichead Eoin	Míchumas & Aosta	Tógáil	16	€1,830,000
Cumann Tithíochta Cluid	11 Páirc Westfield, Guaire	Míchumas	Fáil	1	€246,506
IOMLÁN					€4,676,506

D'oscail an tAire Brendan Howlin scéim tithíochta Thaobh na Coille, sé aonad do dhaoine aosta in éineacht le Cumann Sciath-Thithíochta Choill an Iarainn, Dé hAoine 11 Meán Fómhair 2015, scéim maoinithe faoin gClár Cúnaimh Caipitil ar chostas €687,875.



Sealbhú Tithe

Fuarthas leithdháileadh d'os cionn €1.6 m ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun ceannach 14 réadmhaoin nua a mhaoiniú faoin gClár Sealbhú Tithe le linn 2015.

Deontais Tithíochta

Leanann an Rannóg Tithíochta ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'oibreacha a fheabhsaíonn dálaí maireachtála daoine faoi mhíchumas agus daoine le fadhbanna lúith, chomh maith le hoibreacha a thugann cúnamh do dhaoine aosta a chónaíonn i ndálaí tithíochta bochta agus aird ar leith á thabhairt ar an margadh is fearr a fháil nuair atá na hiarratais á measúnú. In 2015, rinneadh os cionn €1.4 m san iomlán a leithdháileadh ar scéimeanna deontais le cúnamh a thabhairt do 275 teaghlach.

Tábla 1: Achoimre ar leithdháileadh Bhuiséid 2015

HGDnna	MAGnna	HOPnna	IOMLÁN
€298,341.19	€482,906	€625,273	€1,406,520

Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht Thaistealaithe Áitiúla Loch Garman

Faoi Alt 21 den Acht um Chóiríocht don Lucht Siúil 1998, cheap Comhairle Contae Loch Garman Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht Thaistealaithe Áitiúla Loch Garman (LTACC) chun comhairle a thabhairt maidir le soláthar agus bainistíocht chóiríochta do thaistealaithe.

Eagraítear LTACC Chontae Loch Garman mar seo a leanas:

Cathaoirleach	Cathaoirleach Chomhairle Contae Loch Garman Ex Officio.
Á ainmniú ag Comhairle Contae Loch Garman	Cúig chomhalta tofa: Deirdre Wadding Uasal MCC, Ceantar Buirge Loch Garman An tUasal Joe Sullivan MCC, Ceantar Bardasach Ghuaire An tUasal Robert Ireton MCC, Ceantar Bardasach Ghuaire An tUasal Larry O'Brien MCC, Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin An tUasal Paddy Kavanagh MCC, Ceantar Bardasach Inis Córthaidh
Ionadaithe na dTaistealaithe	Mary Connors, Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin Margaret Kelly, Ceantar Bardasach Inis Córthaidh Mary Helen Connors, Ceantar Bardasach Inis Córthaidh Le líonadh: Ceantar Buirge Loch Garman Le líonadh: Ceantar Bardasach Ghuaire
Foireann	Elizabeth Hore Uasal, S E O, Forbairt Tithíochta & Phobail An tUasal Brendan Hynes, Oibrí Sóisialta An tUasal Ray Colfer, Rúnaí

Tháinig LTACC Chontae Loch Garman le chéile trí huaire i rith 2015. Seo cuid de na ceisteanna a pléadh:


- Toghadh/comhthoghadh ionadaithe Taistealaithe chun na folúntais a líonadh
- Caidreamh fhoireann Forbartha Áitiúil Loch Garman le pobal na dTaistealaithe go ginearálta
- Iniúchadh dóiteáin agus sábháilteachta ar chóiríocht thaistealaithe ar leith
- Comhaireamh bliantúil de na Teaghlaigh Thaistealaithe (703)
- Atheagrú an Ghrúpa Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe
- Athoscailt láithreán stad Insí an Mhéirse
- Cistiú lárnach do chóiríocht do theaghlaigh thaistealaithe ar leith
- Dul Chun Cinn an Chláir um Chóiríocht do Thaistealaithe 2014 - 2018

I mí na Samhna 2015, d'fhreastail ionadaithe den choiste ar sheimineár náisiúnta maidir le ceisteanna faoi chóiríocht thaistealaithe i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Táscairí Feidhmíochta na Seirbhísí Tithíochta 2015

Fo-Chatagóir	Mionsonraí	Luach
Líon na nAonad Tithíochta	Líon na n-áiteanna cónaithe a tógadh in 2015	1
	Líon na n-áiteanna cónaithe a ceannaíodh in 2015	14
	Líon na n-aonad a soláthraíodh faoin Scéim Cúnaimh Cíosa (RAS)	51
	Líon na n-aonad a soláthraíodh faoin Tionscadal um Léasú Tithíochta Sóisialta (SHLI)	44
	Líon iomlán na n-aonad breise a sholáthar CCLG sa tréimhse 1/1/2015 go 31/12/2015	110
	Stoc tithíochta iomlán CCLG (tógtha nó ceannaithe)	4,234
	Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoin SCC	752
	Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoin SHLI	132
	Líon iomlán na tithíochta sóisialta	5,118
Cothabháil agus Deisiúchán	Caiteachas ar dheisiúchán agus cothabháil stoc Údarás Áitiúil in 2015	€3,099,288
	Caiteachas in 2015 ar dheisiúchán agus cothabháil, roinnte ar stoc tithíochta CCLG	€732
Athléasú Aonaid fholmha	Líon na n-aonad cónaithe laistigh den stoc iomlán nach raibh aon tionónta iontu ar 31/12/2015	39
	Meán-am a ghlac sé ón dáta ar fágadh áit chónaithe go dtí an dáta a thosnaigh tionóntacht nua	13.70 seachtain
	Meánchostas tionónta nua a fháil do na haonaid agus na haonaid nua a fháil réidh le haghaidh léasaithe nua	€7,298
	Líon na n-aonad ina raibh tionóntacht nua in 2015 ná	174
	Caiteachas iomlán ar dheisiúcháin riachtanacha a rinneadh chun na haonaid a ullmhú le haghaidh athléasaithe áirithe thuas	€1,269,866
Cóiríocht Phríobháideach Ar Cíos	Líon na dtionóntachtaí cláraithe sa limistéar údaráis áitiúil	8,407
	Líon na gcigireachtaí a rinneadh	247
Cóiríocht Éigeandála agus Easpa Dídine	Líon na ndaoine fásta ag cónaí i gcóiríocht éigeandála go fadtéarmach mar % de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean	34.21%
	Líon na ndaoine fásta rangaithe mar dhaoine gan dídean ag cónaí i gcóiríocht éigeandála ar oíche an 31/12/2015	38
	Líon na ndaoine fásta ar an dáta sin a raibh cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála go leanúnach ar feadh 6 mhí	13

STAITISTICÍ SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA



- Ar fáil faoi RAS
- Ar fáil faoi SHLI
- Ceannaithe
- Tógtha

STOC TITHÍOCHTA AG
DEIREADH NA BLIANA

5,118



Seirbhísí Bóithre

Tá sé de fhreagracht ag Rannóg Seirbhísí Bóithre Chomhairle Contae Loch Garman bonneagar bóithre a chur ar fáil agus a chothabháil i gContae Loch Garman. Tá bainistíocht 13,000 solas poiblí faoi chúram na roinne freisin, chomh maith le cur ar fáil agus cothabháil áiseanna páirceála agus cur i bhfeidhm ár gClár um Chur Chun Cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

Tá bonneagar bóithre an chontae roinnte i gceithre chatagóir:

- Mótarbhealach 25 km
- Bóithre náisiúnta 171 km
- Bóithre réigiúnacha 457 km
- Bóithre áitiúla 2,756 km

Roinneann Comhairle Contae Loch Garman an fhreagracht maidir le cothabháil agus feabhsúchán líonra mótarbhealach, náisiúnta agus réigiúnach an chontae le TII (Bonneagar Iompair Éireann).

In 2015, chaith Comhairle Contae Loch Garman níos mó ná €26m ar na seirbhísí thuasluaite. Rinneadh é seo a mhaoiniú le deontais rialtais, ioncam ó rátaí tráchtála agus táillí páirceála.

Buaicphointí 2015

Scéim PPP Sheachbhóthair M11 Inis Córthaidh

I ndiaidh próiseas tairscinte iomaíoch ón TII, bronnadh an conradh don scéim thuasluaite i nDeireadh Fómhair 2015. BAM/Iridium/PGGM an forthairgeoir a bhuaigh an conradh, cuibhreannas a bhfuil taithí leathan aige i ndearadh, tógáil agus feidhmiú mhórtionscnamh bóithre ar fud an domhain.

Cuireadh tús leis an obair ar an tionscnamh sa ráithe deiridh de 2015 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí Iúil 2019. 40 km de bhóithre lena n-áirítear 27 km de mhótarbhealach atá sa scéim.

Scéim PPP Sheachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin

Mar aon leis an scéim M11, fuarthas agus bronnadh tairscintí ag deireadh 2015. Is é an cuibhreannas BAM/Iridium/PGGM a bhuaigh an conradh seo freisin. Cuireadh tús leis na hoibreacha sa ráithe deiridh de 2015 agus leanfaidh siad ar aghaidh go dtí 2019. 12 km d'hoibreacha bóithre nua atá sa scéim agus tógfar an droichead is mó in Éirinn trasna na Bearú.

Bóithre Náisiúnta

Cuireadh i gcrích ceithre scéim feabhsúcháin, 9.5 km san iomlán, mar pháirt den Scéim Feabhsúcháin ar Dhromchlaí Líonra Iarmharach Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin agus Guaire go hInis Córthaidh.

Cuireadh i gcrích feabhsúchán ar 3.5 km de bhóithre áitiúla faoi Scéim Feabhsúcháin ar Dhromchlaí Líonra Iarmharach Guaire go hInis Córthaidh.

Bóithre Neamhnáisiúnta

Rinneadh obair fheabhsúcháin ar 47.34 km de bhóithre neamhnáisiúnta an chontae faoin gClár Athchóirithe, agus rinneadh cóiriú dromchla ar 76.80 km eile, ath-thimthriall cóiriú dromchla de 44.9 bliain.

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostais

Gach bliain, cuireann an Roinn Iompair maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun feabhsúcháin ísealchostais a chur ar chodanna de bhóithre atá contúirteach nó a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. In 2015, cuireadh i gcrích Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostais ag seacht suíomh ar fud an chontae.

Feabhsúcháin Ísealchostais Shábháilteacht ar Bhóithre 2015		
Suíomh	Cur síos ar an Obair	Costas
Leacan , Ros Mhic Thríúin	Feabhsú na n-amharclínte	€15,000
Sráidbhaile an Bhábhúin Nua	Cur síos cosán	€13,000
Acomhal R746 agus L 20053	Feabhsú na n-amharclínte	€20,000
Acomhal R739 agus L7092	Feabhsúcháin ar dhromchlaí bóithre agus marcáil línte	€40,000
Baile Camchluana, Guaire	Feabhsú na n-amharclínte	€20,000
Baile Loch Garman	Leathnú bóthair, cur isteach cosáin agus soilsiú poiblí	€40,000
Cnoc Ghuaire	Uasghrádú trasrian coisithe agus Soilsiú poiblí leathnaithe	€35,000
Costas Iomlán		€183,000

Soilsiú Poiblí

I mBealtaine 2015 síníodh conradh nua cothabhála soilse le Kilaree Lighting Services Teo le haghaidh cothabhála 13,000 solas poiblí an chontae. Rinneadh coigilteas beagnach €80,000 sa bhliain i gcostais chothabhála soilsiú poiblí dá bharr.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Leanann Comhairle Contae Loch Garman ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána, an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus le gníomhaireachtaí rialtais éagsúla agus eagraíochtaí deonacha áitiúla eile chun an teachtaireacht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur trasna i gContae Loch Garman. Ina theannta sin, déantar imscrúdú ar gach imbhualadh marfach ar bhóithre. Gné lárnach de chlár shábháilteacht ar bhóithre na Comhairle ná an Tionscadal um Shábháilteacht ar Bhóithre - Níl Ann Ach Saol Amháin. Lean Comhairle Contae Loch Garman, Club Rotary Loch Garman, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar aghaidh leis an tionscadal seo ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar mhic léinn idirbhliana. Ba í seo an naoú bliain a eagraíodh an clár, agus ghlac 1,500 mac léinn ón 20 meánscoil sa chontae páirt sna himeachtaí thar sé lá éagsúil i rith 2015.

Bailte Taistil Gníomhacha

In 2015, cuireadh tús leis an obair ar Scéim na mBailte Taistil Gníomhacha ar Bhóthar Ros Láir ó Bhaile Mhaidilín go Draighneach. Is scéim í seo chun raonta rothair, cosáin, bána busanna agus bearta moillithe tráchtá a chur isteach. Is é príomhchuspóir an tionscadail seo ná úsáid charranna a laghdú sa limistéar agus siúlóid agus rothaíocht a chur chun cinn.

Clár Fostaíochta Pobail

Bhí Comhairle Contae Loch Garman freagrach as dhá scéim fhostaíochta pobail ag clúdach cúig limistéar, ag fostú dhá mhaor agus 70 rannpháirtí. Bhí an scéim i bhfeidhm i sé limistéar: Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, limistéir innealtóireachta Inis Córthaidh agus Ghuaire, Daingean Dhún Canann agus Leabharlann Loch Garman.

Fuair go leor de rannpháirtí na Scéime post i rith na Scéime nó díreach tar éis dóibh páirt a ghlacadh sa Scéim.

Coiste um Beartais Straitéiseacha – Bóithre agus Iompair

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Bóithre agus Iompair le chéile dhá uair in 2015 agus pléadh na nithe seo a leanas:

- Dul chun cinn na mórscéimeanna seachbhóthair
- Tionscnaimh Faoisimh Tuile – Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh
- Bainistíocht Tráchtá i mbailte agus sráidbhailte
- Ceisteanna comhshaoil
- Cothabháil gheimhridh
- Soilsiú Poiblí

SPC Bóithre agus Iompair
An Comhairleoir Larry O'Brien – Cathaoirleach
An Comhairleoir Michael Whelan
An Comhairleoir Mick Roche
An Comhairleoir James Browne
An Comhairleoir Anthony Connick
An Comhairleoir Pip Breen
An Comhairleoir Deirdre Wadding
Brendan Crowley – Crann Taca Gnó/Tráchtála
Michael Bennett – Crann Taca Thionscal na Foirgníochta
Declan Roche – Crann Taca Cheardchumainn
Bernie Mullen – Crann Taca Ionchuimsiú Sóisialta

Táscairí Feidhmíochta Bóithre agus Iompair 2015


Innéacs Bhail Dhromchla na mBóithre (PSCI)

Catagóir Bóthair	Rátáil PSCI				% iomlán na gciliméadar de chatagóir bóthair a bhfuil rátáil PSCI acu
	1–4	5–6	7–8	9–10	
Príomhbhóithre	15%	13%	15%	13%	56%
Bóithre den dara grád	15%	9%	10%	8%	42%
Bóithre réigiúnacha	10%	8%	20%	20%	58%
Bóithre treasacha	19%	4%	6%	4%	33%

Táscairí Feidhmíochta Bóithre Eile 2015

Deontas um Fheabhsúchán Bóithre Réigiúnacha 2015	€1,561,686.00
Deontas um Chothabháil Bóithre Réigiúnacha 2015	€540,200.00
Líon ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a treisíodh le cúnamh ó dheontais um fheabhsúchán ar bhóithre	10.2 km
Líon ciliméadar de bhóithre réigiúnacha ar cuireadh athdhromchla orthu le cúnamh ó dheontais chothabhála bóithre	20.7 km
% na n-idirbheart mótarcháin ar líne	58.44%

STAITISTICÍ SEIRBHÍSÍ BÓITHRE



● 1-4 PSCI ● 5-6 PSCI ● 7-8 PSCI ● 9-10 PSCI



€1,561,686


Regional Road Improvement Grant



€540,200

Regional Road Maintenance Grant

% de na kms iomlán de chatagóir bóthair le Rátáil PSCI





Is í Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae Loch Garman atá freagrach as soláthar agus cothabháil bhonneagar uisce an chontae. Tá Comhaontú Seirbhíse againn le hUisce Éireann chuige seo agus is iadsan a fhaigheann na costais ar ais lena dtabhairt do Chomhairle Contae Loch Garman. Áirítear lenár mbonneagar uisce, píobánra soláthair uisce de thart ar 2,050 ciliméadar, 647 ciliméadar de shéarach, tuairim is 100 ionad cóireála uisce, breis is 50 ionad cóireála séarachais, 130 tobar agus 8 láthair astarraingthe uisce.

Anuas ar an méid thuas, tacaíonn an Chomhairle le líon mór scéimeanna grúpa uisce agus séarachais. Is líonraí iad seo atá i seilbh phríobháideach, agus tógtar is cothaítear iad le tacaíocht ó Chomhairle Contae Loch Garman.

Is í Comhairle Contae Loch Garman freisin atá freagrach as líonra áiseanna leithreas poiblí a sholáthar agus a chothabháil ar fud an chontae. Tá cuid acu seo suite in áiteanna sa chathair agus tá cinn eile le fáil ag an-chuid tránna poiblí. Cuireann Comhairle Contae Loch Garman breis is milliún lítear uisce .

In 2015, chaith Comhairle Contae Loch Garman níos mó ná €11m ar sholáthar seirbhísí uisce. Fuair Uisce Éireann an chuid is mó den chaiteachas seo ar ais agus thug don Chomhairle é.

Dramhuisce

Ar son Uisce Éireann WCC, táimid fós i mbun 189 ionad agus 647 ciliméadar de shéarach poiblí ar fud na tíre a oibriú, ina gcóireáiltear dramhaíl ó fhoinsí baile agus trádála/tionsclaíocha araon. Tá 5 ghléasra de chuid Chomhairle Contae Loch Garman ann freisin, arna n-oibriú ag conraitheoirí príobháideacha.

Uisce Óil

Ar son Uisce Éireann, tá Comhairle Contae Loch Garman fós i mbun 212 ionad agus 2,050 de phríomhlíonra uisce phoiblí a oibriú, a dhéanann freastal ar tuairim is 105,000 duine. B'ionann agus 14,132,777 m³ an táirgeadh uisce óil a bhí ann in 2015. Ina theannta seo, déanann Comhairle Contae Loch Garman maoirseacht ar oibriú na scéimeanna grúpa uisce (128 scéim a fhreastalaíonn ar timpeall 2,200 duine) agus na scéime um Dheontais i gcomhair Toibreacha Aonair.

Rinneadh 270 iarratas nua in 2015, agus b'ionann sin is bronnadh 6,287 deontas i gcomhair toibreacha aonair go dtí seo.

Baineann thart ar 75% de dhaonra Chontae Loch Garman úsáid as uisce poiblí, 5% acu sin trí scéimeanna grúpa uisce agus 20% trí thoibreacha príobháideacha.

Cáilíocht an Uisce Óil: Baineadh amach comhlíonadh 99.37%, 99.90% agus 99.64%, faoi seach, leis na caighdeáin mhicribhitheolaíochta, cheimiceacha agus táscaire arna leagan síos in IR 122 (2014).

Tá laghdú fós ag teacht ar chéatadán an uisce gan táscair ó 51% nuair a cuireadh tús leis an tionscadal caomhnaithe uisce, go dtí 35.2% faoi láthair. (Is é an spriocfhigiúr uisce gan táscair do chontae tuaithe amhail Loch Garman ná 20–25%.) In 2015, deisíodh 692 sceitheadh sa phríomhlíonra uisce.

Tionscadail Chaipitil

In 2015, cuireadh síos 1.92 km de phíblínte nua. Rinneadh seo in áiteanna amhail an Lána Fada, Cúil Ghréine, agus an Chraobhach i nGuaire.

Scéim Camrais Ghuaire/Bhaile na Cúirte

Gléasra Bhaile na Cúirte fós á uasghrádú. Tá gléasra Ghuaire curtha as feidhm.

Scéim Camrais Inis Córthaidh

Tá conraitheoir fós á lorg chun na hoibreacha uasghrádaithe a chur i bhfeidhm.

Soláthar Uisce Réigiúnach Ghuaire

Tá tús curtha le dearadh gléasra nua cóireála ag Baile Uí Mheannáin.

Caomhnú Uisce


Tá faomhadh faighte chun 9 gciliméadar de phríomhlíonra uisce (tuaithe) agus 12 chiliméadar (Baile Loch Garman) a athsholáthar, lena n-áirítear 872 seirbhísí cúlchlóis.

Táscairí Feidhmíochta i dtaca le Seirbhísí Uisce	
Céatadán scéimeanna príobháideacha uisce óil a bhfuil comhlíonadh bainte amach acu	94.10%


STAITISTICÍ SEIRBHÍSÍ UISCE

Ta 2,050 KM de phríomhphíopaí uisce poiblí ag freastal ar 105,000 saoránach

212 áiseanna uisce óil faoi Comhairle Contae
Loch Garman thar ceann Uisce Éireann



● Scéimeanna Uisce Ólacháin atá ag Comhlíonadh na Rialacha
● Neamhchomhlíonadh



● Uisce Poiblí ● Toibreacha Príobháideacha ● Grúpscéimeanna

NDU
NÍOCHTAÍ DON UISCE
35%
SÍOS Ó
51% AG TÚS
TIONSCADAL



Seirbhísí Bainistíochta Forbartha

Áirítear le Seirbhísí Bainistíochta Forbartha Chomhairle Contae Loch Garman na réimsí seo a leanas:

- **Pleanáil**
- **Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Turasóireacht Áitiúil**

In 2015, rinneadh caiteachas breis is €9 m sa réimse Seirbhísí Bainistíochta Forbartha, agus fuarthas maoiniú don chaiteachas seo ó mhuirir le haghaidh seirbhísí agus ó rátaí tráchtála.

Pleanáil

Áirítear leis seo réimsí amhail Pleanáil Chun Cinn (pleananna forbartha, pleananna limistéir áitiúil, beartais), Bainistíocht Forbartha (iarratais phleanála), Forfheidhmiú Pleanála, Eastáit Thithíochta gan Chríochnú, Láithreáin Thréigthe, Struchtúir Chontúirteacha, Rialú Foirgníochta, agus Caomhnú agus an Oidhreacht Thógtha.

Pleanáil Chun Cinn

Is treoirphlean é plean forbartha maidir le conas is cóir ceantar a fhorbairt sa todhchaí i dtaca le bonneagar, seirbhísí agus saoráidí. Soláthraíonn sé an cúlra beartais iomlán ar cóir tagairt dó nuair atá na hiarratais phleanála uile á meas agus á gcinneadh. Tá cúig phlean den chineál sin forbartha ag Comhairle Contae Loch Garman, ceann ar leith do gach ceann de na príomhionaid uirbeacha sa chontae agus ceann foriomlán don chontae.

Is éard is plean limistéir áitiúil ann ná “mionphlean forbartha”, agus réitítear é seo i ndáil le haon limistéar a mheasann an t-údarás phleanála a bheith oiriúnach, mar shampla, limistéir a bhfuil athnuachan geilleagrach, fisiciúil agus sóisialta ag teastáil iontu nó limistéir a bhféadfadh forbairt ar scála mór tarlú iontu. Tá pleananna limistéir áitiúil i bhfeidhm faoi láthair maidir le Baile Ghuaire agus an ceantar máguaird, Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann, Farna, Bun Clóidí, Cluain an Róistigh, Teach Munna agus Calafort Ros Láir, agus Cill Ruáin.

Thairis sin, soláthraíonn an Rannóg Pleanála sa Chomhairle doiciméid bheartais ina bhfuil treoir maidir le réimsí ar leith gníomhaíochta. Feidhmítear na beartais seo i dteannta le pleananna forbartha agus pleananna limistéir áitiúil, and treoraíonn siad uile an fhorbairt fhoriomlán sa chontae. Forbraíodh beartais maidir le réimsí amhail fuinneamh gaoithe, forbairt foraoiseachta agus bonneagar teileachumarsáide.

Glacadh **Plean Limistéir Áitiúil Bhaile na Cúirte/Séipéal na hAbhann** ar an 2 Feabhra 2015, tar éis comhairliúcháin chuimsitheach leis an bpobal agus le grúpaí ionadaíocha. Soláthraítear straitéis dhearfach phleanála sa Phlean do Bhaile na Cúirte/Séipéal na hAbhann, ina leagtar amach príomhbheartais chun forbairt phoiblí agus phríobháideach a threorú, mar aon leis na príomhspríocanna atá le cur i gcrích maidir le seirbhísí agus taitneamhachtaí le linn shaolré an phlean.

Le linn 2015, cuireadh tús le hathbhreithniú ar **Phlean Forbartha Bhaile agus Cheantar Loch Garman 2009-2015**. Rinneadh obair leathan suirbhéireachta, lena áiríodh suirbhé cuimsitheach ar úsáid talún, athbhreithniú ar 1,500 iarratas phleanála chun stair phleanála den bhaile a thabhairt chun críche, suirbhé ar fholúntais mhiondíola i lár an bhaile agus athbhreithniú ar struchtúr, fheidhm agus chríos na Saincheantar Máistirphlean atá ann faoi láthair.

In 2015, chuir an Chomhairle tús freisin le hathbhreithniú ar **Phlean Ceantar Áitiúil Ghuaire 2010**.

Le linn 2015, d'ullmhaigh an Rannóg Pleanála Chun Cinn comhairle/tuairiscí freisin maidir leis an Scéim Deontas um Ionaid Uirbeacha Ainmnithe, an Bróisiúr Gairdíní Inrochtana, Críosú Tailte chun críche an Gheilleagair, an Straitéis Fiontraíochta Réigiúnaí, Tithíocht Shóisialta, agus an Comhlachas Tráchtála – Athbhreithniú Miondíola.

Réitíodh aighneachtaí freisin i dtaca leis an Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS), Grid Link, pleananna údarás áitiúil in aice láimhe, Uisce Éireann agus Straitéis Forbartha Áitiúil Loch Garman.

Staitisticí

In 2015, fuair Comhairle Contae Loch Garman 1,291 iarratas pleanála san iomlán, arbh ionann é agus méadú 18% ar fhigiúr 2014. Seo a leanas staitisticí rannóige eile le haghaidh 2015:

- 11,407 fiosrú teileafóin
- 4,208 fiosrú ag an deasc phoiblí
- 724 iarratas ar chomhairle réamhphleanála
- 1,054 cinneadh
- 89% iarratas ar tugadh cead pleanála ina leith

Bailíodh iomlán €2.8 m i ndáil le tobhaigh forbartha (ranníocaíochtaí) in 2015, i gcomparáid leis an bhfigiúr €1 m a bailíodh in 2014.

Forfheidhmiú Pleanála

Le linn 2015, fuair Comhairle Contae Loch Garman gearáin faoin reachtaíocht um fhorfheidhmiú pleanála. San iomlán, réitíomar 411 cás, d'eisíomar 176 Litir Rabhaidh agus 53 Fógra Forfheidhmithe, agus chuireamar 9 gcás eile ar bhagair le haghaidh faoi choinne imeachtaí dlí.

Struchtúir Chontúirteacha/Láithreáin Thréigthe

Is í ár Rannóg Pleanála a bhainistíonn freagrachtaí reachtúla Chomhairle Contae Loch Garman sa réimse seo. Le linn 2015, rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse. D'eisíomar 130 fógra faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, i dtaca le 21 áitreabh. Réitíodh ocht gcás go foirmeálta, agus baineadh réiteach amach maidir le hocht gcás eile nach raibh gá fógra S.8 (7) a eisiúint go foirmeálta ina leith. In 2015, d'eisigh Comhairle Contae Loch Garman 26 fógra freisin i dtaca le Struchtúir Chontúirteacha. I gcás ceithre chinn de na fógraí seo, chuir an Chomhairle oibreacha éigeandála i bhfeidhm chun an struchtúr bainteach a dhéanamh sábháilte.

Rialú Foirgníochta

Fuair Comhairle Contae Loch Garman 346 Fógra um Thosach Feidhme faoin reachtaíocht rialaithe foirgníochta. De réir na dtreoirí náisiúnta, moltar ráta cigireachta 12% – 15% in aghaidh na bliana, agus rinne Comhairle Contae Loch Garman 30% de chigireachtaí in 2015. Tógadh seacht n-eastát déag i gcúram in 2015.

Le linn 2015, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le heastáit gan chríochnú, agus chaith Comhairle Contae Loch Garman €1,465,148.42 san iomlán ar fhadhbanna sa réimse seo. Rinneadh réimse leathan oibreacha ar 83 eastát ar fud an chontae, lenar áiríodh soilsiú poiblí, soláthar spás taitneamhachta, bóithre agus cosán, réiteach tailte neamhfhorbartha, soláthar cóireála dramhuisce agus feabhsú ar uisce óil.

In 2015 freisin, d'éirigh leis an gComhairle dhá bhanna urra a éileamh agus a réiteach, arbh ionann is €277,315.24 iad, agus rinneadh 15 bhanna airgid ar luach iomlán €546,734.27 a aistriú go foirmeálta chuig an gComhairle; scaoileadh iad ina dhiaidh sin chun oibreacha leasúcháin sna heastáit ábhartha a mhaoiniú.

Caomhnú agus an Oidhreacht Thógtha

Ceardlann Scileanna Traidisiúnta agus Tuíodóireachta

Reáchtáladh ceardlann ar an Aoine 27 Márta a bhí dírithe ar chleachtóirí agus gairmithe sa réimse scileanna traidisiúnta, sa chaoi go bhféadfaí na scileanna cuí a shainaithint le freastal ar riachtanais obair caomhnaithe an lae inniu. Cuimsíodh sa cheardlann, plé faoi conas a d'fhéadfaí a leithéid de scileanna a sholáthar tríd an gcreat tríú leibhéal seanbhunaithe – mar shampla, trí chlár phrintíseachta, cúrsaí ollscoile lae ó Leibhéal 5 go Leibhéal 8, nó roghanna i dtaca le Foghlaim ar feadh an tSaoil.

Tá Comhairle Contae Loch Garman den tuairim gur gné thábhachtach dár gclár forbartha geilleagraí tuaithe iad na cúrsaí seo, agus go n-oirfidís go maith dár dtionscnaimh chaomhnaithe oidhreachta, lena n-áirítear an Bealach Normannach.

Tionscadal Athchóirithe – Eaglais Naomh Dubháin, Rinn Duáin

Tugadh na hoibreacha ag Eaglais Naomh Dubháin chun críche ag deireadh 2015.

Cloíodh leis na caighdeáin chaomhnaithe is airde le linn na n-oibreacha seo, agus ar na páirtithe a rinne maoirseacht ar an obair, bhí Comhairle Contae Loch Garman, an t-innealtóir caomhnaithe, seandálaithe, agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.



Tionól Aolta sa Pháirc Oidhreachta

Le linn Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta 2015, d'óstáil Fóram Aolta Tógála Éireann (BLFI), i gcomhpháirt le Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Loch Garman, "Tionól Aolta" i bPáirc Oidhreachta Náisiúnta Éireann. Le linn an imeachta seo, úsáideadh suaiteoir moirtéil meánaoiseach, a suiteáladh go gairid roimhe sin, chun meascán traidisiúnta aoil te a dhéanamh lena bhféadfaí muclach a thógáil. Ba é aidhm an imeachta seo, a mhair an deireadh seachtaine ar fad, ná gairmithe amhail saoir cloiche, innealtóirí agus ailtirí a chur ar an eolas, agus seans a thabhairt don phobal, saineolaithe a fheiceáil i mbun scileanna traidisiúnta agus a bheith rannpháirteach san obair dá mba mhian leo.



D'éirigh go hiontach leis an imeacht, agus tá struchtúr agus scéal nua ann anois a bheidh mar chuid de stair Pháirc Oidhreachta Náisiúnta Éireann.

Inrochtaineacht

Seo a leanas na freagrachtaí atá ag Rannán Inrochtaineachta na Rannóige Pleanála:

- **oibríonn siad i gcomhpháirt** leis an Rannóg Pleanála gach bliain maidir le réamh-mheasúnuithe um Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (DACanna) a chur i bhfeidhm chun iarratasóirí pleanála a chur ar an eolas faoi riachtanais Cuid M na Rialachán Tógála
- déanann siad dearadh uilíoch **a chur chun cinn** mar chuid d'oibreacha bonneagair agus cláir chaipitil uile Chomhairle Contae Loch Garman, agus chuige seo, déanann siad promhadh míchumais ar thionscadail agus iad á ndearadh
- **tacaíonn siad le** tionscal turasóireachta atá inrochtana agus inbhuanaithe, agus chun é seo a bhaint amach, cuireann siad iniúchtaí agus moltaí i bhfeidhm, mar aon le cuairteanna ar láithreáin, lena n-áirítear ár láithreáin oidhreachta agus ár suímh trá agus turasóireachta
- **oibríonn siad i gcomhar** le Rannóga eile lena chinntiú go bhfuil Comhairle Contae Loch Garman ag cur seirbhís uilíoch ar fáil atá inrochtana do chách

Tionscnamh Píolótach Cathaoireacha Rothaí Trá

I gcaitheamh na bliana 2015, cuireadh cathaoireacha rothaí trá ar fáil ar dhá phríomhthrá i gContae Loch Garman. Is deis iad na háiseanna cathaoireach rothaí saindeartha seo do neart daoine faoi mhíchumas, taitneamh a bhaint don chéad uair as turas lae ar thránna clúiteacha Loch Garman, rud a ndéanann an chuid is mó dinn talamh slán de.

Is í Comhairle Contae Loch Garman an chéad údarás áitiúil sa tír a bhfuil an beart nuálach seo curtha i bhfeidhm aige. Seoladh na Cathaoireach Rothaí, Trá Ros Láir. Ba chlár comhoibríoch de chuid Chomhairle Contae Loch Garman é an tionscnamh seo, atá éirithe go geal leis, agus fuair siad tacaíocht ó ghnóthais áitiúla agus ó chumainn phobail: Surf Shack i gCurrach Cló agus Cumann Forbartha Pobail Ros Láir.



Gairdíní, Páirceanna agus Spásanna Pobail

I mí na Bealtaine 2015, sheol Cathaoirleach Chomhairle Contae Loch Garman, an Comhairleoir Malcolm Byrne, leabhrán físiúil agus comórtas le haghaidh gairdíní, páirceanna agus spásanna pobail. Ba é aidhm an chomórtais cúnamh a thabhairt do ghrúpaí pobail ar fud an chontae, a bpáirc, gairdín nó spás poiblí a thiontú ina spás uileghabhálach inrochtana do chách, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas.

Ba chúis bróid do Chumann Forbartha Pobail Ros Láir an chéad duais de €7,000 a bhaint amach, agus bronnadh duaiseanna tánaisteacha de €5,500, €4,500 agus €3,000 ar Ghrúpa Fochla Mhóin na gCaor, Bailte Slachtmhara Mhuileann Fúca agus Bailte Slachtmhara Abhalloirt, faoi seach.

Browsealoud

In 2015, thug an Chomhairle áis isteach ar a láithreán gréasáin darb ainm Browsealoud.

Éascaíonn an breisiú seo aistriú éasca an eolais atá ar an láithreán gréasáin in aon cheann de 32 teanga éagsúil, agus freisin tá cluasrogha ann a ligeann do dhaoine “éisteacht” leis an eolas atá ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Is forbairt réamhghníomhach fhorásach é an feidhmchlár maidir le soláthar seirbhísí inrochtana; cuirfidh sé feabhas suntasach ar inrochtaineacht eolas agus sheirbhísí na Comhairle do chách agus ag an am céanna, freastalóidh sé ar éagsúlacht an daonra reatha, atá de shíor i mbun fáis.

Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas – Dispeansáidí agus Maolú (Cuid M)

De réir na nAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990–2007 agus na Rialachán um Rialú Foirgníochta 1997–2015, tá Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) ag teastáil i ndáil le gach foirgneamh nua, lena n-áirítear bloic árasáin, méaduithe ar fhoirgnimh agus aon athrú ábhartha ar úsáid foirgneamh.

In 2015, fuair an Chomhairle 67 iarratas ar DAC, mar aon le 14 iarratas ar Dhispeansáid ó Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta, nó maolú air.



Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Turasóireacht Áitiúil

Tá an rannán seo de Sheirbhísí Bainistíochta Forbartha na Comhairle freagrach as cur chuige comhordaithe a stiúradh i dtaca le forbairt gheilleagrach agus fiontraíochta sa chontae. Tá foireann tiomanta 11 duine sa rannán, lena n-áirítear an Ceann Fiontraíochta, an tOifigeach Forbartha Contae agus an tOifigeach Turasóireachta sa Chontae. Áirítear leis na seirbhísí iad siúd a sholáthraítear tríd an Oifig Fiontair Áitiúil faoi na brandaí “Loch Garman i mBun Gnó” agus “Tabhair Cuairt ar Loch Garman”.



Ar na seirbhísí eile a chuirtear ar fáil sa rannán seo, tá soláthar talún chun críche forbartha fiontraíochta; réimse tacaíochta le haghaidh ionad fiontraíochta; cur chun cinn tionscnamh cruthaithe post; athnuachan uirbeach agus sráidbhailte; nascadh bailte; agus tacaíocht do thurasóireacht. Tá an rannán seo freagrach freisin as tacaíocht na Comhairle d'iarracht na dTriúr Deirfiúr chun an gradam Lárionad Eorpach Cultúir 2020 a bhaint amach.

B'iarracht chomhpháirtíochta é “Na Triúr Deirfiúr” de chuid Loch Garman, Phort Láirge agus Chill Chainnigh chun an gradam Lárionad Eorpach Cultúir a ghnóthú don oirdheisceart don bhliain 2020. Seoladh an iarracht seo in 2015 nuair a cuireadh foireann iarrachta réigiúnach ar bun i bPort Láirge. Seoladh an leabhar iarrachta dar teideal “Currents of Culture” ar aghaidh chuig an bPainéal Moltóireachta Eorpach i nDeireadh Fómhair le haghaidh Chéim 1, agus bhain sé an gearrliosta amach le haghaidh Chéim II i Nollaig 2015.

Forbairt Gheilleagrach

Seoladh na Sraithe Straitéisí um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

I mí Iúil, sheol Comhairle Contae Loch Garman sraith straitéisí i dtaca le bolscaireacht ghnó ag imeacht a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Sheáin.

Is é aidhm na sraithe straitéisí ná Loch Garman a chur chun cinn mar láthair inar féidir gnó a dhéanamh agus mar áit a mheallfaidh infheistíocht agus poist chuig an gcontae.

Cuimsítear sa tsraith straitéisí an foilseachán “Loch Garman s'Againne”; is irisleabhar lándaite snasta é seo ina gcuirtear Loch Garman faoi bhráid an tsaoil ar bhunús Ár nDaoine, Ár n-Áit agus Ár bPaisean; físeán bolscaireachta faoin gcontae agus sraith bróisiúr dar teideal Roghnaigh Loch Garman.



Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Chruthú Post 2015

I mí Mheán Fómhair, chabhraigh Rannóg Forbartha Geilleagraí Chomhairle Contae Loch Garman le hóstáil imeacht bolscaireachta maidir le Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Chruthú Post don Oirdheisceart; is doiciméad straitéise thar a bheith suntasach é seo, a cuireadh le chéile mar thoradh ar chomhoibriú idir an-chuid ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus údarás áitiúil, lena áiríodh Comhairle Contae Loch Garman.


Is é an sprioc a leagtar amach sa phlean uailmhianach seo ná méadú fostaíochta de 10–15% (25,000 post sa bhreis) i gcontaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann, Phort Láirge agus Loch Garman. Áirítear leis seo gealltanas go bhforbrófar Mol Nuálaíochta/TF i Loch Garman Thuaidh agus go ndéanfar níos mó forbartha ar an earnáil seirbhísí airgeadais i mBaile Loch Garman.



Réitigh Réadmhaíne



In 2015, thosaigh an tAonad Forbartha Geilleagraí ag obair ar straitéis chun teacht ar réitigh maidir le fadhbanna réadmhaíne sa chontae. Mar chuid den straitéis, rinneadh Lisney & Future Analytics a choimisiúnú chun staidéar a dhéanamh ar thalamh fholamh thionsclaíoch agus thráchtála (Meán Fómhair 2015), agus beidh seo ina bhunús le riachtanais na todhchaí a aithint.




Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (LECP)

D'oibrigh an tAonad Forbartha Geilleagraí ar fhorbairt an LECP i gcomhar leis an Rannóg Forbartha Pobail i gComhairle Contae Loch Garman.

Go luath in 2015, choimisiúnaigh Comhairle Contae Loch Garman an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann in Ollscoil Mhá Nuad chun Tuairisc Bonnliné Shocheacnamaíoch Loch Garman a dhréachtú, a bheidh mar bhonn agus thaca ag forbairt an LECP.

Tar éis chríochnú na tuarascála seo, chomh maith le sraith cruinnithe comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, rinneadh comhaontú i mí Mheán Fómhair ar an ráiteas socheacnamaíoch agus sé Sprioc Ardleibhéil (HLG) don phlean. Tá an LECP le críochnú agus le faomhadh ag an gComhairle go luath in 2016.



Oifig Fiontair Áitiúil (ÓFA) Chomhairle Contae Loch Garman


Bunaíodh an ÓFA in Aibreán 2014 chun go nglacfadh sé áit an Bhoird Fiontar Chontae a bhíodh ann roimhe sin, agus na seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn sé, is feidhm ríthábhachtach anois iad d'aonad forbartha fiontair agus geilleagair na Comhairle. Feidhmíonn an ÓFA faoi théarmaí comhaontaithe seirbhíse a rinneadh idir Comhairle Contae Loch Garman agus Fiontraíocht Éireann. Ní foláir don ÓFA plean gníomhaíochta bliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach na seirbhísí, gníomhaíochtaí, tionscadail, cláir agus spriocanna tábhachtacha atá ar intinn aige a sholáthar gach bliain. Tá an ÓFA lonnaithe i mBloc A, Comhairle Contae Loch Garman, an Charraig Leathan, Loch Garman, agus is féidir é a aimsiú ar líne ag www.localenterprise.ie/wexford. Tá seisear ball foirne san ÓFA, agus an Ceann Fiontraíochta i gceannas orthu.

Sholáthair an ÓFA clár suntasach gníomhaíochta le linn 2015, lenar áiríodh:



Forbairt Turasóireachta

Bhain Contae Loch Garman tairbhe as líon méadaithe turasóirí arís in 2015. Le blianta fada anuas, tá go leor tacaíochta curtha ar fáil ag Comhairle Contae Loch Garman don earnáil turasóireachta, agus le cabhair ón tionscnamh “Tabhair Cuairt ar Loch Garman”, oibríonn siad go dlúth le páirtithe leasmhara na hearnála seo, a chuimsíonn óstáin, áiteanna ar díol spéise do thurasóirí iad, agus soláthraithe turasóireachta; tá an contae tar éis an-tairbhe a bhaint as an obair seo. In 2015, thug “Tabhair Cuairt ar Loch Garman” faoi fheachtas mór margaíochta chun cur le próifíl an chontae go náisiúnta. Chuige seo, seoladh fógra teilifíse, feachtas raidió agus feachtas clár fógraíochta in áiteanna ar leith ar fud na tíre. Díríodh aird shuntasach freisin ar na féilte a bhíonn ar siúl sa chontae, mar shampla, an Fhéile Spiegeltent, a mbíonn an-tóir uirthi, an Fhéile Winterland, Jest Fest agus féilte eile nach iad ar fud an chontae.



Fáilte Ireland – Oirdheisceart Ársa Éireann


Bíonn Comhairle Contae Loch Garman ag obair go dlúth le Fáilte Ireland chun feabhas a chur ar na háiteanna sa chontae a mbíonn spéis ag turasóirí iontu, agus chun an scéal a scaipeadh maidir le príomhthaitneamhachtaí a mbíonn tarraingt mhór ag turasóirí orthu, mar shampla, Teach Solais Rinn Duáin, Páirc Oidhreacht Náisiúnta Éireann, Caisleán Inis Córthaidh, Ionad Náisiúnta 1798, Long an Ghorta i nDún Bróithe, agus áitreabh JFK, Kennedy Homestead.

In Aibreán 2015, sheol Fáilte Ireland “Oirdheisceart Ársa Éireann”, tionscnamh a chuireann le Slí an Atlantaigh Fhiáin. Clúdaíonn an limistéar seo 16 chontae ó Chontae Lú go Contae Chorcaí, agus leis an tionscnamh thuas, táthar ag súil go gcuirfear leis an dúrud tairbhí stairiúla agus cultúrtha atá ar fáil sa chuid seo den tír. Cuimseoidh an tionscnamh 5,000 bliain staire laistigh de cheantar méith tuaithe ina mbeifear in ann taitneamh a bhaint as finscéalta agus eachtraí na seanchaithe is fearr ar domhan. Cuirfear comharthaíocht in airde ar theorainneacha an chontae chun tabhairt le fios go bhfuiltear ag teacht isteach ann, agus beidh comharthaíocht treoshuimh le feiceáil in 12 láthair tosaigh sa chontae, rud a léireoidh croí Oirdheisceart Ársa Éireann.

An Bealach Normannach

Mar chuid de Thionscnamh Oirdheisceart Ársa Fáilte Ireland, lorg Comhairle Contae Loch Garman cúnamh deontais thart ar €200,000 le haghaidh

fhorbairt Shlí Oidhreachta, “An Bealach Normannach”. An bealach turasóireachta oidhreachta agus fóillíochta seo atá molta, déanfaidh sé lonnaithe stairiúla Normannacha i gcontaetha Chill Mhantáin, Loch Garman, Phort Láirge agus Chill Chainnigh a nascadh lena chéile, agus nuair a bheidh sé críochnaithe, is crann taca láidir lárnach a bheidh ann maidir le bonneagar turasóireachta an chontae ina iomláine.



Tuairisc Turasóireachta Cheantair Ros Mhic Thriúin agus Rinn Duáin

In 2015, tugadh faoi thuairisc ar an turasóireacht atá i bhfeidhm i gCeantair Ros Mhic Thriúin agus Rinn Duáin, agus an acmhainneacht turasóireachta a bhaineann leis na ceantair sin. Leagadh béim sa tuairisc seo ar phríomhbhuntaistí an cheantair, mar aon le pleananna don todhchaí. Áirítear leo seo forbairt glabhhealaigh idir Ros Mhic Thriúin agus Port Láirge; eispéireas taiscéalaí abhann ar bhád fartha (nó gormbhealach) agus forbairt an Cheantair Normannaigh i mBaile Ros Mhic Thriúin.

Margaíocht Chomhoibríoch Tourism Ireland

Tá ciste anois ann a thacóidh le láithreacha inar féidir le daoine ag teacht ó thíortha eile rochtain a fháil ar Éirinn, sa chaoi go laghdófar an brú atá ar láithreacha rochtana Bhaile Átha Cliath. In 2015, bhí Comhairle Contae Loch Garman páirteach i bhfeachtas margaíochta comhoibríoch d'Aerfort Phort Láirge in éineacht le Comhairlí Contae Phort Láirge agus Chill Chainnigh, inar díródh ar an mbealach VLM ó Birmingham, i gcomhpháirt le VLM agus Tourism Ireland. Tá plean i bhfeidhm freisin chun tionscadal den saghas céanna a fhorbairt i gcomhair Aerfort Ros Mhic Thriúin.

Forbairt Scileanna don Tionscal Turasóireachta

Reachtáladh imeacht faisnéise agus líonra tionscail in Aibreán 2015 ar fhreastail breis is 200 duine air a raibh baint acu le tionscal turasóireachta Chontae Loch Garman. Le linn an imeachta seo, cuireadh coincheap Oirdheisceart Ársa Éireann faoi bhráid Chontae Loch Garman agus seoladh bróisiúr agus Treoir Féilte 2015, “Tabhair Cuairt ar Loch Garman”, mar aon leis an bhfeachtas foriomlán margaíochta maidir le “Tabhair Cuairt ar Loch Garman”.

D'eagraigh Ennis and Co. Consultants ceardlann fhaisnéiseach freisin i dtaca le hobair i gcomhar le gnóthais turasóireachta eile. Tharla imeacht líonraithe eile i Samhain 2015, ar ghlac comhairleoirí turasóireachta SoolNua páirt ar leith ann.

An Coiste um Bheartais Straitéiseacha i dtaca le Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht

An Coiste um Bheartais Straitéiseacha i dtaca le Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht
An Comhairleoir Michael Sheehan – Cathaoirleach
An Comhairleoir Kathleen Codd-Nolan
An Comhairleoir John Hegarty
An Comhairleoir Martin Murphy
An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy
An Comhairleoir Paddy Kavanagh
An Comhairleoir Frank Staples
An Comhairleoir Frank Johnny Mythen
An Comhairleoir George Lawlor
An Comhairleoir Keith Doyle
Sam Rose – Crann Taca Feirmeoireachta
John Doyle – Crann Taca Forbartha/Tógála
Ernest Livingston
Karl Fitzpatrick – Crann Taca Gnó/Tráchtála
Mr. Michael Bennett – Crann Taca Thionscal na Tógála
Caroline Beale – Crann Taca Ceardchumann
Susan Murphy – Crann Taca Cuimsithe Shóisialta
Dan Kennedy – Crann Taca Pobail/Grúpaí Deonacha
Post Folamh – Crann Taca Comhshaoil

Ábhair a ndearnadh plé orthu in 2015

Gás Nádúrtha

Bhí cruinniú ann idir grúpa gnó d'úsáideoirí a lán fuinnimh agus Gas Networks Ireland mar thoradh ar an gcur i láthair a rinneadh don Choiste um Bheartais Straitéiseacha, agus ba é aidhm an chruinnithe sin ná a dheimhniú an bhféadfaí an phíblíne gháis a shíneadh chomh fada le Baile Ros Mhic Thriúin.

Seisiúin Eolais Oíche i dtaca le Gnó

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil an coiste dhá sheisiúin eolais (Inis Córthaidh agus Guaire) i gcomhair gnóthas áitiúil ina soláthraíodh faisnéis faoin tacaíocht atá ar fáil ó Chomhairle Contae Loch Garman, Rannóg Fhorbairt Áitiúil Loch Garman, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus comhlachais tráchtála áitiúla.

Lárionad Eorpach Cultúir

Le linn 2015, bhí borradh mór faoi iarracht chontaetha an Oirdheiscirt, Loch Garman, Port Láirge agus Cill Chainnigh, an Lárionad Eorpach Cultúir a óstáil in 2020. Bunaíodh foireann tionscadail iomlán tiomanta faoin mbranda “Na Triúr Deirfiúr” agus an tasc a bhí ag an bhfoireann ná iarracht a chur le chéile, céim 1 den phróiseas a bhaint amach, lenar áiríodh oifigeach tionscadail lánaimseartha ó Loch Garman a cheapadh mar acmhainn. D'éirigh le foireann na dTriúr Deirfiúr céim 1 a bhaint amach, agus tugadh cuireadh dóibh, iarracht iomlán a ullmhú le haghaidh céim 2 den phróiseas i nDeireadh Fómhair 2015.



KILKENNY—WATERFORD—WEXFORD
European Capital of Culture Candidate

Leathanbhanda

Rinne an coiste iniúchadh ar stádas bonneagair agus seirbhísí leathanbhanda i gContae Loch Garman. Mar chuid den iniúchadh sin, d'eagraigh an coiste cur i láthair ó SIRO.

Eile



I gcaitheamh 2015, bhí an coiste páirteach freisin i dtionscadail amhail Fiontraí Óg is Fearr Éireann, agus thacaigh sé le comhlachais tráchtála Loch Garman, Ghuaire agus Ros Mhic Thriúin ina n-iarrachtaí leanúnacha, deiseanna gnó a thapú oiread agus is féidir sna ceithre cheantair bhardasacha i Loch Garman.

Rinne an coiste obair chomh maith ar dhréachtpháipéar taighde maidir le cumas meánscoileanna i gCeantar Loch Garman.

Oiliúint Ghnó


In 2015, d'oibrigh an Rannán Turasóireachta i gcomhpháirt leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun sraith cúrsaí sainoiliúna dírithe ar thurasóireacht a chur ar fáil, lenar áiríodh Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí, Margaíocht Éifeachtach, Margaíocht ar na Meáin Shóisialta, agus Mapáil Eispéreas Custaiméirí. Bhí freastal maith ar na cúrsaí agus táthar ag leanúint dóibh in 2016.

An Ciste Diaspóra Pobail

Is é atá sa Chiste Diaspóra Pobail ná comhpháirtíocht thrí bhealach idir Fáilte Ireland, IPB Insurance agus Comhairle Contae Loch Garman, a cuireadh ar bun mar thoradh ar a fheabhas a d'éirigh le Tóstal Éireann i dtaca le pobail áitiúla a spreagadh, na naisc diaspóra a chur chun tairbhe agus cuairteoirí a mhealladh ó thar lear. Beidh an ciste seo i bhfeidhm go dtí 2016.

Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta	Deontas a Fuarthas
Slatiascairí Bád Beag na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann	€2,500
Cumann Peile Ollscoileanna na hÉireann	€1,500
Cumann Gael-Shrí Lanca an Oirdheiscirt i nGuaire	€500
Cannonball Ireland	€2,500
Fáiltiú Comórtha 25 bliain do Mhic Léinn na Gearmáinise	€1,000
Ionad Ealaíon Loch Garman	€2,000
Grúpa Pobail 'Tops' i gCill Ruáin Calafort Ros Láir	€1,500
Grúpa Ceoil Chaisleán an Dinigh	€2,000
Seó Talmhaíochta Ghuaire	€1,500
Turasóireacht Tuaithe Rinn Duáin	€2,000
Cumann Gailf Loch Garman	€1,500
Cónaidhm Slatiascairí Mara na hÉireann	€3,000
Ealaín Lasmuigh	€1,000
Wexford Wanderers RFC	€1,500
Cór Fear Loch Garman	€1,500
Club Rac is Roll an Oirdheiscirt	€2,500
Meánscoil FCJ	€2,000
Cumann CLG Fhearna Naomh Aodhán	€2,000
Seó Míleata Loch Garman	€1,000

Bróisiúr Ginealais



Forbraíodh bróisiúr ginealais in 2015, atá ina acmhainn do chuairteoirí atá ag iarraidh a sinsearachta a fhiosrú laistigh den chontae.

Tá fáil ar an mbróisiúr ar líne ar www.visitwexford.ie/myfamilyhistory

STAITISTICÍ PLEANÁLA



11,407

Tháinig ceist isteach ar an nguthán



4,208

Tháinig ceist isteach ag an deasc phoiblí



724

iarratas ar chomhairle réamhphleanála



1054

Thángthas ar cinneadh



89%

Ceadaíodh de na hiarratais

Let the Normans lead the way...



TURASÓIREACHT

Maoiniú
€178,000
ón mBord Fáilte



Seirbhísí Comhshaoil

Bainistíocht Cósta agus Cuanta

I gcaitheamh na bliana, lean an Rannóg Seirbhísí Comhshaoil de mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar creimthe chósta feadh imeallbhord fada an chontae.

Bronnadh gradam Brataí Goirme ar na tránna seo a leanas in 2015:

- Baile na hEiscrí
- Bhaile na Cúirte
- Caisleán Mhurchú
- Currach Cló
- Ros Láir



In 2015, bronnadh gradam Brataí Goirme muiríne ar na muiríní seo a leanas, ar leis an gComhairle nó faoi stiúir na Comhairle iad:


- Cé na Cille Móire
- Ros Mhic Thriúin

In 2015, bhain na tránna seo a leanas an gradam Cósta Ghlais amach; is gradam é seo a thugann aitheantas do thránna a bhfuil ardchaighdeán uisce, inrochtaineacht eolais chomhshaoil agus rannpháirtíocht pobail ag baint leo:

- Culleton's Gap
- Cathóir agus Old Bawn
- Ballyhealey
- Booley Bay
- An Ghráinseach
- Cill Eilleáin

Cáilíocht Aeir, Cáilíocht Uisce agus Monatóireacht Torainn

Le linn 2015, rinne an Rannán Uisce, Aeir agus Torann monatóireacht, sampláil agus anailísiú ar cháilíocht an uisce, an dramhuisce, an aeir, an torainn agus gnéithe eile den chomhshaol de réir reachtaíocht an AE agus na hÉireann.



Bainistíocht Dramhaíola

Rinne an Rannán Oibríochtaí Dramhaíola cothabháil ar 2 láithreán líonta talún dúnta, 4 láithreán conláiste cathartha agus 112 láithreán “fág anseo” ar fud an chontae. Ar na seirbhísí nua a tugadh isteach i láithreáin chonláiste chathartha, áiríodh dramhbhia scagtha i láithreáin Ghuaire agus Ros Mhic Thriúin.

Bailíodh 2,697 tonna gloine agus cannaí alúmanam san iomlán i láithreáin “fág anseo” dár gcuid. Bailíodh 3,448 tonna dramhaíola inár láithreáin chonláiste chathartha, lenar áiríodh 2,225 tonna dramhaíola in-athchúrsáilte agus in-aisghabhála.

In 2015, d'eisíomar 242 fíneáil bruscair, agus d'éirigh le 17 gciontú cúirte de bharr bruscar a chaitheamh.

Fuair an Chomhairle 1,922 tuairisc maidir le caitheamh bruscair nó dumpáil mhídhleathach in 2015. Rinne an fhoireann thart ar 1,150 glantachán le linn 2015.

Bíonn meascán modhanna in úsáid ag Comhairle Contae Loch Garman chun breith orthu siúd a mbíonn dumpáil mhídhleathach ar siúl acu ar an tsráid, faoin tuath nó in áiteanna aitheanta ina gcaitear bruscar, agus áirítear ar na modhanna sin Maoir Phobail, Saorghlao Frithbhruscar – 1800 DUMPED (1800 386733), foireann forfheidhmithe chomhshaoil, agus ceamaraí soghluaiste TCI.



Contae Loch Garman - Céatadáin i dtaca le Monatóireacht Bruscair					
Bliain	Gan Bhruscar	Leibhéal Éadrom Bruscair	Meánleibhéal Bruscair	Ardleibhéal Bruscair	Leibhéal fíordhona bruscair
2015	10.60%	65.90%	18.43%	5.07%	0%
2014	37.4%	50.41%	12.3%	0%	0%
2013	51.92%	39.42%	7.69%	0.97%	0%
2012	26.79%	60.71%	12.50%	0%	0%
2011	7.50%	82.50%	10%	0%	0%
2010	13.20%	53.90%	28.90%	3.90%	0%
2009	0%	75.30%	21%	3.70%	0%
2008	9.40%	55.20%	26%	9.40%	0%
2007	5.40%	60.90%	17.40%	16.30%	0%

Baineann Comhairle Contae Loch Garman úsáid as an gCóras Náisiúnta um Mhonatóireacht Truailithe Bhruscair chun méid an truailithe bhruscair sa chontae a thomhas agus chun a dhearbhuí cén saghas bruscair atá ann. Sa tábla an leathanach roimhe seo, léirítear comparáid idir 2015 agus blianta eile chomh fada siar le 2007.

Fíneálacha Bruscair a d'Eisigh Comhairle Contae Loch Garman							
2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008
242	154	140	182	209	270	345	528

Rialú Madraí agus Capall

Chosnaigh an tseirbhís €249,547, agus fuarthas ioncam €166,401 ó cheadúnais, fíneálacha agus muirir.

Bhí 23 Bunachas Pórúcháin Madraí ar an gclár faoin Acht um Bhunachais Pórúcháin Madraí 2010.

Laghdaíodh líon na madraí a raibh gá biorán suain a thabhairt dóibh ó 35% in 2014 go 22% in 2015.

Rialú Madraí	2014	2015
Líon na madraí sa phóna ag tús na bliana	17	12
Líon na madraí ar rug an Maor Madraí nó an Garda Síochána orthu	862	762
Líon na madraí a géilleadh don Mhaor Madraí nó don Gharda Síochána	425	299
Líon na madraí ar thóg a n-úinéirí ar ais iad	162	135
Líon na madraí a fuarthas teaghlaigh nua dóibh	300	307
Líon na madraí a aistríodh chuig grúpaí leasa madraí	375	386
Líon na madraí ar tugadh biorán suain dóibh	446	232
Líon na madraí a fuair bás nádúrtha	9	1
Líon na madraí sa phóna ag deireadh na bliana	12	12

Rialú Capall	2014	2015
Líon na gcapall a chuir ACS Ltd. i bpóna	187	86
Líon na gcapall ar thóg a n-úinéirí ar ais iad	5	1
Líon na gcapall a fuarthas teaghlaigh nua dóibh	10	28
Líon na gcapall ar tugadh biorán suain dóibh	172	57

Oideachas agus Feasacht maidir leis an gComhshaol

Clár na Scoileanna

- Bhain 6 scoil a gcéad Bhratach Ghlas amach (iomlán sa chontae: 99)
- Bhí freastal maith ar sheimineár scoileanna glasa i nDeireadh Fómhair, agus rinneadh cur i láthair ar gach ceann den 7 dtéama atá ina mbonn leis an gclár scoileanna glasa
- Ghlac 55 scoil páirt i gceardlanna a raibh an comhshaol mar phríomhthéama iontu
- Thug 5 scoil cuairt ar Lárionad Bainistíochta Dramhaíola Bhaile Hóm
- Cuireadh 1,527 iontráil isteach don Chomórtas Ealaíne Comhshaoil, ar cur chun cinn chósta Loch Garman an aidhm atá leis
- Bhain Comórtas Athchúrsála na Nollag an méid is mó iontrálacha amach, agus cuireadh 308 iontráil ar aghaidh chuig babhta ceannais an chontae.



Comórtais Chomhshaoil

- Sa Chomórtas “Coinnigh Loch Garman Álainn”, díriodh aird ar réimse tionscadal iontach ar fud an chontae. Tugadh catagóir nua isteach chun cosc agus athúsáid dramhaíola a chur chun cinn i bpobail
- Reáchtáladh na Gradaim Chomhshaoil i mí na Samhna, agus d'fhreastail breis is 300 ar an imeacht
- Bhí ardchaighdeán ag baint leis na hiontrálacha a fuarthas don Chomórtas “Snap Into Action” agus do Chomórtas Sheachtain Náisiúnta na gCrann
- Bhain 49 grúpa pobail deonacha leas as deontas plandála



Feachtais Chomhshaoil

- Ba é an fócas le linn na Samhna agus na Seachtaine Eorpaí um Chosc Dramhaíola ná an Feachtas Feasachta, “A Slice of Advice”, arbh é an aidhm a bhí leis ná cur amú aráin a chosc. Thacaigh an cócaire teilifíse Catherine Fulvio le feachtas meán sóisialta
- Seoladh an Feachtas Feasachta um Bhruscar Guma i mBaile Loch Garman, agus reáchtáladh an cheardlann oideachais “Cuir sa Bhruscar É” in 5 mheánscoil i gContae Loch Garman. Is é aidhm an fheachtais seo ná daoine a spreagadh, a nguma coganta a chur sa bhruscar ar bhealach freagrach



- Cosc dramhaíola a chur chun cinn, mar aon le lógó an Réigiúin Oirdheiscirt, “Déan Rud Amháin Eile”
- Rinneadh bailiúchán dramhaíl feirme ghuaiseach in Aonach Ros Mhic Thriúin ar an gCéadaoin 25 Samhain. Ba dheis iontach an lá sin d'fheirmeoirí fáil réidh lena gcuid dramhaíola guaisí ar bhealach a chosnódh sláinte daoine, beostoic agus an chomhshaoil. Thacaigh an Ghníomhaireacht Cosanta Comhshaoil (GCC), Teagasc, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Comhairle Contae Loch Garman, DTLL Éireann, an tArdán Athchúrsála Eorpach (ERP) agus Enva Ireland Ltd. leis an imeacht
- Cur chun cinn an fheachtais Siúlóir Madraí Glas



Tionscnaimh Phobail

- Tugadh cúnamh do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara maidir le hullmhú do Chomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara
- Scaip lucht na Scéime Crainn do Loch Garman, 5,961 crann agus fáлта ar 142 grúpa pobail
- Rinneadh stiallacha de chrainn Nollag i sé ionad ar fud an chontae
- Cuireadh Cosc Dramhbhia chun cinn ag Seó Talmhaíochta Chill Laig, Féile Mhuirí Loch Garman agus Expo Loch Garman
- Cuireadh tús le glasú Fhéile Mhuirí Loch Garman in 2015. Ar na tionscnaimh a bhí ag an imeacht, áiríodh seastán faisnéise maidir le cosc dramhbhia agus múiríniú baile, agus ceardlann ealaíne athúsáide do pháistí ar an Satharn agus an Domhnach. Comharthaíocht d'araidí bruscair chun scaradh ceart dramhaíola a chur chun cinn le linn na féile
- Cur chun cinn Sheachtain an Chósta Ghlain agus Deireadh Seachtaine an Ghlantacháin Mhóir Trá, agus cabhrú le daoine maidir le heagrú na n-imeachtaí sin. 3 Suiteáladh stáisiúin glantacháin trá dhá nóiméad i gCurrach Cló, Caisleán Mhurchú agus Dún Canann
- Reáchtáladh Glantachán Earraigh Náisiúnta le linn mhí Aibreán, agus leanadh den chúnamh le glantacháin phobail i gcaitheamh na bliana, nuair a cuireadh 379 glantachán i bhfeidhm
- Baineadh an speiceas ionrach, draighean mara, de na dummha i gCurrach Cló. Déanfar an limistéar seo a mhonatórú go cruinn agus déileálfar le hathfhás, más ann dó
- Bhí siúlóid treoraithe ar chonair dhúlra Churrach Cló gach lá ar 12 meán lae, 2 p.m. agus 4 p.m. le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil. Is cuid an tionscnamh seo dár gclár oideachais Brataí Goirm



Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman

Tá cúig bhriogáid dóiteáin ar áirithíocht ag Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman. Tá na briogáidí seo suite sna bailte seo a leanas: Loch Garman, Inis Córthaidh, Guaire, Ros Mhic Thriúin agus Bun Clóidí. Tá a stáisiún dóiteáin saintógtha féin ag gach briogáid óna bhfreagraíonn sí ar ghlaonna amach, agus tá trealamh agus criú na mbriogáidí leordhóthanach le gur féidir leo dul i ngleic le héigeandálaí.

Ceann de phríomhspríocanna na Seirbhíse Dóiteáin i gcaitheamh 2015 ná creidiúnú de réir an chaighdeán idirnáisiúnta cáilíochta OHSAS 18001:2007 a bhaint amach i ndáil lena córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta. Bronnadh an creidiúnú seo i mí Dheireadh Fómhair tar éis don fhoireann iomlán neart oibre a dhéanamh agus rannpháirtíocht dhíograiseach a léiriú sa phróiseas a cuireadh i bhfeidhm chun nósanna imeachta agus oiliúint leanúnach a fhorbairt, agus chun tiomantas gach duine a chinntiú maidir le sláinte agus sábháilteacht laistigh den tSeirbhís Dóiteáin a fheabhsú. Mar chuid den phróiseas seo, cuireadh oibreacha éagsúla i bhfeidhm i stáisiúin áirithe, mar shampla, áiseanna stórála feabhsaithe i stáisiúin dóiteáin Loch Garman, Inis Córthaidh, Ghuaire, Ros Mhic Thriúin agus Bhun Clóidí, chomh maith le bunathruithe i Stáisiún Dóiteáin Ghuaire chun spás a chur ar fáil d'fhearais nua a fuarthas ar athlámh.

Le linn 2015, seachadadh feithicil oscailte 4x4 chuig Stáisiún Dóiteáin Ghuaire, a raibh d'aidhm aige an fhreagairt oibriúcháin a fheabhsú. I nGuaire freisin, aimsíodh inneall dóiteáin éigeandála ar athlámh (bliain 2005) agus cuireadh seo in úsáid in áit seanfhearais a bhí ann le 20 bliain. Áiríodh Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman i leithdháileadh cláir chaipitil 2015 na Ranna Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a chuimsigh fearas tine nua aicme B a sheachadfar i ráithe 4 2016.

Creat le haghaidh Bainistíocht Móréigeandálaí

Cuireadh breithmheas 2015 maidir le Bainistíocht Móréigeandálaí faoi bhráid na Meithle Oibre Réigiúnaí. Ba é an Coiste Forbartha a choinnigh an Clár Forbartha Móréigeandálaí ar siúl trí bhithin cruinnithe agus cleachtaí démhíosúla. Leanadh den oiliúint agus forbairt, agus áiríodh leo seo Oiliúint Réigiúnach ar Bhainistíocht Móréigeandálaí i Stáisiún Dóiteáin Loch Garman do bhaill foirne ábhartha, mar shampla, Oiliúint ar Bhainistíocht Faisnéise i mí Aibreáin agus oiliúint ar an láthair i dtaca le comhordúchán i mí an Mheithimh. Rinneadh cothabháil agus tástáil ar an ionad comhordúcháin tiomanta áitiúil i gcaitheamh na bliana chun an fhreagairt ar mhóréigeandálaí a chinntiú.



Ghlac Comhairle Contae Loch Garman páirt in an-chuid cleachtaí inmheánacha le linn 2015, agus chuimsigh seo oiliúint le bheith ullamh i gcomhair tuilte, tonn teasa agus éilliú an tsoláthair uisce. Leagadh an-bhéim ar a bheith ullamh le haghaidh na dtuilte agus na drochaimsire a d'fhéadfadh tarlú in 2015. Cuireadh pleananna leasaithe i gcrích freisin maidir le tuilte agus drochaimsir.

Sábháilteacht Dóiteáin

Cuirtear an t-údarás dóiteáin ar an eolas gach bliain faoi na hiarratais ábhartha ar cheadúnais a cuireadh faoi bhráid na gcúirteanna dúiche agus cuarda. Fuarthas 138 fógra ina leith seo i gcaitheamh na bliana. I ngach cás, cuireadh an chúirt agus an t-iarratasóir ar an eolas faoi na coinníollacha a mholann an t-údarás dóiteáin, agus cuimsítear iad seo sa cheadúnas arna eisiúint ag an gCúirt. Tar éis do chigireachtaí a bheith curtha i gcrích i dtaca leis na hiarratais seo ar cheadúnais, ní mór, i gcásanna áirithe, tabhairt faoi oibreacha chun an tsábháilteacht dóiteáin a fheabhsú de réir riachtanais an údarais dóiteáin, sula n-eiseoidh an chúirt an cheadúnas.

Le linn na bliana, cuireadh 136 cigireacht san iomlán i bhfeidhm ar réimse leathan cineálacha áitribh. Mar thoradh ar na cigireachtaí, eisíodh 12 Fhógra Sábháilteachta Dóiteáin, inar cuireadh cosc ar úsáid foirgneamh mar gur ghá fadhbanna tromchúiseacha maidir le sábháilteacht dóiteáin a réiteach iontu. Ina theannta sin, seoladh 14 litir rabhaidh chuig úinéirí, inar tathantaíodh orthu feabhsuithe i dtaca le sábháilteacht dóiteáin a dhéanamh ina n-áitribh.

Sábháilteacht Dóiteáin Pobail

Bhí an tSeachtain Sábháilteachta Dóiteáin ann i mí Dheireadh Fómhair 2015, agus an príomhthéama a bhain leis ná “Baol dóiteáin mharfaigh mar thoradh ar chaitheamh tobac sa bhaile”.

Fógraíodh teachtaireachtaí tábhachtacha maidir le sábháilteacht dóiteáin sna nuachtáin áitiúla, ar láithreán gréasáin na Comhairle agus ar Twitter le linn na Seachtaine Sábháilteachta Dóiteáin agus thréimhse na Nollag. I gcaitheamh na bliana, scaipeadh an teachtaireacht faoi shábháilteacht dóiteáin i measc grúpaí éagsúla pobail, agus cuireadh cainteanna ar shábháilteacht dóiteáin agus teachtaireachtaí sábháilteachta faoi bhráid an phobail sna nuachtáin áitiúla tar éis aon teagmhas ábhartha a tharla.

Mar chuid den Chlár Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna Náisiúnta, cuireadh thart ar 2,000 dalta ó rang a trí ar an eolas faoin teachtaireacht sábháilteachta dóiteáin. Chuige seo, thug comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar bhunscoileanna agus chuir siad ceacht i láthair sa seomra ranga maidir le sábháilteacht dóiteáin.

Rialú Foirgníochta – Cuid B Sábháilteacht Dóiteáin

Liostaítear sa tábla faoi dheis na hiarratais a fuarthas in 2015.



Cineál Iarratais	Líon na nIarratas
Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán	69
Deimhniú Leasaithe Sábháilteachta ó Dhóiteán	7
Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán Réamhfhógra 7 Lá	16
Deimhniú Rialaithe	15
Iomlán	107

Comhairle Pleanála maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán

Cuireadh comhairle ar 65 atreorú pleanála le linn na bliana. Eagraíodh cruinnithe réamhiarratais freisin i gcás mórfhorbairtí a bhí idir lámha timpeall an chontae.

Pleanáil Réamhtheagmhais

Leanadh de chlár pleanála réamhtheagmhais na Seirbhíse Dóiteáin in 2015. Mar chuid de seo, rinne na briogáidí dóiteáin cigireachtaí ar áitribh ardriosca, agus dhréacht siad plean inar leagadh amach conas dul i ngleic le teagmhas ina leithéid d'áitreabh. Le linn na bliana, tugadh cuairteanna réamhtheagmhais pleanáilte ar láithreáin éagsúla amhail seo a leanas:

- Ceantar Loch Garman – Atlantic Industries, Celtic Linen agus linn snámha Ferrybank
- Ceantar Ghuaire – Teach Altranais Valencia
- Ceantar Inis Córthaidh – Teach Altranais Castle Gardens, Teach Altranais Moyne agus Ospidéal Naomh Eoin
- Ceantar Ros Mhic Thriúin – Cumhachtstáisiún SSE agus Green Bio Fuels
- Ceantar Bhun Clóidí – Óstán Millrace, Slaney Foods agus Teach Altranais Ros-Aoibhean

Chun a n-oiliúint a fheabhsú, chuir na briogáidí cleachtaí spriocdhírthe i bhfeidhm le linn cuid de na cuairteanna seo chun díriú ar na cásanna a d'fhéadfadh tarlú le linn teagmhas agus chun foghlaim uathu sin.

Oiliúint

Chuir Comhairle Contae Loch Garman clár iomlán oiliúna i bhfeidhm le linn na bliana. Tugadh faoi chúrsaí oiliúna éagsúla tosaigh agus athnuachana, anuas ar an ngnáthoiliúint sheachtainiúil dhá uaire sna stáisiúin. D'eagraigh/d'fhreastail pearsanra seirbhísí dóiteáin ar 27 cúrsa oiliúna i gcaitheamh na bliana, agus mhair na cúrsaí idir leathlá agus trí seachtainí i gcásanna áirithe. Is iad seo a leanas cuid de na bunchúrsaí oiliúna a sholáthair Comhairle Contae Loch Garman le linn na bliana:



- Oiliúint iompair maidir le gaireas análaithe agus limistéir roinnte i gcás dóiteáin
- Timpiste bóthair
- Ardleibhéal tiomána
- An Córas Ceannasaíocht Náisiúnta Teagmhas
- Oiliúint ar an Treoir Chaighdeánach Oibriúcháin
- Oibriú caidéil
- Oiliúint earchach

Teagmhais

Bhí an tSeirbhís Dóiteáin i láthair ag 910 teagmhas san iomlán i rith na bliana. Seo a leanas miondealú ar na teagmhais ar freastalaíodh orthu de réir ceantair bhriogáid dóiteáin:

Cineál Teagmhais	Loch Garman	Guaire	Inis Córthaidh	Ros Mhic Thríúin	Bun Clóidí	Iomlán
Bréagrabhaidh – Dea-rún	84	49	45	31	7	216
Dóiteán Simléir	77	31	23	51	16	198
Foraois/Portach/ Féar srl.	28	23	20	9	14	94
Dóiteán Tí	37	12	14	11	5	79
Timpiste Bóthair	26	18	11	12	4	71
Mótarfheithiclí	24	18	14	9	5	70
Dóiteán Bruscair	29	11	14	11	4	69
Ilghnéitheach	23	11	11	10	1	56
Tarrthálacha nach mBaineann le Dóiteán	10	4	2	7	1	24
Dóiteán Talmhaíochta	1	2	5	2	0	10
Dóiteán Tionsclaíoch	3	1	1	1	1	7
Dóiteán Tráchtála	3	0	1	2	0	6
Dóiteán Tionóil	3	0	1	1	0	5
Bréagrabhaidh Mhailíseacha	2	2	1	0	0	5
Iomlán	350	182	163	157	58	910

An Chosaint Shibhialta

Is eagrais deonach daonnúil é an Chosaint Shibhialta arna bainistiú ag an údarás áitiúil, agus tá sé tiomanta, cúnamh a thabhairt don phobal ar bhealaí éagsúla, ach i gcás géarchéime go háirithe.

Bíonn saorálaithe na Cosanta Sibhialta ar fuireachas, agus iad oilte le dul i ngleic le cásanna éigeandála.

Faigheann an Chosaint Shibhialta 70% dá maoiniú ón Roinn Cosanta agus 30% ó acmhainní na Comhairle féin. Áirítear lena feidhmeanna, soláthar leasa; timpistí agus éigeandáil; cuardach agus tarrtháil; agus áiseanna maor.

D'fhéadfadh go lorgófaí cúnamh ó bhaill na Cosanta Sibhialta i gcás teagmhas de bharr drochaimsire nó i gcás fadhbanna comhshaoil. Bíonn an Chosaint Shibhialta i láthair freisin ag a lán imeachtaí pobail agus ag imeachtaí náisiúnta nuair a iarrtar orthu tacaíocht a chur ar fáil don Gharda Síochána.

Caiteachas 2015 - Feidhm Cosanta Sibhialta	
An caiteachas a thabhaigh Comhairle Contae Loch Garman in 2015 agus í i mbun a feidhmeanna i dtaca leis an gCosaint Shibhialta a chur i bhfeidhm	€210,241
Bronntanais a fuair Comhairle Contae Loch Garman in 2015 maidir le cur i gcrích na bhfeidhmeanna thuas	€3,895



STAITISTICÍ COMHSHAOIL



5

Tránna Brataí Goirme


4^ú

2566


Deireadh
Curtha le
2,283
Cás ag
deireadh
2015

An 4^ú líon is mó
cásanna truailithe go
náisiúnta ar rinneadh
gearán ina gcoinne in
2015

STAITISTICÍ SEIRBHÍS DHÓITEÁIN



- Deimhniúcháin um Shábháilteacht ó Dhóiteán
- Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán leasaithe
- Deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteáin fógra 7 lá
- Deimhnithe tabhairt chun rialtachta





Seirbhísí Áineasa agus Taitneamhachta

Seo a leanas na seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Loch Garman ar fáil sa réimse seo:

- Forbairt Pobail
- Feidhmiú ár leabharlanna poiblí
- Soláthar agus cothabháil ár bpáirceanna agus spásanna oscailte, lena n-áirítear clóis súgartha
- Tacaíocht do linnte snámha poiblí
- Gníomhach sa Spórt Loch Garman

Forbairt Pobail

Cuimsítear le forbairt pobail obair an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (lena n-áirítear ullmhú agus cur i bhfeidhm an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail), mar aon le tionscadail amhail an Clár Tairsí, Aoisghníomhaíocht, Gníomhach sa Spórt, agus go leor tionscnamh cuimsithe shóisialta eile dár gcuid.

Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (LECP)

Le linn 2015, d'oibrigh Aonad Forbartha Geilleagair na Comhairle agus a Rannóg Forbartha Pobail i gcomhar lena chéile chun LECP a fhorbairt. Go luath in 2015, choimisiúnaigh Comhairle Contae Loch Garman an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann in Ollscoil Mhá Nuad chun Tuairisc Bonnline Shocheacnamaíoch Loch Garman a dhréachtú, a bheidh mar bhonn agus thaca ag forbairt an LECP.

Tar éis chríochnú na tuairisce seo, chomh maith le sraith cruinnithe comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, rinneadh comhaontú i mí Mheán Fómhair 2015 ar an ráiteas socheacnamaíoch agus sé Sprioc Ardleibhéil (HLG) don phlean.

Tá an LECP le críochnú agus le faomhadh ag an gComhairle go luath in 2016.



HLG 1

- Cultúr na gnóthachála oideachasúil agus na foghlama feadh an tsoil a chur chun cinn i gContae Loch Garman agus deiseanna a chur ar fáil chun scileanna oideachasúla agus scileanna lucht oibre a fhorbairt, ar mhaithe le hullmhacht d'fhostaíocht agus rochtain ar fhostaíocht a fheabhsú.

HLG 2

- Forbairt pobail i Loch Garman atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta agus inbhuanaithe.

HLG 3

- Loch Garman a chur chun cinn agus a mhargú mar áit iontach chun cónaithe, le haghaidh oibre, le cuairt a thabhairt uirthi agus le gnó a dhéanamh.

HLG 4

- Timpeallacht ghnó den chéad scoth a fhorbairt chun gnóchtaí a chruthú, a fhás agus a mhealladh go Contae Loch Garman.

HLG 5

- Ár mbonneagar a chosaint agus a fheabhsú agus éifeachtúlacht acmhainne a chur chun cinn chun na coinníollacha cearta a chruthú d'fhás geilleagrach inbhuanaithe fadtéarmach.

HLG 6

- Ár n-acmhainní nádúrtha, tógtha agus cultúrtha a chosaint agus a úsáid go tuisceanach agus tairbhe a bhaint as a bpoitéinseal geilleagrach.

Leabharlanna, Cartlanna agus na hEalaíona

Ba iad príomhthéamaí na ngníomhaíochtaí a cuireadh ar siúl i leabharlanna in 2015 ná leibhéil litearthachta páistí a fheabhsú agus iad a spreagadh chun léamh mar chaitheamh aimsire.

In Iúil agus Lúnasa, is amhlaidh a chláraigh beagnach 1,500 páiste do Dhúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh. Is é aidhm an dúshlán ná na páistí a choinneáil ag léamh i rith an tsamhraidh chun an “lagú samhraidh” is dual i gcás leibhéil léitheoireachta le linn thréimhse an tsamhraidh a sheachaint.



I mbliana, dhírigh na leabharlanna, i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), ar pháistí nár ghlac páirt riamh sa dúshlán.

Reáchtáladh breis is 20 imeacht i leabharlanna chun na páistí a ghríosú le bheith ag léamh agus chun iad a spreagadh, páirt a ghlacadh sa tionscnamh.

Ba é 2015 an chéad bhliain ar cuireadh an tSeirbhís Faisnéise Gnó ar siúl. Sholáthair na leabharlanna seirbhís taighde agus faisnéise do ghnóthais agus dóibh siúd a bhí ag lorg fostaíochta nó ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha. De réir mar a scaip an scéal faoin tseirbhís mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírthe, tháinig méadú diaidh ar ndiaidh ar leibhéal na bhfiosruithe a rinneadh faoin tseirbhís.

D'éascaigh an leabharlann taighde margaidh ar réimse leathan topaicí, a chuimsigh na healaíona, turasóireacht, agus an gnó agraibhia. Eagraíodh beagnach 30 imeacht tacaíochta foghlama in 2015, a bhí dírithe ar ghnóthais, fiontraithe agus daoine ar thóir fostaíochta.



An tacaíocht a chuir Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman ar fáil do MOOC (Ollchúrsa Oscailte ar Líne) Choláiste na Tríonóide i stair na hÉireann san fhichiú haois, thuill siad ardmholadh as sin nuair a ghnóthaigh siad an Duais don tSeirbhís Leabharlainne is Fearr ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, a d'eagraigh Comhlachais Éireann.

In 2015, ba í Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman an chéad cheann sa tír a thiontaigh ar chatalóg leabharlainne náisiúnta nua, agus é bunaithe ar ríomhchóras comhroinnte. Mar thoradh ar an gcóras nua, a bheidh ag feidhmiú ina iomláine roimh dheireadh 2016, beidh réimse feabhsaithe seirbhísí ar fáil do bhaill leabharlanna agus beidh caighdeánú déanta ar phribhléidí, fíneálacha agus muirir d'úsáideoirí uile leabharlanna na hÉireann.

Ghlac Cartlann Chontae Loch Garman páirt i dTionscadal Taighde Rochtana ar Loch Garman/Savannah, tionscadal comhoibríoch a raibh d'aidhm aige taighde a dhéanamh ar na naisc idir Loch Garman agus Savannah, Georgia i Meiriceá.

Rannpháirtíocht i gClár Cuimhneacháin 1916 Chontae Loch Garman

I lár na bliana 2015, d'fhorbair an tSeirbhís Leabharlainne sraith imeachtaí mar chuid de Chlár Cuimhneacháin 1916 Chontae Loch Garman. Áiríodh leo seo:

An Tionscadal “Cuimhní Cinn ar 1916”

Tiomsaíodh an-chuid agallamh taifeadta a rinne gaolta daoine a ghlac páirt in Éirí Amach 1916 i gContae Loch Garman; coinneofar ar iontaobhas iad do mhuintir Loch Garman agus beidh siad ar fáil mar phodchraoladh ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Sraith Léachtaí ar 1916 i gContae Loch Garman

Leanadh den tsraith léachtaí seo i ngach ceann de leabharlanna Loch Garman le linn 2015 agus bhí freastal maith orthu. Ba mhór an lucht féachana a bhí i láthair ag cainteanna amhail iad siúd a thug an Dr William Murphy agus an tOllamh Eunan O’Halpin uathu. Ba é aidhm na léachtaí seo ná comhthéacs, tuiscint agus smaointeoireacht chriticiúil maidir leis an Éirí Amach a spreagadh roimh an gcomóradh féin.



Ba í Seirbhís Leabharlainne Poiblí Chomhairle Contae Loch Garman a d'ullmhaigh: “Éirí Amach 1916 agus Contae Loch Garman: acmhainn oideachasúil”. Is cur i láthair é seo ar rannpháirtíocht Chontae Loch Garman san Éirí Amach. Tá cóip den phacáiste curtha ar fáil do gach scoil sa Chontae agus tá cóip i gcomhair taighdeoirí ann freisin i ngach brainse leabharlainne.

Is féidir leagan PDF den phacáiste a aimsiú ar www.enniscorthy1916 agus www.wexford.ie/library



D'éascaigh an Cartlannaí athchóiriú bhunbhratach an chéad chathláin de chuid Inis Córthaidh, agus réitigh sé an Taispeántas 1916, a bhí le cur faoi bhráid an phobail in Athenaeum nuachóirithe Inis Córthaidh.

Clár Ealaíon Chomhairle Contae Loch Garman

D'éirigh go geal le seoladh na dara bliana den Tionscadal Ealaíne Beo. Lonnaíodh an tionscadal i gceithre bhunscoil, agus chuaigh 200 páiste áitiúil i gcomhar le healaíontóirí áitiúla chun iad féin a shá san amharc-ealaín chomhaimseartha. Cuireadh gné nua de chlár intéirneachta i láthair freisin, a raibh d'aidhm aici taithí a thabhairt d'ealaíontóirí nua tréitheacha ar bheith ag obair le healaíontóirí proifisiúnta i dtimpeallacht seomra ranga.



Chomóir Tionscadal Scannán don Ógra Chontae Loch Garman deich mbliana a bhunaithe. Tá an tionscadal seo ar siúl in Amharclann Naomh Mícheál i Ros Mhic Thriúin ó bhí 2005 ann, agus tá cúrsaí samhraidh á n-éascú aige sa Presentation Centre in Inis Córthaidh ó bhí 2013 ann. Méadaíodh ar an Tionscadal Scannán don Ógra arís i mbliana nuair a seoladh tionscadal píolótach i Leabharlann Ghuaire, ar éirigh go hiontach leis.

Chuir Rannóg na n-Ealaíon taispeántas obair ealaíne de chuid an Chláir Cumais sna hEalaíona i láthair i bhforhalla Halla an Chontae le linn an fhómhair. Cuireadh níos mó ná 70 saothar os comhair an phobail sa taispeántas, dar teideal Fuíoll na nDathanna (Preponderance of Colour), agus is é an aidhm a bhí leis ná samhlaíocht chruthaitheach daoine a cheiliúradh a raibh taithí acu ar fhadhbanna lena meabhairshláinte agus/nó a raibh míchumas intleachta, fisiceach nó céadfach orthu.

Clár Tairsí

Leanadh de Scéim Gníomhachtaíthe Saothair (Tairsí) na nÚdarás Áitiúil in 2015, agus ceapadh seisear rannpháirtí breise i Loch Garman, rud a chiallaíonn go bhfuil 32 rannpháirtí san iomlán i Loch Garman anois. I mí Lúnasa 2015, cuireadh tús leis an scéim sna príomhbhailte eile dár gcuid, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire, agus ceapadh 37 rannpháirtí sa trí bhaile seo.

Na príomhdhualgais atá ag na rannpháirtithe, baineann siad le glanadh sráideanna agus rialú bruscair sna ceithre príomhcheantair uirbeacha agus thart timpeall orthu.

Aoisghníomhaíocht – Clár Contae Aoisbhá Loch Garman

Tá sé geallta ag Comhairle Contae Loch Garman go mbeidh an t-aoisbhá ina bhunchloch sa chontae. Is é an chéad chéim sa phróiseas seo ná comhairliúcháin a eagrú ar fud an chontae, agus ina ndiaidh sin, déanfar Straitéis Aoisbhá a leagan amach.

Bhí na comhairliúcháin Aoisbhá do cheantar Ros Mhic Thriúin curtha i gcrích faoi Shamhain 2015.

Eagraíodh na comhairliúcháin sna háiteanna seo a leanas:

- An Ghráinseach
- Baile an Ghrónaigh
- An Ráithín
- Teach Munna
- Cluain an Róistigh
- Baile Ros Mhic Thriúin



Cuireadh tús leis na comhairliúcháin do Cheantar Loch Garman i mí na Nollag agus tá siad fós ar siúl. Reáchtáladh comhairliúcháin Aoisbhá i mí na Nollag sna háiteanna seo a leanas:

- An Fhaiche, Loch Garman
- Teach Gót
- Ionad Pobal Naomh Máirtín Baile an Phiarsaigh, Baile Mhúráin
- Ostán Ros Láir, Calafort Ros Láir



Tá thart ar 271 duine ar fud cheantair Ros Mhic Thriúin agus Loch Garman tar éis páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin.

Reáchtálfar comhairliúcháin in ionaid agus in áiteanna eile ar fud Loch Garman le linn 2016.

Bíonn mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus baill an Ghrúpa Stiúrtha Aoisbhá ag obair mar éascaitheoirí ag na comhairliúcháin agus ag breacadh síos nótaí. Is cúnamh mór é a rannpháirtíocht agus is gné thábhachtach í de rath an phróisis.

Gníomhach sa Spórt

Tá Gníomhach sa Spórt Loch Garman (SAW) fós ag dréim le deiseanna a chur ar fáil do dhaoine chun a bheith rannpháirteach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ag gach leibhéal dár bpobail i gContae Loch Garman, agus áirítear leis seo, cinnte a dhéanamh go soláthrófar timpeallachtaí sábháilte inar féidir le daoine páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht choirp.

Úsáideadh maoiniú ó chuntais dhíomhaoin in 2015 chun tacú le feabhsú na ndeiseanna i réimsí ar leith, is iad sin, an Mol Spóirt Pobail, an Clár Cóitseála Pobail agus Ceannaireacht trí Spórt.

Léiríonn ár rannpháirtíocht sna cláir seo a leithne is atá réimse na bpáirtithe a mbímid ag obair i gcomhar leo, agus a thábhachtaí is atá na comhpháirtíochtaí seo anois dár mbonneagar i dtaca lenár gcumas, seirbhísí den chineál thuas a chur ar fáil.

Thacaigh SAW le breis is 6,500 reathaí agus siúlóir a bhíonn páirteach sa rith seachtainiúil i gCaisleán Bhaile Sheáin agus in Arboretum JFK.

Chuir SAW tacaíocht leanúnach ar fáil d'imeachtaí agus campaí ollmhóra náisiúnta agus áitiúla, mar shampla, Siúlóid Náisiúnta Operation Transformation, Seachtain Eorpach an Spóirt, Seachtain na Rothar, agus imeachtaí 5 chiliméadar.



Is minic a bhíonn breis is 700 rannpháirtí i láthair ag campaí “Spraoi faoin nGrian” SAW.

Leis an gClár ActiveNable, tionscnaíodh clár oiliúna do chleachtóirí sláinte a bhíonn ag déileáil go díreach le daoine, agus tá an clár dírithe ar an réimse gníomhaíochtaí coirp do dhaoine a bhfuil míchumais meabhairshláinte orthu; is clár inbhuanaithe é seo anois do chúig sholáthraí.

Tá níos mó ná 400 dalta tar éis leas a bhaint as an gClár Ceannasaíochta sa Spórt, a forbraíodh i gcomhar le meánscoileanna, agus bíonn 200 dalta eile páirteach sna himeachtaí a ritheann na daltaí seo. I gcás cuid acu, tá siad tar éis tosú ag obair go deonach i gcumainn.

Mar thoradh ar na Comhpháirtíochtaí Có-mhaoinithe leis an FAI, Rugbaí Laighean agus CLG Loch Garman (brainse Laighean), tá rannpháirtíocht feabhsaithe le sonrú i gcláir agus imeachtaí cuimsithe shóisialta, is é sin, Cúil do Chailíní, Ceannasaíocht sa Spórt, agus Cláir Chóitseála Pobail.



STAITISTICÍ LEABHARLANNA



In 2015, bhí an **8ú líon** is mó cuairteanna ar leabharlanna ag Loch Garman in aghaidh an duine dá dhaonra (Áireamh 2016)



594,634 earra eisithe d'iasachtaithe i rith na bliana





Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas

Seirbhís Tréidliachta

Sábháilteacht Bia

Tá Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae Loch Garman freagrach as rialuithe oifigiúla a chur i bhfeidhm i seamlais áitiúla agus in áitribh bheaga déantúsaíochta feola i gContae Loch Garman. Faomhtar gach seamlas agus áitreabh beag déantúsaíochta feola faoi rialacháin um shábháilteacht bia an AE. Ligeann an faomhadh sin do na háitribh ábhartha, táirgí de bhunús ainmhí a thrádáil laistigh den AE.

Cuireann an Rannóg Tréidliachta rialuithe i bhfeidhm sna háitribh seo faoi chonradh seirbhíse le hÚdarás um Shábháilteacht Bia Éireann. Rachaidh an conradh reatha in éag in 2016. Is í an Roinn Sláinte a mhaoiníonn na dualgais ar fad a chuirtear i bhfeidhm faoin gconradh.

Tá trí sheamlas áitiúla i gContae Loch Garman. I gcás ainmhithe atá le marú, caithfidh siad dul faoi iniúchadh iarbháis agus réamhbháis, agus is iad Cigirí Tréidliachta údaráithe atá freagrach as seo a dhéanamh. Tugtar marc folláine do na conablaigh uile a mheastar a bheith oiriúnach mar bhia do dhaoine. Tá oibríocht maraithe turcaí amháin cláraithe le Comhairle Contae Loch Garman.

Déantar cigireachtaí ar mhonarchana beaga déantúsaíochta feola lena chinntiú go dtáirgtear agus go ndáiltear na táirgí de réir córas cuí um bhainistíocht sábháilteachta bia. Tá trí mhonarcha déantúsaíochta agus trí mhonarcha dáileacháin i gContae Loch Garman.

Leagtar amach sa tábla faoi dheis na staitisticí agus na torthaí i dtaca leis na seamlais agus na háitribh déantúsaíochta feola don bhliain 2015.

An tSeirbhís Sláinteachas Feola 2015

Líon na gcigireachtaí sláinteachais	92
Líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu	35
Líon na gcuaireanna iniúchta feola	550

Zónóis

Tá an tOifigeach Tréidliachta ina bhall de Choiste Zónóise Réigiúnach an Oirdheiscirt. Bíonn an coiste seo gafa le scaipeadh galar tógálach ó ainmhithe go daoine a chosc, agus chuige seo, téann siad i muinín oideachais, cumarsáide agus iniúchtaí eipidéimeolaíochta. Freastalaíodh ar chruinnithe i rith na bliana agus bhí baill den choiste i láthair ag seastán ag seó Bhanú agus Ráth Iomgháin.

Scéim Faire ar Shláinte Ainmhithe

Feidhmíonn an Rannóg Tréidliachta scéim faire ar shláinte ainmhithe ar fheirmeacha atá in aice leis an ionad líonta talún i mBaile Hóm. Is é aidhm na scéime ná stádas sláinte ainmhí na mbólachtaí atá gar don ionad líonta talún a úsáid mar tháscaire ar aon ghuaiseacha comhshaoil a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte daoine.

Déantar faire ar na bólachtaí trí bhíthin tástálacha fola a dhéanamh chun paraiméadair haemaiteolaíochta agus bithcheimiceacha a mhonatórú; stóráil samplaí séirim, plasma, fiacháin agus bainne le haghaidh anailíse siarghabhálaí; scrúduithe iarbháis a dhéanamh mar is cuí; agus sonraí táirgeachta a thiomsú. Bailíodh sonraí táirgeachta agus samplaí i gcaitheamh na bliana.

Oibríonn an Rannóg Tréidliachta go dlúth le Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae Chorcaí, a oibríonn scéim faire den chineál céanna ach níos leithne, ar bhólaicthaí in aice le hollionad tionsclaíochta i gceantair Chuan Chorcaí.

Tuairisceáin Bhliantúla Seamlais 2015					
	Eallach	Caora	Muca	Gabhair	Éanlaith Chlóis
Líon na n-ainmhithe a ndearnadh cigireacht orthu	496	2,663	848	62	31,266
Líon na n-ainmhithe ar diúltaíodh dóibh de bharr iniúchadh réamhbháis	0	0	0	0	96
Conablaigh a cuileáladh go hiomlán	0	0	0	0	36
Conablaigh ar cuileáladh páirteanna dóibh	3	0	0	0	33
Orgáin amháin a cuileáladh	58	330	36	0	36

Deontais Mac Léinn 2015–2016

Déantar na hiarratais nua ar fad a chur isteach ar líne chuig údarás bronnta amháin, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), ar an láithreán gréasáin www.studentfinance.ie, agus ar an ábhar sin, tá laghdú leanúnach tagtha ar líon na ndeontas arna mbronnadh ag an údarás áitiúil. Bhí deontais athnuaite i gceist in 2015.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim um Dheontais Mac Léinn 2014 ar an 7 Bealtaine 2014. Ní raibh aon athruithe ar na teorainneacha ioncaim nó ar na deontais chothabhála. Cuimsíodh íocaíochtaí / ioncaim eile mar “neamhairde ioncaim” agus cuimsíodh íocaíochtaí breise mar íocaíochtaí inghlactha.

Ceadúnais Mhadraí


Eisíodh 8,236 Ceadúnas Madraí san iomlán in 2015.

Seo a leanas an miondealú a bhain le gach cineál ceadúnais:


Ceadúnais d'aon Mhadra Amháin €20 an ceann 8,206

Ceadúnais Ghinearálta €400 an ceann 30

STAITISTICÍ TRÉIDLIACHTA



31,266 Éanlaith
Chlóis a ndearnadh
cigireacht orthu in 2015





Seirbhísí Ilghnéitheacha

Airgeadas

Cuireann an Rannóg Airgeadais seirbhísí airgeadais ar fáil do rannóga túslíne na Comhairle. Is é misean na rannóige ná seirbhísí airgeadais d'ardchaighdeán a sholáthar, a chuirfidh le spriocanna corparáideacha Chomhairle Contae Loch Garman, rud a fheabhsóidh éifeachtacht agus luach na seirbhísí atá ar fáil don phobal sa Chontae.

Na rannóga atá freagrach as Iniúchóireacht Inmheánach, Mótarcháin, Rátaí, Rialú Creidmheasa, Bainistíocht Riosca Árachais, Muirir Uisce, Iasachtaí Tithíochta, Soláthar agus Muirir Áitiúla, bainistítear iad seo freisin laistigh den stiúthóireacht airgeadais. Leagtar amach thíos achoimre ar mhíreanna agus staitisticí tábhachtacha de chuid na Rannóige Airgeadais don bhliain 2015.

An Rannóg Rátaí

Bhí feidhmíocht fheabhsaithe ann i dtaca le bailiúcháin sa bhliain 2015 i gcomparáid le 2014 (féach tábla thíos). Dhírigh an t-aonad Rialaithe Chreidmheasa a aird ar dhul i ngleic le riaráistí agus ar ghníomhú go tapaidh i gcás fadhbanna.

	2015	2014
Barántas Inbhailithe	€37.10 m	€38.06 m
Suim a Bailíodh – €	€27.45 m	€26.85 m
Suim a Bailíodh – %	73.99%	70.55%
Riaráistí ag deireadh na bliana	€9.65 m	€11.20 m

Bhí cúinsí eile ina mbonn leis an bhfeidhmíocht fheabhsaithe seo, lena n-áirítear acmhainní méadaithe, oiliúint, cur chuige réamhghníomhach maidir le bheith ag obair le custaiméirí chun déileáil le fiachais gan íoc, agus córais faisnéise feabhsaithe.

Tá cor chun feabhais le sonrú sa gheilleagar náisiúnta agus tá baint aige seo leis na leibhéil bhailiúcháin feabhsaithe, mar go bhfuil níos mó custaiméirí rátaí ag iarraidh bheith ag déileáil le riaráistí a charn siad le linn an mheathlaithe gheilleagraigh.

Ba é 2015 an tríú bliain agus an bhliain dheireanach de Scéim Dreasachta Rátaí Chomhairle Contae Loch Garman, agus tugadh seans do chustaiméirí 6% a fháil ar a mbille rátaí bliantúil go huasmhéid €300. Bhí glacadh maith leis seo agus bhain an-chuid íocóirí rátaí leas as an scéim chun cúnamh a fháil ó thaobh dul i ngleic le riaráistí de. Le linn thréimhse trí bliana na scéime, tá níos mó ná 40% d'íocóirí rátaí tar éis tairbhe a bhaint aisti, agus tá sé molta go gcuirfí an scéim i bhfeidhm arís in 2016, agus í feabhsaithe. Íocann thart ar 75% d'íocóirí rátaí sa chontae rátaí bliantúla de €5,000 nó níos lú; mar sin, is chun leasa Fiontar Beag agus Meánmhéide ar an bhformhór é an Scéim Dreasachta Rátaí.

Le linn 2015, ghnóthaigh an Chomhairle breithiúnas tábhachtach san Ardchúirt nuair a d'éirigh leis an achainí a rinne siad don Ardchúirt, leachtaitheoir a cheapadh i gcuideachta a bhí lonnaithe i Ros Mhic Thriúin toisc nár íoc an cuideachta sin a rátaí tráchtála. Ba bheart gan fasach de chuid na Comhairle é seo, agus tharla sé toisc go raibh rátaí gan íoc ag an gcuideachta sin le fada an lá, agus toisc nach raibh siad ag comhoibriú leis an gComhairle chun an fhadhb a réiteach.

Ní bheidh drogall ar bith ar Chomhairle Contae Loch Garman dul i ndiaidh aon duine nó cuideachta nach bhfuil sásta a bheith rannpháirteach leis an gComhairle ó thaobh déileáil le riaráistí gan íoc de. Tá freagracht ar an gComhairle i leith na n-íocóirí rátaí eile sa chontae, agus go háirithe ina leith siúd atá in iomaíocht le gnóthais nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí maidir le rátaí tráchtála.

Déanfar níos mó iarrachtaí in 2016 chun na bailiúcháin airgid a mhéadú, chun an céatadán bailiúcháin a mhéadú agus chun riaráistí a laghdú san earnáil ghnó ríthábhachtach seo a chuireann maoiniú riachtanach ar fáil le haghaidh seirbhísí áitiúla gnó arna soláthar ag an gComhairle.

An tAonad Muirear Áitiúil

In 2014, cuireadh an Cháin Mhaoine Áitiúil in áit na hÍocaíochta ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR) agus an Mhuirir Theaghlaigh. I gcás nár íocadh an muirear NPPR, áfach, i leith réadmhaoine nach raibh in úsáid mar áit chónaithe príobháideach príomha le linn na tréimhse 2009–2013, tá dliteanas ann fós, agus leanfaidh an tAonad Muirear Áitiúil de dhul ar thóir úinéirí réadmhaoine neamhchláraithe atá faoi dhliteanas, na muirir ar fad a bhaineann leis an tréimhse 2009 go 2013 a íoc.

I rith 2015, fuarthas muirir agus pionóis faoin gceannnteideal seo arbh ionann agus €2.1 m d'ioncam iad.

Ó tugadh an muirear isteach in 2009, tá €19,268,321 san iomlán bailithe, arna miondealú mar seo a leanas:

Bliain	Glanmhuirir NPPR a Bailíodh
2009	€2,381,820
2010	€2,726,520
2011	€2,551,480
2012	€3,270,360
2013	€3,716,940
2014	€2,507,930

Morgáistí Údaráis Áitiúil

Amhail ar an 31 Nollaig 2015, bhí 826 morgáiste ag Comhairle Contae Loch Garman san iomlán, a raibh comhluach caipitil €45.8 m ag baint leo.

In 2015, cuireadh 26 iarratas morgáiste chuig Comhairle Contae Loch Garman agus bronnadh 8 gcinn acu ar luach iomlán €758,500.

Tá próiseas i bhfeidhm ag Comhairle Contae Loch Garman dá nglaoitear an Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (MARF), a bhfuil cúig chéim ag baint leis, chun cabhrú le custaiméirí morgáiste atá i riaráiste nó a bhfuil an baol ann go mbeidh siad i riaráiste amach anseo.

Tá foireann tacaíochta um riaráistí morgáiste i gComhairle Contae Loch Garman, agus téann siadsan chun cainte le hiasachtaithe a bhfuil deacrachtaí acu b'fhéidir lena n-aisíocaíochtaí morgáiste; oibríonn siad leo chun teacht ar réiteach a mbeidh gach páirtí sásta leis.

An Rannóg Muirear Uisce

Ón 1 Eanáir 2014, tar éis rith an Achta um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013, is é Uisce Éireann a bhí freagrach as soláthar seirbhísí uisce in Éirinn.

Bhí an Rannóg Muirear Uisce fós ag feidhmiú mar ghníomhaire de chuid Uisce Éireann le linn 2015 agus tá siad fós freagrach as bainistíocht bunachair custaiméirí gnó a úsáideann an soláthar poiblí uisce agus an bonneagar seirbhísí séarachais, agus as billeáil agus bailiúchán na muirear ábhartha.

An tAonad Soláthair

I rith 2015, chuir Comhairle Contae Loch Garman próiseas i bhfeidhm chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar sholáthar laistigh den eagraíocht. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo nuair a ceapadh oifigeach soláthair i Márta 2015. Is é an bunról atá ag oifigeach soláthair Chomhairle Contae Loch Garman ná léirmheas a dhéanamh ar chur chuige Chomhairle Contae Loch Garman maidir le soláthar, sa chaoi gur féidir próisis nua níos fearr a chur i bhfeidhm, a mbeidh feabhsuithe ar luach ar airgead, ar phróisis soláthair, ar chomhlíonadh agus ar chumas mar thoradh orthu.

An clár forbartha seo atá molta, agus a leanfar de in 2016, tiocfaidh sé freisin leis na forbairtí atá tarlaithe maidir le gníomhaíochtaí náisiúnta um sholáthar poiblí, go háirithe bunú na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) agus an Ionaid Soláthair Straitéisigh Rialtais Áitiúil (LGSPC).

An Oifig Mótarchánach

Cuireadh ardchaighdeán seirbhíse ar fáil in Oifig Mótarchánach Loch Garman dár gcustaiméirí, agus rinneadh 72% d'idirbhearta i dtaca le mótarcháin feithiclí ag na cuntair phoiblí.

Tháinig laghdú 38% ar líon iomlán na hidirbheart Oifige Mótarchánach don bhliain 2015 ó bhuaicphointe 2013, mar thoradh ar aistriú na feidhme ceadúnaithe tiománaí agus mhéadú ar na n-idirbheart ar líne.

Tá méadú tagtha ar idirbhearta mótarchánach ar líne ó 50% in 2013 go 62% le linn 2015, figiúr atá faoi bhun an mheánfhigiúir náisiúnta de 70% don bhliain 2015.

B'ionann is €16.2 m méid na bhfáltas Oifige Mótarchánach in 2015, i gcomparáid le €22.4 m le linn bhuaicthréimhse 2013 le blianta beaga anuas.

Staitisticí Idirbheart i dtaca le Mótarcháin 2013–2015				
	Gníomhaíocht ar Líne	Idirbhearta Oifige Mótarchánach		
Bliain	Dioscaí Mótarchánach Eisithe	Dioscaí Mótarchánach Eisithe	Eile Idirbhearta Oifige Mótarchánach (MTO)	Eile Idirbhearta Oifige Mótarchánach (MTO)
2013	87,213	87,145	48,220	135,365
2014	105,492	76,744	20,505	97,249
2015	115,559	69,697	16,671	86,368

Toghchóras

Clár na dTogthóirí

Líon na vótálaithe i ndáilcheantar Loch Garman	110,046
Líon na vótálaithe speisialta agus vótálaithe poist	846
Líon na gceantar vótála (na n-aonad den Chlár)	126
Líon na bhFógraí Bainte i dtaca le hainmneacha vótálaithe a bhí le baint maidir le blianta a bhí imithe thart	4,997
Méid na sonraí a cuireadh le Clár 2014/2015, a baineadh de agus a leasaíodh chun Clár 2015/2016 a chruthú	11,440
Líon na vótálaithe ar an Dréachtchlár a priontáladh ar an 1 Samhain 2015	109,725
Líon na vótálaithe ar an Dréachtchlár leasaithe a priontáladh ar an 1 Samhain 2015	1,175

Sláinte agus Sábháilteacht

In 2015, lean an Fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta de sholáthar clár spriocdhírithé um fheabhsú corparáideach, chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanúnach ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí agus lucht an phobail a chinntiú. Rinneamar níos mó forbartha ar ár gclár cuimsitheach sláinte agus sábháilteachta, agus bhunaíomar foirne ilréimsiúla chun doiciméadachán i dtaca le sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Níor tharla aon teagmhais nó timpistí tromchúiseacha, agus níor thug an Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta aon chaingean forfheidhmithe orainn.

Seirbhísí Dóiteáin OHSAS 18001


D'éirigh le Seirbhísí Dóiteáin Chomhairle Contae Loch Garman an caighdeán OHSAS18001 um Bhainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta a bhaint amach in 2015. Fuarthas an deimhniú seo mar thoradh ar thrí iniúchadh seachtracha arna gcur i bhfeidhm ag foras creidiúnaithe, agus mar thoradh ar an obair a rinne comhraitheoirí dóiteáin i ngach ceann de na trí stáisiún dóiteáin lena chinntiú go raibh caighdeán sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm agus á gcomhlíonadh i gceart, agus go raibh spriocanna leagtha amach i dtaca le hardchaighdeán agus feabhsú leanúnach, agus na spriocanna sin á monatórú dá réir. D'oibrigh an Fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta go dian cuimsitheach chun saineolas agus tacaíocht a chur ar fáil don tionscnamh seo.



Modúl Ionduchtúcháin ar Líne um Shláinte agus Sábháilteacht Chorporáideach

Leanadh d'úsáid teicneolaíochtaí nua in 2015 nuair a tugadh isteach modúl ionduchtúcháin ar líne um shláinte agus sábháilteacht chorporáideach. D'oibrigh an Fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhar le TF chun an modúl seo a dhearadh, agus úsáideadh acmhainní inmheánacha Chomhairle Contae Loch Garman chun cost-éifeachtúlacht an mhodúil a optamú. Is bunghné an modúl oiliúna idirghníomhach seo d'oiliúint gach fostaí nua, agus clúdaíonn sé riachtanais sláinte agus sábháilteachta, mar aon le heolas do na fostaithe uile.

Bainistíocht Imeachtaí



Cuireadh Treoir nua Bainistíochta Imeachtaí faoi bhráid an phobail in 2015. Ina theannta sin, réachtáladh sraith imeachtaí oiliúna ar fud na gceantar bardasach lena chinntiú go bhfaigheadh páirtithe leasmhara an t-eolas ceart maidir le bainistíocht na rioscaí a bhaineann le réachtáil imeachtaí poiblí.


Tugadh ról nua, Oifigeach Imeachtaí, isteach laistigh den Fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta chun tacú leis an tionscnamh seo agus mar aitheantas ar a thábhachtaí is atá imeachtaí poiblí don turasóireacht agus d'fhorbairt gheilleagrach ar fud Loch Garman. Chomh maith leis an doiciméad treorach, chuireamar leathanach nua in airde ar an láithreán gréasáin chun tacú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear próiseas iarratais ar líne chun imeachtaí a chur ar siúl i réadmhaoine de chuid Chomhairle Contae Loch Garman.

Gradaim Sábháilteachta Náisiúnta na hÉireann

Bhain Comhairle Contae Loch Garman gradam amach ag Dámhachtainí 2015 Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann (NISO) as a n-obair i dtaca le Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta le linn Gníomhaíochtaí maidir le hObair Chósta.

An taisceadh a rinne an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta, bhain sé le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta le linn gníomhaíochtaí maidir le hobair chósta laistigh den Rannóg Comhshaoil, lenar áiríodh: céanna agus cladaigh; soláthar, cothabháil agus iniúchadh baoithe fáinne; an tseirbhís gardaí tarrthála trá; criú glantacháin chun déileáil le dumpáil neamhdhleathach; foireann patróil bhruscair ar an trá sa samhradh; glanadh trá meicniúil; agus Treoracha maidir le Conairí Dúlra Churrach Cló, mar aon le cláir oideachasúla.

Léiríodh ardchaighdeán bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta sna gníomhaíochtaí seo tríd síos.



Córas Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Contae Loch Garman

Cuireadh beirt fostaí nua leis an bhFoireann Sláinte agus Sábháilteachta in 2015 chun tacú leis na tionscnaimh rithabhachtacha ba bhonn le forbairt Córas Bainistíochta Sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Is é aidhm an bhuiséid agus na n-acmhainní méadaithe ná baint amach OHSAS18001 sa Chomhairle Contae ina hiomláine a éascú in 2017. Mar chuid de seo, agus de réir an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, rinneadh athbhreithniú ar an Máthair-ráiteas Sábháilteachta agus ar na Fo-ráitis Sábháilteachta, agus atheisíodh iad, agus ag an am céanna, cuireadh nósanna imeachta agus treoracha nua ar bun ar fud na heagraíochta le linn 2015.

Acmhainní Daonna

Le linn 2015, lean an Chomhairle de dhaingniú na struchtúr nua rialtais áitiúil a leagadh amach san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus a ceapadh chun áit na gcomhairlí buirg agus baile lánscotha a thógáil. I bhFeabhra 2015, ceapadh ceathrar Bainisteoir Ceantar Bardasach chun oibríochtaí laethúla na Comhairle a bhainistiú sna ceantair riaracháin nua seo, ina gcuimsítear gach ceann de mhórbhailte an chontae agus na ceantair tuaithe máguaird.

Tar éis gur éirigh leis an Scéim Gníomhachaithe Saothair (Tairsí) a seoladh in 2014, tugadh isteach í sna trí Cheantar Bardasacha eile le linn na bliana. Sholáthair an Scéim socrúcháin 22 mí, a chuimsigh 19.5 uair sa tseachtain/39 uair sa choicís, do na rannpháirtithe, agus úsáideadh í go príomha le haghaidh tionscadal réimse phoiblí sna príomhionaid uirbeacha. Faoi dheireadh na bliana, bhí 85% den 80 socrúchán a bhí ar fáil don Chomhairle líonta, agus na socrúcháin a bhí fágtha, bhí siad le líonadh sa chéad ráithe de 2016.

I mí na Bealtaine 2015, mar chuid de thionscnamh nua rialtais áitiúil – Clár Céimithe na n-Údaras Áitiúil – cheap an Chomhairle cúigear céimí tríú leibhéal, a earcaíodh mar thoradh ar chomórtas de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, sna réimsí scileanna seo a leanas:

- Fiontraíocht Gheilleagrach agus Forbairt Ghnó
- Bainistíocht Tionscadal agus Clár
- Bainistíocht Straitéisí Nuálaíochta agus Athruithe
- Bainistíocht Acmhainní Daonna
- Cumarsáid agus Margaíocht

Is comhpháirtíocht é an clár dhá bhliana seo leis an bhForas Riaracháin; tá gné forbartha i gceist leis, agus mar chuid di seo, eagraítear socrúcháin do na céimithe lasmuigh den láthair i bhforas proifisiúnta, agus baineann na socrúcháin le réimse roghnaithe gach céimí.

I rith 2015, d'eagraigh an Rannóg Acmhainní Daonna 32 comórtas earcaíochta san iomlán, a raibh 25 acu oscailte agus 7 acu teoranta. Rinneadh níos mó ná 770 iarratas aonair a phróiseáil agus a athbhreithniú do na poist éagsúla a bhí ar fáil, agus orthu seo, glaoth níos mó ná 580 iarratasóir isteach le haghaidh agallaimh. Rinneadh 65 ceapúchán foirne san iomlán i rith na bliana, i bpoist bhuana agus shealadacha araon, agus bhain siad seo le réimse leathan disciplíní oibre, lena áiríodh acmhainn do thionscadal na dTriúr Deirfiúr 2020.

Anuas air sin, go déanach i mí an Mheithimh agus go luath i mí Iúil, d'eagraigh an rannóg próiseas trialacha inniúlachta i gcomhair folúntas a d'fhéadfadh a bheith ann sna Gráid Oifigigh Chléireachais agus Cúntóra Leabharlainne. Chuaigh 800 ball pobail ar a laghad faoi scrúdú chuige seo in Ionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Inis Córthaidh thar thréimhse cúig lá. Úsáidfear torthaí na dtrialacha seo mar bhunús chun iarratais a lorg ar fholúntais sna gráid thuas a d'fhéadfadh teacht aníos le linn an chéad dá bhliain eile atá romhainn.

I lár na bliana 2014, chuir an Chomhairle Plean Lucht Saothair maidir lena lucht saothair san oifig faoi bhráid na Ranna Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bhí an plean seo bunaithe ar pharaiméadair arna leagan amach ag Grúpa Pleanála Lucht Saothair a raibh ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, ó údarais áitiúla agus ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil páirteach ann.

I gcaitheamh 2015, bhí an Rannóg Acmhainní Daonna ina cuid thábhachtach d'ullmhú Plean Lucht Saothair do lucht saothair na Comhairle a bhíonn ag obair lasmuigh. Cuireadh an plean seo i gcrích agus seoladh é chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i Samhain 2015. Tá sé i gceist de réir an phlean go mbeidh méadú measartha ar líon iomlán na n-oibrithe lasmuigh. I bhfianaise staid airgeadais na Comhairle, áfach, déanfar an méadú seo a chéimniú thar an chéad cheithre nó cúig bliana atá romhainn amach.

Oiliúint Foirne

I gcaitheamh 2015, lean Aonad Oiliúna na Comhairle de sholáthar clár oiliúna agus forbartha do na baill foirne, agus de mheasúnú a dhéanamh ar na cláir sin. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do bhaill foirne a bhí ag iarraidh tabhairt faoi chláir bhreiseoideachais, mar shampla, cúnamh airgeadais i gcomhair táillí cúrsaí agus saoire íoctha chun críche staidéir agus scrúduithe.

Chuir an tAonad réimse leathan cúrsaí ar fáil, agus leagadh béim ar leith, mar is gnáth, ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta, a ceapadh chun ár riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh ach freisin, chun gnéithe lárnacha de Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na heagraíochta a fheabhsú agus chun tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne.

Caitheadh 1,497 lá oibre san iomlán ar oiliúint le linn na bliana, a raibh 513 ball foirne páirteach inti, agus seo a leanas cuid de na cúrsaí a eagraíodh:

- Sábh Slabhrach – Cathair agus Gildeanna (5 lá)
- Cosaint Sonraí
- Teastas Inniúlachta Gairmiúla Tiománaí (CPC)
- Oiliúint ar Excel
- Oiliúint Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) ar Úsáid Lotnaidicíde / Knapsack
- Láimhsiú Sábháilte
- Garchabhair Oibre
- Pas Sábháilte

Chun luach ar airgead a chinntiú, soláthraíodh an oiliúint go háitiúil, áit arbh fhéidir, agus tugadh oiliúnoirí isteach chugainn sa cheanncheathrú nó in ionaid áitiúla eile. Úsáideadh Ionad Oiliúna Réigiúnach Ros Cré oiread agus ab fhéidir chun oiliúint a sholáthar i dtaca le seirbhísí ar leith. Baineadh lánúsáid freisin as foinsí breise maoinithe i gcomhair oiliúint oibrithe bóthair agus seirbhísí comhshaoil.

An Oifig Saorála Faisnéise (FOI)

Bainistíonn Oifig Saorála Faisnéise Chomhairle Contae Loch Garman gach iarratas maidir le Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, agus Rochtain ar Fhaisnéis i dtaca leis an gComhshaol, mar aon le gearáin ó chustaiméirí, ceisteanna ón Ombudsman agus Nochtuithe Cosanta.

In 2015, d'fhorbair an oifig FOI na beartais seo a leanas, agus glacadh leo de réir Ordaithe Fhorghníomhaithe:

- Beartas um Nochtuithe Cosanta
- Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí
- Scéim Foilseacháin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
- Beartas um Bhainistíocht Taifead

In 2015, chuir an oifig FOI tús le forbairt beartas i dtaca le teilifís chiorcaid iata (TCI) agus cosaint sonraí, agus sholáthair siad oiliúint ar Chosaint Sonraí do bhaill foirne sinsearacha sa Chomhairle. Ina theannta sin, bhunaigh an oifig FOI an Líonra Oifigeach Náisiúnta um Chosaint Sonraí Rialtais Áitiúil, agus réachtáil an líonra an-chuid cruinnithe in 2015.

Cineál Iarratais:	Iarratais a Fuarthas		Iarratais a Tugadh Chun Críche faoi Dheireadh 2015	Iarratais a bhí Gan Réiteach ag Deireadh 2014
	2015	2014		
Rochtain ar Fhaisnéis i dtaca leis an gComhshaol	9	n/b	8	1
Gearáin ó Chustaiméirí	20	n/b	20	0
Cosaint Sonraí	35	n/b	34	1
Saoráil Faisnéise	92	40	86	6
Ombudsman	13	14	13	0
Nochtuithe Cosanta	0	n/b	0	0
Iomlán	169	54	161	8

Nochtuithe Cosanta

Ní bhfuarthas aon nochtuithe cosanta in 2015.

An tSráid

An nóiméad a shiúlfá isteach doras cheanncheathrú Chomhairle Contae Loch Garman sa Charraig Leathan, ní fhéadfá gan a bheith tógtha lom láithreach le scála agus méid an fhorhalla a ritheann ó cheann ceann an fhoirgnimh. Na hailtirí a dhear an foirgneamh, lonnaigh siad na rannóga Comhairle éagsúla feadh a imeall, agus is é a bhí i gceist acu ná go mbeadh cuma agus feidhm sráide ag an spás seo – rud a d'éascódh nasc idir na rannóga éagsúla.

Tugadh “an tSráid” ar an spás seo, agus is ionad foirfe fós é inar féidir taispeántais agus imeachtaí a óstáil. D'éirigh go geal le han-chuid imeachtaí a tharla anseo i rith 2015, lenar áiríodh:

Taispeántas Grianghraf Chlub Fo-uisce Loch Garman

Taispeántas a eagraíodh le linn Fhéile na Mara.

Cumas sna hEalaíona

Taispeántas ealaíne a seoladh ar an 7 Meán Fómhair

Móraonach Gnó Loch Garman

Déardaoín an 10 Meán Fómhair

I nGrá le Faisean, I nGrá le Loch Garman

Seó Faisin Satharn an 3 Deireadh Fómhair

Taispeántas Saothar Ealaíne Nick Miller

Seolta ar an 23 Deireadh Fómhair



Comhdháil Ghlas Loch Garman le Duncan Stewart agus an GCC

Imeacht de chuid Chomhlachas Loch Garman ar an 11 Samhain

Lógó nua Chomhairle Contae Loch Garman



Phléigh bainistíocht agus baill Chomhairle Contae Loch Garman an gá le branda corparáideach uathúil don Chomhairle, agus ba é toradh an phlé seo ná an lógó veicteoireach nua-aimseartha atá in úsáid sa doiciméad seo tríd síos. Léirítear leis an íomhá “W+Grian” cnoic dhroimneacha agus tonnta cósta an chontae, agus grian bhuí cuimsithe ann mar shiombail den oirdheisceart grianmhar.

D'oibrigh ár ndearthóir tí ar an mbundréacht agus chruthaigh sé réimse iomlán leaganacha le priontáil agus le húsáid ar an láithreán gréasáin laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus seoladh treoir úsáide chun cabhrú le baill foirne, feidhm cheart a bhaint as an lógó sna meáin dhifriúla chun sláine an bhranda a chaomhnú.

Dearadh Tuarascáil Bhliantúil 2015 mar shaothar ealaíne ina gcuirtear an branda nua chun cinn agus ina léirítear feidhm na leaganacha éagsúla den bhranda, mar shampla, an branda neamhspleách agus an leagan dátheangach de.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide


Tá an Rannóg TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) freagrach don Cheann Airgeadais agus TFC, agus í freagrach as bonneagar TFC agus córais bogearraí na heagraíochta a bhainistiú. Áirítear leis seo líonraí logánta (LAN) agus achair fhairsing (WAN) a chuimsíonn naisc sreangaithe agus gan sreang chun cumarsáid ghutha agus cumarsáid sonraí a éascú san eagraíocht agus go seachtrach le heagraíochtaí eile. Anuas air sin, bainistíonn an Rannóg TFC freastalaithe, ríomhairí pearsanta agus gléasanna móibíleacha na Comhairle, agus cuireann siad tacaíocht theicniúil ar fáil ina leith. Oibríonn réimse leathan córas ar na ríomhairí agus gléasanna seo, agus éascaíonn siad bailiú, stóráil, próiseáil agus anailísiú sonraí chun tacú le cinnteoireacht agus tuairisciú. Ar na seirbhísí tacaíochta teicniúla a chuireann an fhoireann TFC ar fáil, tá Deasc Chabhrach i gcomhair logáil glaonna agus iarthacaíochta; anailísiú agus dearadh córas; córais bhogearraí a fuarthas go seachtrach a shuiteáil agus a chomhtháthú leis na córais sheanbhunaithe; agus forbairt bogearraí saincheaptha mar is gá.

Seirbhísí agus Oibríochtaí Teicniúla

Ar na tionscadail thábhachtacha ar thug Aonad Seirbhísí agus Oibríochtaí Teicniúla na Rannóige TFC fúthu le linn 2015, bhí na cinn seo a leanas:

Clár Athsholáthair Ríomhairí Pearsanta i mBrainsí Leabharlainne


Suiteáladh ríomhairí pearsanta (PCanna) nua i mbrainsí leabharlainne Loch Garman, Ghuaire, Inis Córthaidh agus Bhun Clóidí chun áit na dteirminéal Citrix a thógáil, é sin nó chun a bheith curtha in áit sean PCanna nach raibh úsáideach a thuilleadh. Is féidir le custaiméirí leabharlainne na PCanna nua a úsáid chun doiciméid a chruthú agus a phriontáil, chun tabhairt faoi oiliúint ríomhaireachta, agus chun rochtain a fháil ar an idirlíon.



Uasghrádú na gCóras Cumarsáide sna hOifigí Ceantar Bardasach

Suiteáladh córas teileafóin nua i gCeantar Bardasach Inis Ros Mhic Thriúin in ionad na seanchóras, a bhí imithe as feidhm. Tá an córas nua teileafóin bunaithe ar an bPrótacal Idirlín Guthaithe (VOIP), agus tá sé comhtháite leis an gcóras cumarsáide i Halla an Chontae agus in oifigí Comhairle eile sa Chontae.

Uasghrádú ar an Nasc Cumarsáide le hOifig Ceantair Bhardasaigh (MDO) Ghuaire



Rinneadh an nasc cumarsáide idir Oifig Ceantair Bhardasaigh Ghuaire agus Halla an Chontae a uasghrádú ina nasc snáithín 20-Mbps.

lompraíonn an nasc seo an trácht ghutha agus an trácht sonraí araon idir an dá láthair, agus is é a bheidh mar thoradh air seo na rátaí feabhsaithe aistrithe sonraí, mar aon le sábháil costas i dtaca le glaonna teileafóin (gutha).

Cosaint ar Bhogearraí Mailíseacha a Chuimsiú i nGléasanna Móibíleacha

Toisc an mhéadaithe atá tagtha ar bhogearraí mailíseacha, agus iad dírithe ar ghléasanna móibíleacha amhail fóin chliste agus gléasanna táibléid, cuireadh córas “cosanta ar bhogearraí mailíseacha” ar ghléasanna móibíleacha na Comhairle chun bagairtí do na gléasanna seo a laghdú. Cuireadh seo i bhfeidhm i dteannta le córas bainistíochta gléasanna móibíleacha atá in úsáid cheana féin chun na haipeanna ar féidir iad a shuiteáil ar na gléasanna a bhainistiú; anuas air sin, cuireann an córas seo áis cianrochtana ar fáil, ar féidir í a úsáid más gá chun fadhbanna ar an ngléas a réiteach.

Teirminéil Citrix san Oifig Mótarchánach

Níor mhór fáil réidh leis na PCanna i Rannóg Mótarchánach na Comhairle agus cinn nua a chur ina n-áit. Ós rud é gur úsáideadh iad chun rochtain a fháil ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF), rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt achainí go gcuirfí teirminéil ina n-áit a bheadh in ann nascadh leis an NVDF trí nasc slán Citrix. Shuiteáil foireann TFC na Comhairle sraith teirminéal Wyse sa rannóg Mótarchánach, a úsáideadh chun nasc a chruthú leis an NVDF agus chun áis priontála áitiúil a sholáthar.

Uasghrádú na hÁise FMS DR

Is córas bogearraí an-tábhachtach é Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS) na Comhairle ó thaobh fheidhmíocht laethúil na heagraíochta de. Lena chinntiú go mbeadh an córas seo i bhfeidhm i gcónaí, feabhsaíodh na háiseanna athshlánaithe ó thubaiste (DR) le haghaidh na mbogearraí FMS agus an bhunachair bhaintigh, sa chaoi go laghdófaí an riosca “éartha seirbhíse” mar thoradh ar theip cruu-earraí ríomhaire nó aon chur isteach eile a d'fhéadfadh teacht aníos.

Uasghrádú ar an gCóras Íocaíochtaí ar Líne

Mar chuid de phlean uasghrádaithe sceidealaithe, rinneadh an córas cruu-earraí agus bogearraí atá ina óstach ar Chóras Íocaíochtaí ar Líne na Comhairle a athsholáthar. Tá sé níos éasca na cruu-earraí agus na bogearraí nua a chothabháil agus a chosaint.

Forbairt agus Tacaíocht um GIS, Gréasán agus Feidhmchláir

Ar na tionscadail thábhachtacha ar thug Aonad Forbartha agus Tacaíochta um Córais Faisnéise Geografaí (GIS), Gréasán agus Feidhmchláir na Rannóige TFC fúthu le linn 2015, bhí na cinn seo a leanas:


Uasghrádú ar an gCóras Iasachtaí

Ba é seo an dara céim den Tionscadal Iasachtaí Integra. Feabhsaíodh an Córas Iasachtaí chun freastal ar na roghanna athstruchtúraithe iasachtaí arna gcur ar fáil faoin gclár náisiúnta MARP (Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste). Rinneadh athruithe sna próisis chuntasaíochta chun freastal ar ríomh na gcuntas iasachta a cuimsíodh i gcomhaontuithe MARP.

Aip Mhóibíleach GeoPal le haghaidh Bainistíocht Sócmhainní

Baineadh úsáid as creat forbartha feidhmchlár GeoPal chun aip mhóibíleach a fhorbairt a bhainistíodh sonraí na Comhairle i dtaca lena flít feithiclí. Na sonraí flít a stóráladh go dtí sin i scarbhileoga, bunachair agus doiciméid eile, cuireadh próiseas glantacháin agus comhdhlúthaithe i bhfeidhm orthu, agus ansin, rinneadh iad a iompórtáil in GeoPal mar fhardal feithiclí.

Cruthaíodh sceidil seirbhíse, mótarchánach agus DOE le haghaidh gach feithicil sa flít. Rinneadh jabanna athfhillteacha a leagan amach sa chaoi go gcuirfí fógra agus teimpléad jab chuig fón cliste an bhaill foirne ábhartha aon uair a bheadh an jab ar na bacáin. Cuireann seo i gcuimhne don bhaill foirne go gcaithfidh sé an jab a chur i gcrích ar an bhfón cliste, agus grianghraif a thógáil de nithe ábhartha amhail cártaí jab, sonraisc, dioscaí mótarchánach srl. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm shreabhadh oibre na haipse GeoPal, caitheadh amach an dá chóras ar leith i dtaca le bainistíocht jabanna agus bainistíocht sonraí, agus cuireadh córas amháin ina n-áit, a bhfuil sé níos éasca é a úsáid. Tháinig feabhas as cuimse ar sceidealú seirbhísí feithiclí, athnuachan mótarchánach agus tástáil DOE, mar go raibh na seirbhísí á bhfógairt agus á gcur i gcrích go tráthúil. Éascaíonn an córas nua cumas tuairiscithe níos leithne toisc go bhfuil stair jabanna ar fáil maidir le gach feithicil sa flít.



The screenshot shows the GeoPal web application interface. On the left is a sidebar with navigation links: Jobs Search, Create A Job, Job Template, Planner, Dashboard, Jobs, Assets, and My Assets. The main area displays a table of assets with columns: Identifier, Name, A, A, Type, Status, Company, A, and Action. The table lists various vehicles, including Isuzu NPR, Isuzu NKR, Isuzu NKR, Isuzu NKR, Isuzu NKR, Mitsubishi Can, Fiat Ducato, and Ssangyong Re. The status of each vehicle is indicated by a green dot (In Service) or a red dot (Out of Service).

Identifier	Name	A	A	Type	Status	Company	A	Action
08WX3176	0354 Isuzu NPR			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX3175	0353 Isuzu NKR			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX3174	0352 Isuzu NKR			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX3172	0351 Isuzu NKR			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX3171	0350 Isuzu NKR			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX2548	0349 Mitsubishi Can			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX1861	0348 Fiat Ducato			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX1858	0347 Fiat Ducato			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
08WX1857	0346 Fiat Ducato			Vehicle	In Service	Machinery Yard MA.		
05WX7111	0344 Fiat Ducato			Vehicle	Out of Service	Machinery Yard MA.		
05WX7112	0343 Fiat Ducato			Vehicle	Out of Service	Machinery Yard MA.		
05WX7113	0342 Fiat Ducato			Vehicle	Out of Service	Machinery Yard MA.		
05WX7116	0341 Ssangyong Re			Vehicle	Out of Service	Machinery Yard MA.		

Suirbhé ar Thruailliú Bruscair

Gach bliain, ní mór do Rannóg Comhshaoil na Comhairle suirbhé bruscair a chur i bhfeidhm, a gcaithfear thart ar 300 cigireacht ar fud an chontae a dhéanamh lena aghaidh. Roimh fhorbairt na haipse móibílí GeoPal, cuireadh na cigireachtaí seo i gcrích le cabhair ó fhoirmeacha páipéir agus ceamara chun grianghraif a thógáil sna láithreacha éagsúla. Níor mhór do bhaill foirne sa Rannán Comhshaoil na sonraí a bhí scríofa ar na foirmeacha a iontráil i mbunachar. Ba ghá na grianghraif a tógadh a íoslódáil ón gceamara agus a stóráil i gcomhadlann roinnte a bhain leis an mbunachar suirbhé. B'fhadhb é na foirmeacha suirbhé a nascadh leis na grianghraif bhainteacha.

Is aip mhóibíleach é GeoPal a forbraíodh chun sreabhadh oibre níos éifeachtúla a éascú. Cruthaítear an jab cigireachta ar GeoPal agus ansin cuirtear é chuig fón mhóibíleacha na maor bainteach, a chríochnaíonn an suirbhé ar scáileán an ghléis. Tógtar grianghraif leis an bhfón cliste, agus na sonraí uile a bhailítear, aistrítear iad via GeoPal chuig bunachar ar féidir le baill foirne sa Rannán Comhshaoil rochtain a fháil air. Mar thoradh ar an sreabhadh oibre nua, ní gá foirmeacha páipéir nó ceamara ar leith a úsáid a thuilleadh, agus ní gá sonraí a iontráil i gcóras bunachair leithleach. De bharr na n-athruithe seo, tá sábháil shuntasach le sonrú maidir leis an am agus na hiarrachtaí ar ghá leo riamh chun an suirbhé a chríochnú.


An Tionscadal Éirchód

Tugadh Éirchód isteach ar fud na tíre in 2015 agus rinne an Chomhairle uasghrádú leathan ar chórais sheanbhunaithe dá réir, lena chinntiú go bhféadfaí luach Éirchód a stóráil ar thaifead custaiméara. Rinneadh uasghrádú ar chórais bogearraí amhail Clár na dToghthóirí, Rátaí, agus Tithíocht is Cíos sa chaoi go mbeadh na baill foirne in ann luachanna Éirchód a iontráil de réir mar a fuair siad iad ó shaoránaigh, tionóntaí nó úinéirí gnóthas. Anuas air sin, cuireadh an bunachar Éirchód ar fáil do bhaill foirne chun cuardaigh de réir seolta nó de réir Éirchód a éascú.



Amharcóir Mapaí le haghaidh Pleananna Bainistíochta Tráchta

Chruthaigh an Rannán GIS áis amharcóir mapaí sa chaoi go bhféadfadh innealtóirí bóithre na Comhairle pleananna tráchta a chur le chéile agus iad a shábháil mar dhoiciméid PDF chun taifead dá bplean bainistíochta tráchta a sholáthar le haghaidh chóras Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle. Úsáidtear san amharcóir mapaí na híocóin comharthaíocht bóthair oifigiúla ón Lámhleabhar Comharthaíocht Bóthair arna chur ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.



Tá sé éasca na mapaí a chruthú, mar tá teimpléad curtha ar fáil do na hinnealtóirí, agus na mapaí a sholáthraíonn siad, breathnaíonn siad proifisiúnta agus cuimsíonn siad lógónna, teidil agus eochair eolais dhinimiciúla. Ní bhíonn aon deacracht ag an gcriú bóthair ciall a bhaint as na mapaí, agus is bunriachtanas de chuid na n-innealtóirí é seo.

Córas Bainistíochta Páirceála Íochta

Tugadh lárú na páirceála íochta i gContae Loch Garman chun críche i Nollaig 2015 nuair a comhcheanglaíodh ceithre chóras ar leith in aon chóras amháin arna bhainistiú i Halla an Chontae. Bainistítear páirceáil íochta i Loch Garman, Inis Córthaidh, Guaire agus Ros Mhic Thriúin ó chóras aonair amháin anois. Tá laghdú tagtha ar líon na ndíoltóirí a raibh baint acu leis an gcóras ó cheithre chinn go ceann amháin, agus mar thoradh air seo, tá feabhsú tagtha ar an tacaíocht, tá laghdú suntasach tagtha ar chostais, agus tá próiseas níos éifeachtúla i bhfeidhm.

Cuireadh aip GeoPal d'fhóin chliste in ionad na ngléasanna boise a bhíodh in úsáid ag na Maoir Pháirceála. D'éascaigh seo eisiúint fógraí fíneálacha priontáilte, agus don chéad uair, táthar in ann grianghraif a thógáil leis an bhfón cliste, rud a thacóidh le forfheidhmiú ina dhiaidh sin. Ligeann an comhchóras fóin chliste + GeoPal seo do na Maoir, dualgais eile a chur i bhfeidhm freisin, mar shampla, cigireachtaí maidir le bruscar, clóis súgartha agus ceantair.

FINANCE, MOTOR TAX, FRANCHISE, FOI, HUMAN RESOURCES AND I.T. STATS



€27.45m de Rátaí Bailithe

Ráta Bailithe 73.99% - Suas 3.44% i gcomparáid le 2014



Bhain 40% de na híocóirí rátaí leas as an Scéim Dreasachta Rátaí

Bhain íocóirí rátaí leas as an lascaine 6% a bhí le fáil ar shuimeanna suas go dtí €300



€758,500 de Mhorgáistí nua

26 iarratas ar mhorgáiste a raibh 8 gcinn acu beagnach i gcrích



115,559 diosca ar líne agus 69,697 ag an gcuntar

Líon na ndioscaí a eisíodh ar líne suas ó 105,492 in 2014 agus líon na ndioscaí a eisíodh ag an gcuntar síos ó 76,744 in 2014



110,046 Vótálaí i dToghcheantar Loch Garman

Figiúr ó Chlár na dToghthóirí 2015



65 Fostaí a ceapadh i bpostanna Buana agus Sealadacha

Rinneadh ós cionn 770 iarratas aonair a phróiseáladh agus a mheasadh do na postanna éagsúla a bhí ar fáil, agus glaoth chun agallamh 580 iarratasóirí



Fuarthas 169 iarratas Saorála Faisnéise, agus cuireadh 161 díobh i gcrích

Iarratais Saorála Faisnéise 2015



Réitíodh 5046 glaoch Deasc Chabhrach

Ceisteanna glaoch Deasc Chabhrach a dhéileáil an fhoireann leo in 2015

Clár Comhardaithe 2015

Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail ar 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015	2014
		€	€
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		841,159,645	789,882,029
Bonneagair		1,768,100,388	1,813,712,652
Pobal		51,567,620	11,714,089
Neamhoibríochtúil		14,914,091	15,313,615
		2,675,741,743	2,630,622,385
Obair idir Lámha (WIP) agus Réamhspeansais	2	86,949,314	85,130,056
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	71,966,968	75,253,054
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	575,378	438,173
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	29,871,524	43,671,070
Infheistíochtaí Bainc		4,522,175	4,849,942
Airgead Tirim sa Bhanc		1,008,397	2,159,446
Airgead Faoi Bhealach		2,750	3,135
		35,980,224	51,121,766
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	28,561,957	43,282,498
Léasanna Airgeadais		162,283	343,634
		28,724,240	43,626,132
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		7,255,984	7,495,634
Creidiúnaithe (Suimeanna níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	130,683,536	137,619,276
Léasanna Airgeadais		—	142,166
Éarlaisí In-aisíoctha	8	4,358,481	4,806,388
Eile		6,901,375	6,065,208
		141,943,392	148,633,038
Glansócmhainní / (Dlíteanais)		2,699,970,617	2,649,868,091
Arna Léiriú sa			
Chuntas Caipitlithe	9	2,675,741,743	2,630,622,385
Ioncam WIP	2	86,852,259	86,018,342
Cúlchiste Ioncaim ar Leith		3,056,073	3,056,073
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		(9,160,548)	(9,873,539)
Iarmhéideanna Eile	10	(56,518,911)	(59,955,172)
Cúlchistí ina nIomláine		2,699,970,616	2,649,868,089

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas 2015

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Iomlán (Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas) don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2015

		Caiteachas Comhlán 2015	Ioncam 2015	Glan- chaiteachas 2015	Glan- chaiteachas 2014
Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	€	€	€	€
Tithíocht agus Tógáil		18,085,467	21,822,344	(3,736,877)	(3,602,621)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre		27,118,431	17,745,174	9,373,257	9,975,096
Seirbhísí Uisce		10,723,689	10,187,437	536,252	(3,518)
Bainistíocht Forbartha		7,823,426	2,023,852	5,799,574	5,722,396
Seirbhísí Comhshaoil		12,577,970	1,201,482	11,376,488	9,531,725
Áineas agus Taitneamhacht		6,955,504	582,217	6,373,287	6,153,364
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas		2,355,642	1,596,800	758,842	1,303,314
Seirbhísí Ilghnéitheacha		11,330,494	4,697,376	6,633,118	6,933,146
Caiteachas/ioncam ina iomláine	15–16	96,970,623	59,856,682		
Glanchoistas na Rannán atá le Maoiniú ó Rátaí Contae agus ón gCiste Rialtais Áitiúil				37,113,941	36,012,902
Ciste Rialtais Áitiúil				11,888,576	11,888,576
Asbhaint atá Bainteach le Pinsin				1,503,343	1,658,940
Rátaí Tráchtála				30,816,100	30,574,072
Barrachas (Easnamh) don Bhliain roimh Shuimeanna Aistrithe				7,094,078	8,108,686
Suimeanna Aistrithe ó/(chuig) na Coimisinéirí Ioncaim	14			(6,381,088)	(7,714,824)
Barrachas/(Easnamh) iomlán don Bhliain				712,990	393,862
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta amhail ar 1 Eanáir				(9,873,539)	(10,267,402)
Cúlchiste Ginearálta amhail ar 31 Nollaig				(9,190,549)	(9,873,540)

[illegible]



Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council

ISSN 2009-2261
ISSN 2009-728x